AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2012

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ
Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:
• áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);

- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail.
- scardadh dramhuisce
- dumpáil mara

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA
- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil - aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL
- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN
- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL
- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL
- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL
- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH
- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA
Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir. Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:
- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHOSAINT COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil EPA 2012

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2012

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Is ceadmhach an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Arna foilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dhearadh ag C&R Print

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bosca Oifig Phoist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Éire

Íomhánna le caoinchead ó fhoireann EPA

Íomhá chumhdaigh - Aillte an Mhothair le Ray Cullinane

ISBN: 978-1-84095-509-5

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil - Príomhstaitisticí maidir leis an mBliain 2012

RINNE EPA BREIS IS

1,200

CIGIREACHT AGUS INIÚCHADH

RINNEADH ANAILÍS AR BHREIS IS

24,000

SAMPLA Ó AIBHNEACHA, Ó LOCHANNA, Ó INBHIR, Ó FHOINSÍ SCREAMHUISCE AGUS Ó LÁITHREÁIN CHEADÚNAITHE

D'ÉIRIGH LE

16+1

IONCHÚISEAMH SA CHÚIRT DÚICHE, CHOMH MAITH LE DÍOTÁIL AMHÁIN ARNA NDÉANAMH AG AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ SAN ARDCHÚIRT

GHLAC LÍON NÍ BA MHÓ NÁ

1,000 BALL FOIRNE Ó

BHREIS IS **50**

GNÍOMHAIREACHT PÁIRT IN *NIECE*, .I. AN LÍONRA NÁISIÚNTA ÉIREANNACH UM CHOMHLÍONADH AGUS UM FHORFHEIDHMIÚ DHLÍ AN CHOMHSHAOIL

€8.76m

LUACH NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAS A RINNE EPA AS CLÁIR THAIGHDE NUA AGUS AS CLÁIR THAIGHDE A BHÍ AR BUN CHEANA

137

CEADÚNAS ARNA N-EISIÚINT I RITH 2012

230

MEASÚNACHT THEICNIÚLA ARNA BPRÓISEÁIL

BeGreen epa

€1.2m

LUACH INFHEISTÍOCHT EPA I GCLÁIR ÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ DE CHUID BEGREEN IN 2012

€16.5m

COIGILTEAS IN 2012 DO GHNÓLACHTAÍ ÉIREANNACHA, DON EARNÁIL PHOIBLÍ AGUS DO THITHE DE THORADH AR *BEGREEN* EPA. SÁBHÁLADH FUINNEAMH AGUS UISCE AGUS COISCEADH DRAMHAÍL CHOMH MAITH

GHLAC

25%

DE NA LEABAÍ UILE IN ÓSTÁIN ÉIREANNACHA PÁIRT SA *CHLÁR FÁILTE GLAISE*

GHLAC

50%

DE NA LEABAÍ GÉARCHÚRAIM NÁISIÚNTA PÁIRT SA *CHLÁR CÚRAM SLÁINTE GLAS*

Táscairí Comhshaoil

Tá sraith de tháscairí lárnacha comhshaoil d'Éirinn curtha i láthair thíos, chomh maith leis an stádas/treocht comhshaoil le haghaidh gach ceann díobh. Féach www.epa.ie/irelandsenvironment/environmentalindicatorsdashboard chun eolas níos sonraí a fháil

Táscairí um Athrú Aeráide	**Stádas/Treocht**
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa – Teorainn Phrótacal Kyoto	😐
Réamh-mheastacháin le haghaidh Gás Ceaptha Teasa go dtí 2020	☹
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa de réir Earnála	😐
Leibhéil Dé-Ocsaíd Charbóin san Atmaisféar	☹

Táscairí Aeir	**Stádas/Treocht**
Cáilíocht an Aeir – Dé-ocsaíd Nítrigine	☺
Cáilíocht an Aeir – Ábhar Cáithníneach	☺
Cáilíocht an Aeir – Ózón ar Leibhéal na Talún	☺
Astaíochtaí Aeir – Ocsaídí Nítrigine	☹

Táscairí Uisce	**Stádas/Treocht**
Cáilíocht Screamhuisce	😐
Cáilíocht Uisce Abhann	😐
Suíomhanna Abhann Ardchaighdeáin	☹
Cáilíocht Uisce Locha	😐
Cáilíocht Uisce Inbhir agus Cósta	😐
Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh	😐

Táscairí Dramhaíola	**Stádas/Treocht**
Aisghabháil agus Diúscairt Dramhaíola Cathrach	😐
Aisghabháil Dramhaíola ó Phacáistiú	☺
Atreorú Dramhaíola In-Bhithmhillte ó Líonadh Talún	😐
Fás Tuartha ar Dhramhaíl Chathrach	☹

Táscairí Dúlra	**Stádas/Treocht**
Daonraí Éan faoin Tuath	☺
Stádas Caomhantais na nGnáthóg Liostaithe	☹
Stádas Caomhantais na Speiceas Liostaithe	😐
Speicis faoi Bhagairt	😐

Táscairí Comhshaoil agus Sláinte	**Stádas/Treocht**
Cáilíocht Uisce Óil	😐
Cáilíocht Uisce Snámha	😐

CLÁR NA NÁBHAR

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra

Bunchuspóir, Fís agus Treoirphrionsabail

Struchtúr Eagraíochtúil EPA

An Coiste Comhairleach

CUID 1

Réamhrá

1. An tAthrú Aeráide a Theorannú agus Dul i dTaithí Air
2. Aer Glan
3. Acmhainní Uisce Cosanta
4. Ithir agus Bithéagsúlacht Chosanta
5. Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní
6. Comhtháthú agus Forfheidhmiú
7. Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt

CUID 2

Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí arna bhFostú in 2012

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Foilseacháin an EPA 2012

CUID 3

Na Ráitis Airgeadais

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Bliain chruógach, dhúshlánach don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ba ea an bhliain 2012 i gcomhthéacs cúlú eacnamaíochta a leanann ar aghaidh, gearrthacha siar san earnáil phoiblí agus acmhainní laghdaithe. D'ainneoin na ndúshlán seo, agus d'ainneoin go raibh ar EPA glacadh le dualgais nua, d'éirigh leis torthaí sóisialta luachmhara a sheachadadh arís, arb iad na torthaí iad a bhfuil sé aitheanta dóibh.

Is é ár ról in EPA an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Is sócmhainn ríthábhachtach ann féin é comhshaol folláin, dea-chosanta agus tá tábhacht nach beag ag baint leis ó thaobh an téarnaimh gheilleagraigh de chomh maith. Tá an t-ádh linn in Éirinn go bhfuil ár gcomhshaol fós faoi dhea-bhail a bheag nó a mhór. Leagadh béim air seo inár dTuarascáil ar Staid an Chomhshaoil, *Comhshaol na hÉireann 2012*, ar tuarascáil í a fhoilsímid gach ceithre mhí. Aibhsíodh i dtuarascáil 2012 chomh maith áfach, cosúil leis an tuarascáil a tháinig roimpi, na dúshláin a mbeidh orainn dul i ngleic leo chun a chinntiú nach ndíghrádófar agus nach n-ídeofar acmhainní nádúrtha na hÉireann sna blianta amach romhainn. Is éigean dúinn a áirithiú go mbeidh téarnamh agus athnuachan gheilleagar na tíre, tráth a dtiocfaidh sé, bunaithe go láidir ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus nach mbeidh fás geilleagrach fite fuaite le brúnna ó thaobh an chomhshaoil de amach anseo.

Is iad seo a leanas roinnt príomhthosaíochtaí ar dhíríomar isteach orthu i gcaitheamh 2012.

Ráiteas Straitéise nua a fhorbairt:

Tar éis comhairliúcháin phoiblí fhorleathain, chuir EPA straitéis chorparáideach trí bliana nua i gcrích in 2012. Chuireamar faoi chaibidil breis is 80 aighneacht a fuarthas ó bhaill den phobal agus ó pháirtithe leasmhara sular tugadh an Plean chun críche. Foilsíodh Plean Straitéiseach 2013 - 2015, *Ag Obair le Daoine Eile ar mhaithe le Comhshaol Níos Fearr*, ag tús 2013 agus is í an cheathrú straitéis fhoirmiúil atá foilsithe ó cuireadh EPA ar bun i 1993. Leagtar síos inti naoi dTosaíocht Straitéiseacha do EPA i ngach ceann dár gcroífheidhmeanna, .i. rialachán comhshaoil, eolas comhshaoil agus abhcóideacht chomhshaoil. Is iad seo a leanas na Tosaíochtaí Straitéiseacha: Uisce Glan, Rialachán Níos Fearr, Dochar don Chomhshaol a Chosc, Faisnéis Inrochtana, Cinnteoireacht Fianaisebhunaithe, Clár Taighde, Ag Obair le Daoine Eile, Athrú Iompraíochta agus Sláinte an Duine.

EPA a chomhcheangal leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII):

Mar chuid de Phlean Athchóirithe Earnála Poiblí an Rialtais, rinne an Rialtas cinneadh i Mí na Samhna 2012 chun EPA a chomhcheangal le RPII. Bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil meitheal oibre in Eanáir 2013 chun comhcheangal RPII le EPA a bhainistiú. Is é cuspóir ardleibhéil na meithle oibre pleanáil a dhéanamh i dtreo an chomhcheangail agus é a bhainistiú go dtí go gcuirfear i gcrích é, rud lenar áiríodh plean gníomhaíochta a bhí le bheith críochnaithe faoi lár 2013 agus ina leagtar síos na céimeanna atá le tógáil chun an comhcheangal a chur i bhfeidhm. Chun na comhlachtaí a chomhcheangal, rinne an tAire cinneadh gur chóir Oifig um Chosaint Raideolaíoch a chur ar bun laistigh de struchtúr EPA. Tar éis an cinneadh seo a chur i ngníomh, beidh cúig oifig ann in EPA a mbeidh Stiúrthóir i gceannas ar gach uile cheann acu. Ina theannta sin, cuirfear Coiste Comhairleach um shaincheisteanna radaíochta ar bun a mbeidh sé mar aidhm aige ionchur saineolaíoch a chur ar fáil laistigh den eagraíocht nua chomhcheangailte. Cé go mbeidh feidhmiú iomlán an phlean ghníomhaíochta faoi réir an reachtaíocht is riachtanach a achtú, tá sé beartaithe go gcuirfear an comhcheangal i gcrích faoi lár na bliana 2014.

An pobal a athspreagadh faoin luach agus faoin tábhacht a bhaineann lenár gcomhshaol:

Gan trácht ar an gcaoi a bhfeabhsaíonn sé cáilíocht na beatha, cabhraíonn an comhshaol le hinfheistíocht isteach agus le turasóirí a mhealladh, le clú ár mbia a fheabhsú, le poist a chruthú agus leis an téarnamh geilleagrach a chur chun cinn. D'fhonn an pobal a athspreagadh faoi thábhacht ár gcomhshaoil, d'eagraigh EPA ceardlanna, comhdhálacha agus léachtaí poiblí ar fud na tíre le linn 2012, mar aon le páirt a ghlacadh in imeachtaí náisiúnta éagsúla, imeachtaí a dtugtar tuilleadh eolas maidir leo sa tuarascáil seo. Thug líon na ndaoine den phobal a d'fhreastail ar léachtaí agus ar sheastáin chomhdhála dár gcuid le fios dúinn go bhfuil daoine níos feasaí ar chúrsaí comhshaoil, agus go bhfuil níos mó suime acu ann, anois ná riamh.

Leanamar de ghníomhaíochtaí ceadúnaithe agus forfheidhmithe a bhainistiú le cur chuige rioscabhunaithe. D'eisíomar 137 ceadúnas i rith 2012; Bhí 39 ceann de na ceadúnais sin ina leasuithe ar cheadúnais a bhí ann cheana chun iad a chur in oiriúint le rialacháin nua an Aontais Eorpaigh. D'eisíomar 74 Chinneadh Bheartaithe i gcaitheamh 2012, rud a thug deis don phobal a dtuairimí a nochtadh maidir leis na ceadúnais seo sula ndeonaítear iad. Rinneamar 230 measúnacht teicniúla eile arna n-iarraidh.

Is minic a dhéanaimid iniúchadh ar láithreáin - m.sh. láithreáin cheadúnaithe amhail saoráidí tionsclaíocha, saoráidí dramhaíola agus ionaid chóireála fuíolluisce de chuid údaráis áitiúla; láithreáin rialaithe amhail ionaid uisce óil de chuid údaráis áitiúla; agus ionaid mhiondíola a dhéileálann i dtrealamh leictreonach. Rinneadh breis is 1,200 iniúchadh i rith 2012 agus reáchtálamar ní ba mhó ná 100 cruinniú comhlíonta le ceadúnaithe. Chomh maith leis an méid sin, thionscnaíomar agus thugamar ar aghaidh 16 imeacht sa Chúirt Dúiche ar éirigh leo. I gcás imeachta eile ar thionscnamh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar díotáil é de dhroim comhaid arna chur le chéile ag EPA, gearradh fíneálacha b'fhiú breis is €1 milliún as núis bolaidh.

Éilíodh ar EPA le reachtaíocht nua a achtaíodh in 2012 Plean Náisiúnta Iniúchta a chur i ngníomh i ndáil le córais cóireála fuíolluisce tí, umair mhúnlaigh san áireamh. Tar éis comhairliúchán poiblí a reáchtáil i dtreo dheireadh 2012, foilsíodh an Plean go luath in 2013. D'fhonn an toradh is fearr agus is féidir a bhaint amach ar mhaithe le sláinte an phobail agus ar leas an chomhshaoil, leagtar amach sa Phlean Náisiúnta feachtas faisnéise don phobal mar aon leis an bpróiseas iniúchta é féin.

Chuir EPA eolas ar fáil do roinnt straitéisí náisiúnta le linn na bliana d'fhonn béim a leagan ar na naisc thábhachtacha atá ag an gcomhshaol leis an ngeilleagar glas, le sláinte an phobail, le táirgeadh bia agus leis an athrú aeráide. I measc na mbeartas náisiúnta ina rabhamar páirteach inár ról abhcóideachta ar son an chomhshaoil bhí: *An Plean Gníomhaíochta do Phoist* agus an ráiteas beartais dar teideal *Ár nAcmhainneacht Ghlas a Sheachadadh*, ar cáipéisí iad a chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálíochta le chéile; Creat Beartas de chuid na Roinne Sláinte dar teideal *Your Health is Your Wealth*; *Athbhreithniú na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialta ar an Athrú Aeráide*; *Straitéis Fhómhar Bia 2020* na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus a lán athbhreithnithe de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil lena n-áirítear na hathbhreithnithe maidir leis na Rialacháin um an nGual Biotúmanach agus maidir leis na Rialacháin Foirgníochta. Aibhsíodh inár n-aighneachtaí cé chomh tábhachtach is a bhíonn comhshaol ar dhea-chaighdeán do shláinte agus d'fholláine an náisiúin agus don téarnamh geilleagrach. I measc na bpríomhtheachtaireachtaí bhí:

- *An geilleagar glas agus cruthú post*: Tacaíonn EPA le poist ghlasa trí chláir éagsúla agus oibríonn sé as láimh a chéile le comhlachtaí Stáit eile chun comhairle agus cúnamh comhtháite a chur ar fáil do ghnóthais áitiúla.

- *Táirgeadh bia*: Chun a léiriú go bhfuil Éire tiomanta d'íomhá 'ghlas' agus 'nádúrtha', ní foláir dúinn gealltanais Eorpacha agus idirnáisiúnta ó thaobh chaighdeán an uisce agus an athraithe aeráide de a chomhlíonadh.
- *An t-athrú aeráide*: Tá géarghá le comhdhearcadh sochaíoch agus beartas chun bearta le dul i ngleic leis an athrú aeráide a chur chun cinn agus tá gá leis an eolaíocht chun eolas a chur ar fáil i dtaca le beartais a fhorbairt. Tá socruithe rialaithe nua ag teastáil freisin.
- *Comhshaol agus sláinte*: Caithfear cosc a chur ar na tosca sin sa chomhshaol a dhéanann dochar don tsláinte d'fhonn dul i ngleic le fadhbanna féideartha sláinte agus buntáiste na teagmhála le comhshaol ar ardchaighdeán a uasmhéadú. Is bunriachtanach atá an taighde ar shláinte chomhshaoil.

Cabhrú le gnóthais agus le heagraíochtaí fás ar bhealach níos inbhuanaithe agus níos éifeachtaí ó thaobh acmhainní de:

Le linn 2012, mhéadaíomar cumhacht agus tionchar chláir éifeachtúlacht acmhainní *BeGreen*. Rinneadh sainaithint ar choigilteas geilleagrach b'fhiú breis is €16.5 milliún in 2012 de thoradh ar chláir amhail *Gnó Glas*, *Fáilte Ghlas*, *Cúram Sláinte Glas* agus a thuilleadh nach iad. Bhain rannpháirtithe an coigilteas seo amach, nó d'fhéadfaidís é a bhaint amach, trí nósanna agus trí iompraíochtaí indéanta atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de a chur i bhfeidhm, rud a chuireann in iúl go ndéanann iompar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mhaitheas don tsochaí.

Chuir EPA tús le mórthionscadal úr darb ainm *Feirmeoireacht níos Cliste* in 2012 i gcomhar le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, le Teagasc, le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leis an mBord Bia agus le páirtithe eile. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo an clár éifeachtúlacht acmhainní a chur i bhfeidhm in earnáil na feirmeoireachta chomh maith. Ina theannta sin, chuir EPA €300,000 ar fáil do ghnóthais mar chúnamh deontais tríd *an gClár um Tháirgeadh níos Glaine, níos Glaise* d'fhonn tacú le taighde ar réitigh teicneolaíochta níos glaine agus lena bhforbairt.

Moltaí an chomhlachta athbhreithnithe neamhspleách a chur i ngníomh:

Aibhsíodh in Athbhreithniú neamhspleách a rinneadh ar EPA in 2011 an tionchar dearfach atá imeartha ag an nGníomhaireacht ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann. Moladh san Athbhreithniú roinnt bearta tosaíochta ar chuireamar i bhfeidhm mar seo a leanas iad:

- *Bunú sainchoiste comhairligh sa bhreis chun plé a dhéanamh leis an nasc idir an comhshaol agus sláinte an duine*: bhunaigh EPA an Coiste Comhairleach Sláinte in 2012 agus chuir siad i bhfeidhm é.
- *Rochtain níos fearr ar fhaisnéis faoin gcomhshaol*: D'fhorbair EPA www.epa.ie/irelandsenvironment,

suíomh Idirlín tiomnaithe a ghabhann leis an tuarascáil *Comhshaol na hÉireann 2012: Measúnacht*
- *Léarscáiliú sonraí maidir le caighdeán an aeir a fheabhsú*: D'fhorbair EPA Innéacs Chaighdeán an Aeir don tSláinte agus seoladh in 2013 é, 'an Bhliain Eorpach um an Aer'.
- *Leanúint d'fhaisnéis forfheidhmithe a chur ar fáil ar an Idirlíon agus obair i dtreo níos mó faisnéise a chur ar fáil de réir a chéile*: ó 2012, tá na sonraí monatóireachta stairiúla uile ó 2000 i leith le fáil ar shuíomh Idirlín EPA. Foilsíonn an Ghníomhaireacht gach iniúchadh a dhéantar ar sholáthair phoiblí uisce óil ar líne agus oibríonn sí as láimh a chéile le húdaráis áitiúla d'fhonn a chinntiú go bhfoilsíonn siadsan na sonraí monatóireachta is déanaí, mar aon le sonraí maidir le haon sárú cáilíochta a thit amach, ar a suíomhanna Idirlín féin.

Leanúint de cheist Láithreán Líonta Talún Bhaile Chairdif a réiteach:

Tar éis dóiteáin ag Láithreán Líonta Talún Bhaile Chairdif gar don Nás go luath in 2011, chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil de chúram ar EPA athshlánú an láithreáin. Rinneamar an-dul chun cinn leis an tionscadal seo in 2012. Thugamar faoi chlár druileála chun tréithriú an láithreáin a chur chun cinn agus d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar na cineálacha agus ar an méid dramhaíola a bhí ar an láithreán. Agus an t-imscrúdú láithreáin faoi lánseol, lean EPA ag rialú na láisteáite agus na mboladh ag an láithreán d'fhonn iarmhairtí ar an gcomhshaol mórthimpeall a íoslaghdú.

Tar éis an t-imscrúdú láithreáin a chur i gcrích, forbróidh EPA tuarascáil chuimsitheach ar roghanna ina leagfar amach an treochlár don athshlánú. Leanfar den idirghníomhú leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe leasmhara eile ar feadh an phróisis.

Leas a bhaint as an teicneolaíocht chun seachadadh thorthaí EPA a fheabhsú tuilleadh:

Tar éis athbhreithniú nach beag a dhéanamh, tá forbartha ag EPA córais nuálacha le héifeachtúlachtaí a fheabhsú i ngach ceann dár bpróisis ceadúnaithe, forfheidhmithe agus monatóireachta. Ina measc in 2012 bhí ríomhthairseach do cheadúnais a chuireann ar chumas EPA agus 500 ceadúnaí teagmháil a dhéanamh lena chéile go leictreonach; córas ceadúnaithe nua do dhoirteadh fuíolluisce; córas déanta iarratais nua le haghaidh ceadúnais stairiúla do láithreáin líonta talún a bheidh ina chúis leis an am a thógann eisiúint ceadúnais dá leithéid a laghdú mar aon le córas tuairiscithe gearán agus aighneachtaí don phobal ag www.epa.ie. Is iad na córais nua seo is cúis le héifeachtúlachtaí feabhsaithe agus le hinrochtain níos fearr ar shonraí ar fud EPA. Cumasófar gnéithe breise le linn 2013 chun cur ar chumas an phobail rochtain ar shonraí comhshaoil.

Conclúid

D'imigh ár gcomhghleacaí uasal Micheál Mac Cárthaigh ar shlí na fírinne in Aibreán 2012. Sula ndeachaigh sé i mbun oibre in EPA tráth a bhunaithe i 1993, bhí sé ag obair sa réimse monatóireachta ar an gcomhshaol san Fhoras Forbartha. Is mór an chailliúint é, go háirithe inár n-oifig i mBaile Átha Cliath, agus dá chuid comhghleacaithe uile in Oifig Measúnaithe Comhshaoil EPA.

I ndiaidh do roinnt príomhbhaill foirne bailiú leo i gcaitheamh 2010 agus 2011, chuaigh naonúr eile ar scor le linn 2012 tar éis dóibh breis is 200 bliain de sheirbhís phoiblí a thabhairt ar an iomlán. Is mian liom buíochas a ghabháil le Ken Macken, le Gerry Byrne, le Therese Doherty, le Aideen Joyce, le Martin Kerr, le Kathleen Maguire, le Christy Murray, le Gerard Hussey agus le Michael Stapleton, gach uile dhuine acu a chuaigh ar scor in 2012.

Ba mhór agam fáilte a chur roimh Gerard O'Leary chuig Bord EPA in 2012. Cheap an Rialtas Gerard mar stiúrthóir de chuid EPA agus ghlac sé leis an bpost mar Stiúrthóir Oifig Forfheidhmiú Dhlí an Chomhshaoil in Aibreán. D'athcheap an Rialtas Dara Lynott do théarma 5 bliana eile in 2012. Is é Dara Stiúrthóir na hOifige Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáid Acmhainní agus fónann sé mar Leas-Ardstiúrthóir na Gníomhaireachta chomh maith.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne uile de chuid EPA agus leis na Stiúrthóirí eile as ucht a gcuid tacaíochta agus tiomantais i gcaitheamh na bliana agus as ucht an mhéid a dhéanann siad ar mhaithe leis an gcomhshaol a chosaint. Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gcúigiú Coiste Comhairleach de chuid EPA chomh maith, ar choiste é ar tugadh a théarma 3 bliana chun críche in Eanáir 2013, as ucht an eolais a chuir siad ar fáil dár Plean Straitéiseach nua go háirithe.

Mar fhocal scoir, táim ag tnúth go mór le cur leis an dea-chlú atá ar EPA cheana sa bhliain 2013. Tá muinín agam go fóill go mbeimid in ann na gealltanais a thugtar inár bPlean Straitéiseach nua a chomhlíonadh agus ár bpáirt a ghlacadh i dtacú le téarnamh geilleagrach inbhuanaithe, agus an comhshaol a chosaint ag an am céanna, ar chuntar go gcoinneoimid ár mbunchuspóir i gcuimhne.



Laura Burke
Ard-Stiúrthóir EPA

BUNCHUSPÓIR, FÍS AGUS TREOIRPHRIONSABAIL

ÁR MBUNCHUSPÓIR:

An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann.

ÁR BHFÍS

Comhshaol glan, folláin, dea-chosanta a thacaíonn le sochaí agus le geilleagar inbhuanaithe.

ÁR DTREOIRPHRIONSABAIL

- Guth neamhspleách, údarásach ar son an chomhshaoil is ea muid.
- Bíonn ár gcinntí bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta agus ar an eolas is fearr dá bhfuil ar fáil.
- Rialaímid ar bhealach cóir, comhréireach, follasach agus déanaimid bearta cinntitheacha i gcoinne na ndaoine a dhéanann neamhaird de na rialacháin.
- Oibrímid as láimh a chéile le páirtithe eile chun líonraí agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú d'fhonn tacú lenár mbunchuspóir.
- Léirímid meas, cúirtéis agus dínit do dhaoine.
- Fáiltímid roimh athruithe, roimh nuálaíochtaí, roimh athoiriúnuithe agus roimh bhealaí nua le hobair a dhéanamh.
- Táimid tiomanta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanúnach, agus don tsármhaitheas a chur chun cinn i ngach a ndéanaimid.



STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL EPA



BORD STIÚRTHÓIRÍ EPA

Clé go deas: Dara Lynott, an Leas-Ardstiúrthóir, Stiúrthóir, an Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáid Acmhainní. Gerard O'Leary, Stiúrthóir, Oifig Forfheidhmiú Dhlí an Chomhshaoil. Matthew Crowe, Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha. Micheál O Cinnéide, Stiúrthóir, an Oifig Measúnaithe Comhshaoil. Laura Burke, an tArd-Stiúrthóir.

COISTE COMHAIRLEACH

Tugann Coiste Comhairleach ar a bhfuil dáréag comhaltaí cúnamh do EPA, ar coiste é a thagann le chéile chun ábhair bhuartha a phlé agus a chuireann comhairle ar an mBord. Tá Ard-Stiúrthóir EPA ina comhalta den choiste de bhrí oifige agus déanann sí cathaoirleacht ar an gCoiste. Maireann téarma oifige an Choiste trí bliana. Cheap an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tUas. John Gormley, T.D., an cúigiú Coiste Comhairleach de chuid EPA ar an 21 Eanáir 2010. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste:

Cathaoirleach: Laura Burke	*(de bhrí oifige)*
An tUas. Brian Buckley	*(arna ainmniú ag Comhlachais Tráchtála Éireann)*
An tUas. Brendan Dunford	*(arna ainmniú ag an gComhairle Oidhreachta)*
An Dr. Shirley Gallagher	*(arna hainmniú ag Cumann Eolaíochtaí Comhshaoil na hÉireann)*
An tOll. Margaret O'Mahony	*(arna hainmniú ag Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus ag Acadamh Ríoga na hÉireann)*
An tOll. John Sweeney	*(arna ainmniú ag OÉ Má Nuad)*
Iníon Éanna Uí Lamhna	*(arna hainmniú ag Líonra Comhshaoil na hÉireann)*
An Clr. Brian Meaney	*(arna ainmniú ag Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann)*
An tUas. Vincent Cleary	*(Stiúrthóir Bainistíochta Glenisk Organic Ireland)*
An tUas. David Ball	*(Hidrigeolaí)*
An Dr. Elizabeth Cullen	*(comhbhunaitheoir Chumann Comhshaoil na nDochtúirí Éireannacha agus comhalta dá choiste)*
An Dr. Evelyn Moorkens	*(Sainchomhairleoir Éiceolaíochta)*

CUID 1

RÉAMHRÁ

Do chéad fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) 2012. Tugtar sa tuarascáil seo achoimre ar phríomhghníomhaíochtaí EPA agus ar thorthaí a bhain an eagraíocht amach i gcaitheamh na bliana 2012.

Déanann na ceithre phríomhoifig de chuid EPA plé le saothar EPA:

Is téarmaí tagartha forleathana atá ag an Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáid Acmhainní, a chuimsíonn ceadúnú mórshaoráidí tionsclaíocha agus dramhaíola agus doirteadh fuíolluisce ag an Aonad Ceadúnaithe. Tá an tAonad um an Athrú Aeráide freagrach as astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn a rialáil agus a thuairisciú agus as taighde ar an athrú aeráide a chomhordú. Tá an tAonad um Úsáid Acmhainní freagrach as úsáid inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn tríd an gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola a chur i ngníomh, tríd an Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl a fhoilsiú, tríd an bPlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí a chur ar aghaidh agus trí réimse leathan de rialacháin freagracht táirgeora a fhorfheidhmiú. Tá an Oifig freagrach freisin as mórshaoráidí stórála peitril a cheadú, as cead a dheonú i leith orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus as an gclár náisiúnta taighde ar an gcomhshaol a chomhordú.

Tá Oifig Forfheidhmiú Dhlí an Chomhshaoil tiomanta do reachtaíocht a bhaineann leis an gcomhshaol a chur i ngníomh agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Tá freagracht dhíreach ar an Oifig seo as ceadúnais arna n-eisiúint ag EPA i ndáil le gníomhaíochtaí dramhaíola, tionsclaíocha nó eile a fhorfheidhmiú, m.sh. ionaid chóireála fuíolluisce de chuid údaráis áitiúla. Is í an rialtóir caighdeáin i leith uisce óil agus fuíolluisce uirbeach agus leanfaidh an Oifig de ghníomhú sa ról seo go dtí go n-aistreofar chuig Uisce Éirinn in 2014 é. Déanann an Oifig maoirseacht ar ghníomhaíochtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúil trí iniúchadh a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus ar an treoir a chuireann siad ar fáil, agus trí oibriú i gcomhar leo trí NEICE (an Líonra um Chomhlíonadh agus um Fhorfheidhmiú Dhlí an Chomhshaoil in Éirinn). Leathnaíodh an obair mhaoirseachta seo le déanaí chun iniúchtaí ar umair mhúnlaigh arna ndéanamh ag údaráis áitiúla a chur san áireamh.

Is í an Oifig Measúnaithe Comhshaoil a chomhordaíonn agus a dhéanann monatóireacht chomhthimpeallach ar an aer agus ar an uisce, lena n-áirítear monatóireacht cheimiceach, bhitheolaíoch agus hidriméadrach ar lochanna, ar abhainneacha agus ar inbhir agus monatóireacht cháilíochtúil agus chainníochtúil ar an screamhuisce. Tacaíonn sí le feidhmeanna ceadúnaithe agus forfheidhmithe EPA trí mhonatóireacht a dhéanamh ar astúcháin agus trí sheirbhísí éagsúla saotharlannbhunaithe. Cuireann sí ar fáil d'údaráis áitiúla chomh maith cúnamh samplála agus saotharlainne. Tá an Oifig freagrach as réimse feidhmeanna, ina measc: uirlisí monatóireachta a fhorbairt agus a úsáid amhail na Córais Faisnéise Geografaí (CFG); tuairiscí rialta a chur ar fáil maidir le caighdeán an chomhshaoil agus tuarascálacha 'ar staid an chomhshaoil' agus tuarascálacha táscairí a fhoilsiú ar bhonn tréimhsiúil. Ina dteannta sin, is í an Oifig an t-údarás inniúil náisiúnta i dtaca leis an Treoir um Aer Glan don Eoraip (AGDE) a chur i bhfeidhm. Feidhmíonn Oifig EPA mar an Lárionad Náisiúnta don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, agus is é an t-údarás í don Treoir um Measúnacht Straitéiseach ar an gComhshaol.

Cinntíonn an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha, i measc rudaí eile, go ndéanann EPA a chuid gníomhaíochtaí gnó ar bhealach éifeachtúil atá ar aon dul leis an dea-chleachtas gnó agus go ndéanann sé cumarsáid lena chuid páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne go héifeachtach. Tá an Oifig freagrach as seirbhísí Airgeadais, Cumarsáide, Rialachais Chorparáidigh, Teicneolaíocht Faisnéise, Acmhainní Daonna, agus as seirbhísí Oiliúna agus Eagraíochtúla.

Tá tuilleadh eolais maidir le gníomhaíochtaí le ceadúnais, le foilseacháin agus le nuachtlitreacha de chuid EPA le fáil ar shuíomh Idirlín EPA ag www.epa.ie.

1. AN TATHRÚ AERÁIDE A THEORANNÚ AGUS DUL I DTAITHÍ AIR

TRÁDÁIL IN ASTAÍOCHTAÍ

Thug Astaíochtaí Deimhnithe Gás Ceaptha Teasa don bhliain 2011 i ndáil leis na monarchana atá páirteach i Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí le fios gur laghdaigh na hastaíochtaí 9% go dtí 15.77 tona mhéadracha de CO_2. Léiríonn an laghdú seo ar na hastaíochtaí an tionchar atá imeartha ag an gcúlú eacnamaíochta ar an éileamh ar an bhfuinneamh agus ar an stroighin, mar aon leis an méadú atá tagtha ar mhéid an fhuinnimh ghaoithe a mbíonn fáil air ar an ngreille.

In 2012, bhí 99 monarcha de chuid Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí fós ar oscailt ach is íseal a bhí an leibhéal gníomhaíochta i roinnt cásanna, rud a léireofar sna hastaíochtaí deimhnithe don bhliain féilire.

Bhí Éire i lánoiriúint leis an Scéim i ndáil le Trádáil Astaíochtaí arís agus ghéill na páirtithe uile a raibh ceadanna gás ceaptha teasa ina seilbh na codanna riachtanacha de na liúntais faoin 30 Aibreán de réir a n-astaíochtaí deimhnithe.

D'ardaigh Coimisiún AE roinnt ceisteanna beaga le linn an chéad leath den bhliain 2012 maidir leis na sonraí a cuireadh faoina bhráid thar ceann oibreoirí Éireannacha a bhíonn i dteideal leithdháileadh in aisce faoi Chéim III, ar a dtugtar na Bearta Náisiúnta Feidhmithe nó BNFanna. Ní raibh gá le haon cheann de na réamh-leithdháiltí arna gcur in iúl ag EPA a léasú de dhroim na gceisteanna seo. Is réamh-leithdháiltí iad na leithdháiltí mar gheall ar go bhfuil seans go mbeidís faoi réir fachtóir ceartaithe trasearnála a mbíonn feidhm aige ar fud an Aontais Eorpaigh. Chuir an Coimisiún moill ar fhoilsiú an fhachtóra cheartaithe thrasearnála go dtí 2013 de dheasca nach raibh cíoradh déanta aige ar na liostaí BNF uile a fuarthas ó na Ballstáit.

Is i Mí an Mhárta 2012 a thuairiscigh oibreoirí eitlíochta na hastaíochtaí bhliantúla a bhain leis an mbliain féilire 2011. Ní raibh d'oibleagáid orthu aon chuid dá liúntais a ghéilleadh. Níor thuairiscigh ach 97 oibreoir eitleán figiúirí i ndáil leis an mbliain 2011 cé gur mheas EUROCONTROL go raibh 159 oibreoir gníomhach. Thug na hastaíochtaí tuairiscithe míniú ar thart ar 96% de na hastaíochtaí uile faoin Scéim ar thuairiscigh oibreoirí gníomhacha de chuid na hÉireann iad. Bhí leibhéil ní b'airde neamhchomhlíonta ann i mballstáit eile den Aontas Eorpach de bharr nár chomhoibrigh mór-aerlínte i dtíortha ar nós na Síne agus na hIndia leis an scéim.

I dtreo comhaontú idirnáisiúnta um laghdú astaíochtaí eitlíochta a spreagadh, mhol Coimisiún AE leasú ar an

Treoir um an Scéim i ndáil le Trádáil Astaíochtaí a chuirfeadh ar chumas oibreoirí eitlíochta eitiltí dá gcuid lasmuigh den Eoraip a mhaolú ón scéim. Mar gheall ar go mbeadh Uachtaránacht na hÉireann ar AE freagrach as an moladh a idirbheartú tríd an bpróiseas comhchinnidh, thosaigh EPA ag cur cúnamh teicniúil ar fáil don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca leis an moladh ag deireadh 2012 mar ullmhú don Uachtaránacht.

Cuireadh clárlann an Aontais Eorpaigh i ngníomh in 2012, rud a cuireadh in ionad na gclárlann ar leith a bhí á reáchtáil ag ballstáit roimhe sin. Is é an córas nua seo a chuirfidh ar fáil an t-infreastruchtúr a bheidh ag teastáil ar Chéim 3 de Chóras AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí agus déanann sé soláthar do chóras clárúcháin éifeachtúil a fheabhsóidh an méid slándála do na húsáideoirí uile.

CRUINNITHE CHREAT-CHOINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE MAIDIR LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE

Agus muid i mbéal Uachtaránacht na hÉireann ar AE, ghlac saineolaithe de chuid EPA páirt mhéadaithe i gComhdháil Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i nDoha, Catar. D'oibrigh EPA as láimh a chéile le foireann Uachtaránacht na Cipire agus thacaigh sé le hidirbheartaíochtaí AE i réimsí amhail eolaíocht, taighde, meicníochtaí margaidh, tuairisciú agus airgeadas aeráide.

FARDAIL ASTAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA

Tugadh an fardal náisiúnta don bhliain 2010 chun críche agus foilsíodh réamhfhardal don bhliain 2011 i Mí Dheireadh Fómhair.

I gcás 2011, meastar gurbh ionann na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar an iomlán agus 57.5 milliún tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (Mt CO_2eq), figiúr atá faoi bhun (6% nó 3.98 Mt CO_2eq) na n-astaíochtaí in 2010.

RÉAMH-MHEASTACHÁIN AR ASTAÍOCHTAÍ

Léiríonn réamh-mheastacháin EPA maidir leis an tréimhse go dtí 2020 go bhféadfaidh Éire a cuid oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh. Meastar go mbeidh na hastaíochtaí ar an iomlán idir 5 agus 8 mt CO_2eq os cionn sprioc AE don bhliain 2020.

Meastar go méadóidh astaíochtaí ón earnáil talmhaíochta 12% faoi 2020 (i gcomparáid leis na leibhéil in 2011), rud a léiríonn an tionchar a imreoidh Fómhar Bia 2020 agus scor de chuótaí bainne AE ar na hastaíochtaí. Ní gnách próifíl na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn i gcomhthéacs na hEorpa mar gheall ar gurb í Éire an tír ina dtagann an chuid is mó astaíochtaí ón earnáil talmhaíochta i measc bhallstáit AE-27.

Cé go dtugann réamh-mheastacháin arna bhfoilsiú in Aibreán 2012 le fios go sáróidh Éire an teorainn a leagtar síos di i bPrótacal Kyoto faoi 4.1–5.1 Mt de CO_2eq, tugann na figiúirí is úire arna bhfoilsiú go luath in 2013 le fios go bhfuil na réamh-mheastacháin laghdaithe i dtreo na sprice d'Éirinn. Agus astaíochtaí Éireann á meas i ndáil le Prótacal Kyoto, cuirtear san áireamh iarmhairtí slogaidí foraoise de réir mar a dhéantar foráil dóibh faoi Alt 3.3. Ciallaíonn ceannacháin arna ndéanamh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta thar ceann an Rialtais cheana, chomh maith leis an Scéim i ndáil le Trádáil Astaíochtaí, go gcomhlíonfaidh Éire a gcuid oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto gan ghá le haon cheannachán eile a dhéanamh de réir na réamh-mheastachán is úire arna bhfoilsiú in 2013.

San fhadtréimhse go dtí an bhliain 2020, cuirfidh an seasamh faoi leith atá ag Éirinn san Aontas Eorpach, .i. an cion náisiúnta is airde d'astaíochtaí talmhaíochta, dúshláin faoin tír seo i leith sprioc AE ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa de don bhliain 2020 a chomhlíonadh. Tugann na réamh-mheastacháin is déanaí le tuiscint go dtosóidh Éire ag sárú sprioc bhliantúil AE 2020 ón mbliain 2015 ar aghaidh fiú sa chás is fearr. Ina theannta sin, meastar go dtiocfaidh fás láidir ar astaíochtaí iompair amach anseo, rud a imreoidh tionchar nach beag ar an treocht in astaíochtaí i dtreo na bliana 2020.

Leanfaidh EPA de na réamh-mheastacháin i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a nuashonrú agus a bheachtú chun forbairtí socheacnamaíocha, teicniúla agus beartais a chur san áireamh, chun príomhthoimhdí a leasú chun dáta agus chun sonraí agus samhlacha níos fearr a chur san áireamh de réir mar a thiocfaidh siad chun solais.

EOLAÍOCHT AERÁID AN AEIR

Rinneadh dul chun cinn i gcaitheamh 2012 ar leibhéal na Náisiún Aontaithe maidir leis an dara ceangaltas de Phrótacal Kyoto a mbeidh feidhm aige sa tréimhse 2013-2020. Ba é an dul chun cinn seo ba chúis le hobair a spreagadh i dtreo comhaontú idirnáisiúnta nua um laghdú gás ceaptha teasa a fhorbairt, rud a thiocfaidh i bhfeidhm in 2020. Beidh gá le díriú isteach ar an bhfadhb go fuinniúil agus bearta a dhéanamh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun laghdú ar gháis cheaptha teasa a bhaint amach roimh 2020 más rud é go mbeidh an comhaontú nua éifeachtach i leith na sprice comhpháirtí a bhaint amach, .i. ardú na teochta domhanda a choinneáil faoi bhun 2 chéim Celsius i dtéarmaí na dteochtaí roimh theacht ré na tionsclaíochta.

D'óstáil Éire cruinniú tábhachtach den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide a raibh sé mar aidhm

aige obair a chur chun cinn ar threoirlínte eolaíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhogaigh a thuairisciú agus a chur san áireamh. Tá ceathrar saineolaithe atá bunaithe in Éirinn ag glacadh páirt i gcur le chéile na tuarascála, ar tuarascáil í a bheidh ag teastáil i dtaca le tuairisciú le linn an dara tréimhse tuairiscithe Phrótacal Kyoto. Tá saineolaithe eile arb as Éirinn dóibh ag cur le chéile na dtreoirlínte athbhreithnithe maidir le saincheisteanna eile úsáide talún agus foraoiseachta. Foilseofar an dá thuarascáil i gcaitheamh 2013.

Le linn 2012:

- Ní i ngan fhios a bhí EPA páirteach i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta a bhain le taighde agus le heolaíocht ar an aer agus ar an aeráid, lenar áiríodh infreastruchtúr breathnaithe a fhorbairt agus taighde tras-Eorpach a chomhordú.
- Ghlac EPA páirt i saothar Ghrúpaí Saineolaithe AE um an Eolaíocht agus um an Airgeadas i dtaobh an athraithe aeráide.
- D'oibrigh EPA mar chuid den toscaireacht Éireannach ag cruinnithe de na Náisiúin Aontaithe a bhain leis an Athrú Aeráide agus rinne sé ionadaíocht do AE sa phróiseas idirbheartaíochta.
- Lean EPA ar aghaidh ag obair as láimh a chéile le páirtithe eile chun saothar an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) a threorú agus a fhorbairt amach anseo, lenar áiríodh ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag cruinnithe iomlánacha agus tráchtanna a dhéanamh ar thuarascálacha de chuid IPCC.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

Cuireadh thart ar €2.45 milliún de mhaoiniú ar fáil do chláir thaighde nua agus do chláir thaighde a bhí ar bun cheana a bhain leis an athrú aeráide. Bhí an maoiniú seo dírithe ar thionscadail ardtosaíochta maidir le hastaíochtaí agus le slogaidí gás ceaptha teasa, lenar áiríodh obair chun dul i ngleic le saincheisteanna a eascraíonn as an ardanailísiú ar úsáid talún, ar ceisteanna iad a bhfuil tábhacht shuntasach ag baint leo in Éirinn.

Cuireadh maoiniú ar fáil do 12 thionscadal nua in 2012 a bhain le réimsí amhail samhaltú forbartha fardal, próisis ithreach is cúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, cíoradh a dhéanamh ar an deis chun ceapadh carbóin a chur ar bun i dtailte portaigh díghrádaithe, measúnú ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i ndáil le Córais Rabhaidh d'Imeachtaí Foircneacha, moltaí agus comhairle maidir le bearta pleanála le glacadh leo, measúnú ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i dtaca leis an athrú aeráide a mhaolú agus a oiriúnú de thoradh ar thaighde atá á dhéanamh in Éirinn agus ar naisc leis an nGeilleagar Glas.

Tugadh roinnt tionscadail taighde chun críche i gcaitheamh 2012 agus foilseofar tuarascálacha maidir leis na tionscadail in 2013, lena n-áireofar:

Staid Aeráid na hÉireann, 2012
Foilsíodh tuarascáil dheiridh Ned Dwyer, ionadaí don Ionad Taighde Chósta agus Mhara, COC. Léargas cuimsitheach is ea an tuarascáil seo ar chórais breathnaithe aeráide in Éirinn, agus tugtar inti eolas maidir le staid na gcóras náisiúnta atmaisféarach, aigéanach agus talún.
Sa tuarascáil:
- Athdhearbhaítear go bhfuil athrú aeráide gan fasach ag titim amach in Éirinn faoi láthair
- Tugtar faoi deara go bhfuil iarmhairtí astaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa feicthe i réimse leathan éiceachóras
- Moltar gur chóir d'Éirinn tuilleadh airgid a chur ar fáil do chórais breathnaithe d'fhonn leanúnachas sonraí agus anailís thráthúil ar thoscairí athraithe aeráide a chinntiú, chomh maith le haird mar is cuí a thabhairt ar na dúshláin faoi leith a bhféadfadh na toscairí sin bheith ina gcúis leo i gcás na hÉireann.

Samhail Córais Fuinnimh TIMES
Tugadh tionscadal samhaltaithe fuinnimh TIMES chun críche in 2012. Rinneadh an taighde ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh faoi stiúir Brian O'Gallachóir. Mar chuid den tionscadal seo, rinneadh cásanna éagsúla a shamhaltú suas go dtí 2050 i ndáil le spriocanna uaillmhianacha maolaithe a bhaint amach san earnáil fuinnimh. Ba é seo an chéad taighde in Éirinn a rinne anailís ar roghanna maolaithe suas go dtí 2050. Rinneadh tagairt don saothar seo i dtuarascálacha eatraimh agus deiridh rúnaireacht na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialta 'Éire agus Dúshlán an Athraithe Aeráide; "Cé mhéad" a nascadh le "Cén chaoi"' (an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, 2012).

Oiriúnú don Athrú Aeráide in Earnáil Uisce na hÉireann
Thuairiscigh an tAonad Éireannach um Anailísiú agus um Thaighde ar an Athrú Aeráide ag OÉ Maigh Nuad, faoi stiúir Conor Murphy, ar thionscadal a raibh sé mar aidhm aige uirlisí a fhorbairt i dtaca le hanailís agus le cinnteoireacht a dhéanamh i ndáil le riachtanais pleanála agus oiriúnaithe a bhaineann le dúshláin ó thaobh an tsoláthair uisce de in Éirinn a eascraíonn de thoradh ar an Athrú Aeráide. I measc na bpríomhthorthaí bhí:

- An gá le feasacht a fheabhsú ar an gcaoi a mbeidh na tosca aeráide agus neamhaeráide a imríonn tionchar ar an soláthar uisce agus ar an éileamh ar uisce ag éirí níos neamhchinnte amach anseo, agus an gá le pleanáil dóibh
- Dá mhéad an t-eolas a chuirtear ar fáil don chinnteoireacht trí anailís a dhéanamh ar leochaileacht agus ar rioscaí seachas trí anailís shimplí a dhéanamh ar iarmhairtí is ea is fearr é
- Moltar go dtabharfaí faoi thaighde breise chun dul i ngleic leis an easpa cinnteachta atá ann i dtaobh córais screamhuisce a shamhaltú.

CUMARSÁID AGUS TEAGMHÁIL LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Cuirtear ar fáil ar na leathanaigh Gréasáin a bhaineann leis an athrú aeráide ar shuíomh Gréasáin EPA na torthaí taighde is úire ó thionscadail arna maoiniú ag EPA; eolas cothrom le dáta faoi idirbheartaíochtaí idirnáisiúnta maidir leis an aeráid; naisc chuig eagraíochtaí eile, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, a dhéanann plé leis an athrú aeráide, mar aon le naisc chuig uirlisí ríofa carbóin le húsáid phearsanta agus ghnó; agus freagraí ar cheisteanna coitianta faoin athrú aeráide. Caith súil ar: www.epa.ie/climate

D'óstáil EPA cruinniú de phríomhúdair an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) i Mí Iúil 2012 ag a ndearnadh Treoir IPCC d'Fhardail Astaíochtaí, Forlíonadh 2013 maidir le Bogaigh, a dhréachtú. Tugadh le chéile ag an imeacht seo thart ar 100 saineolaí a raibh de chúram orthu treoir thábhachtach nua a chur ar fáil i dtaobh meastachán a thabhairt ar na leibhéil de gháis cheaptha teasa a bhíonn i gceist le bogaigh a bhainistiú. Léirigh EPA an tacaíocht láidir a thugann Éire do phróisis IPCC mar gheall ar gur thacaigh sé le hóstáil an imeachta áirithe seo ar an gcéad dul síos agus toisc gur chuir sé maoiniú ar fáil do cheathrar eolaithe Éireannacha a bhí páirteach i bhfoireann na bpríomhúdar ar an dara dul síos. Cuireann EPA tacaíocht ar fáil freisin do bheirt saineolaithe chun cur ar a gcumas páirt a ghlacadh i ndréachtú Threoir IPCC d'Fhardail Astaíochtaí, Forlíonadh 2013 maidir le Prótacal Kyoto.

I Mí na Samhna 2012, chomhóstáil EPA mórsheimineár dar theideal 'Éire in 2050: Todhchaí Ísealcharbóin' i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta. Thug an t-imeacht oifigigh beartais de chuid AE agus na hÉireann le chéile le taighdeoirí Éireannacha agus Eorpacha agus le hionadaithe don earnáil ghnó chun plé a dhéanamh ar na huaillmhianta inbhuanaithe, neodracha ó thaobh gás ceaptha teasa de, atá acu do gheilleagar na hÉireann. Thángthas ar choincheap na neodrachta gás ceaptha teasa faoi 2050 ag an gcruinniú seo, rud a raibh tionchar aige ar thuarascáil dheiridh rúnaireacht na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialta maidir le beartas aeráide na hÉireann.

Rinneadh dul chun cinn le hArdán Faisnéis Aeráide d'Éirinn a fhorbairt, faoi stiúir Jeremy Gault (an tIonad Taighde Chósta agus Mhara, COC), a bhfuil sé mar aidhm aige rochtain a chur ar fáil ar fhaisnéis agus ar eolas geospásúil ó fhoinsí éagsúla d'fhonn cur ar chumas na hÉireann pleanáil don athrú aeráide agus dul i dtaithí air i dtéarmaí na n-iarmhairtí sóisialta, eacnamúla agus comhshaoil a mbeidh sé ina chúis leo.

Chuir EPA eolas agus anailís ar fáil freisin a úsáideadh sa Chreat Náisiúnta um Dhul i dTaithí ar an Athrú Aeráide arna fhoilsiú i Mí na Nollag 2012.

Reáchtáladh léacht amháin in 2012 mar chuid de shraith léachtaí poiblí EPA maidir leis an athrú aeráide. Bhí faoi chaibidil ag an léacht seo forbairtí agus úsáidí féideartha an chianbhraith trí chórais satailíte chun breathnú ar an domhan. Bhí sé ar siúl i gcomhthráth le heisiúint tuarascáil taighde de chuid EPA ar dheiseanna d'Éirinn sa réimse seo. Leanfar den tsraith seo in 2013.

2. AER GLAN

CAIGHDEÁN AN AEIR

Cuireadh in iúl sa tuarascáil *Caighdeán an Aeir in Éirinn in 2011 – Príomhtháscairí Chaighdeáin an Aeir Chomhthimpeallaigh* go bhfuil Éire ar cheann de na tíortha is fearr san Eoraip ó thaobh chaighdeán an aeir de agus go raibh sé in oiriúint le gach rialachán AE. De dheasca tráchta áfach, tá leibhéil na dé-ocsaíde nítrigine agus an ábhair cháithnínigh (PM_{10}) fós ina n-údar imní i lár cathracha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus tá seans ann go mbeidh hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (HIAanna) ina bhfadhb amach anseo. Eascraítear HIAanna de dhroim dó breosla sholadaigh bhaile agus astaíochtaí sceite ó fheithiclí den chuid is mó. Éilítear ar Éirinn le reachtaíocht AE risíocht le mínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) a laghdú faoi 10% idir 2012 agus 2020.

I mbailte beaga, is ardaithe atá tiúchan an ábhair cháithnínigh de bharr úsáid breoslaí soladacha agus cuireann sé seo isteach ar chaighdeán an aeir sna limistéir ina gceadaítear an gual biotúmanach go háirithe. Rinneadh an cosc ar an ngual biotúmanach a neartú tuilleadh le rialacháin nua a tugadh isteach in 2010 faoinar cuireadh cosc ar dhó (mar aon le díol) guail dá leithéid sna limistéir sonraithe. Méadaíodh roinnt mhaith de na limistéir ina raibh feidhm ag an gcosc cheana agus cuireadh an cosc i bhfeidhm i seacht mbaile sa bhreis den chéad uair - na Clocha Liatha, Leitir Ceanainn, an Muileann gCearr, an Uaimh, an Droichead Nua, Port Laoise agus Baile Chill Mhantáin.

Léirítear sa ghraf anseo thíos (Fíor 1) na treochtaí i dtiúchan ábhair cháithnínigh (PM_{10}) idir 2002 agus 2011.

AN LÍONRA MONATÓIREACHTA AR CHAIGHDEÁN AN AEIR CHOMHTHIMPEALLAIGH

I measc na láithreán monatóireachta nua a cuireadh ar bun in 2012 bhí Cathair Chill Chainnigh; Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath; agus an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí. Léirítear i bhFíor 2 na suíomhanna monatóireachta in 2012.

AN LÍONRA MONATÓIREACHTA TRASTEORANN AR CHAIGHDEÁN AN AEIR

Is páirtí í Éire sa **Choinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin**[1] (CLRTAP). Comhlacht faoi scáth CLRTAP is ea **an Clár Eorpach um Fhaireachán agus Measúnú** (EMEP) agus éilítear ar pháirtithe monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an aeir laistigh dá ndlínsí.

[1] An Coinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin
http://www.unece.org/env/lrtap/lrtap_h1.html



Figiúr 1: Treocht i dtiúchan ábhair cháithnínigh (PM_{10}) in 2012

Figiúr 2: Láithreáin Mhonatóireachta ar Chaighdeán an Aeir in 2012



Is trína chlár taighde a bhunaigh EPA láithreáin mhonatóireachta thrasteorann faoi EMEP in 2004 agus in 2005. I measc na láithreán nua bhí Cionn Mhálanna, Co. Dhún na nGall; Páirc na Darach, Co. Cheatharlach; agus Ceann an Chairn, Co. Loch Garman. Feidhmítear na láithreán i gcomhar le Met Éireann agus le Teagasc. Déantar anailís cheimiceach ar shamplaí ó scagairí agus ar shamplaí frasaíochta ó na láithreáin uile i saotharlann Mhet Éireann ar bhonn seachtainiúil. Tá na láithreáin ina gcuid de líonra náisiúnta láithreán monatóireachta a fheidhmítear i gcomhar le heagraíochtaí eile amhail Met Éireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Teagasc. Fíor 3 Stáisiúin Mhonatóireachta ar Chaighdeán an Aeir in Éirinn Ullmhaíodh dréacht-tuarascáil ar anailís ar shonraí a fuarthas tríd an líonra trasteorann in 2012 agus cuirfear i gcrích in 2013 í. In 2009, cuireadh líonra monatóireachta ar gháis cheaptha teasa ar bun in aice leis an infreastruchtúr EMEP ag na láithreáin seo a leanas:

- Cionn Mhálanna - Dún na nGall
- Ceann Mhása - Gaillimh
- Ceann an Chairn - Loch Garman

Tá an líonra gás ceaptha teasa ina chuid de thionscadal an Chórais Chomhtháite Bhreathnaithe Carbóin[2] (ICOS) arna mhaoiniú ag Chreatchlár 7 (FP7). Tá Éire ina ball de ICOS, agus glacann Met Éireann agus Teagasc ról ann chomh maith. Tá Teagasc páirteach i roinnt láithreáin flosca éiceachórais a bhainistiú. Léirítear i bhFíor 4 na láithreáin mhonatóireachta ICOS ar fud na hEorpa.

AN TREOIR UM UASTEORAINNEACHA NÁISIÚNTA ASTAÍOCHTAÍ

Éilítear ar Éirinn leis an Treoir um Uasteorainneacha Náisiúnta Astaíochtaí teorainn a chur le hastaíochtaí de cheithre thruailleán aeir trasteorann faoi 2010 agus gach bliain dá éis sin. Léiríonn na figiúirí deiridh i ndáil leis an mbliain 2010 agus figiúirí sealadacha i ndáil le 2011 go raibh astaíochtaí de thrí cinn de na truailleáin seo (dé-ocsaíd sulfair, comhdhúile orgánacha so-ghalaithe agus amóinia) faoi bhun na n-uasteorainneacha forordaithe. Bhí astaíochtaí den cheathrú truailleán, .i. ocsaíd nítrigine, os cionn na huasteorann in 2010 ámh. Is í an earnáil iompair príomhfhoinse na n-astaíochtaí d'ocsaíd nítrigine (NOx) agus bhí sí ina cúis le 55% d'astaíochtaí d'ocsaíd nítrigine in 2011.

[2] An Córas Comhtháite Breathnaithe Carbóin http://www.icos-infrastructure.eu/

AN TREOIR UM THORANN COMHSHAOIL

Lean EPA ar aghaidh mar an Údarás Náisiúnta ainmnithe faoi na Rialacháin um Thorann Comhshaoil. I measc na ndualgas atá air sa ról seo tá comhordú an Ghrúpa Stiúrtha um Thorann agus an Ghrúpa Oibre Theicniúil um Thorann, ar a bhfuil ionadaithe do gach ceann de na príomhchomhlachtaí mapála torainn, do EPA agus don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. (Is éard atá i gceist le comhlachtaí mapála torainn na comhlachtaí arna n-ainmniú sna Rialacháin um Thorann Comhshaoil a bhfuil de dhualgas orthu mapaí straitéiseacha torainn a ullmhú i dtaobh gníomhaíochtaí éagsúla, go háirithe an t-iompar. I measc na gcomhlachtaí seo tá Údaráis Áitiúla, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród, Iarnród Éireann agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath.) Tháinig na grúpaí seo le chéile ceithre huaire le linn 2012 chun dul chun cinn a mheas agus tabhairt faoi aon cheist theicniúil a bhí tagtha chun solais. Chuir EPA comhairle ar chomhlachtaí mapála torainn ar leith ar bhonn duine le duine chomh maith.

Rinneadh athbhreithniú ar an treoir maidir le mapáil torainn freisin, go háirithe i dtaca leis an modheolaíocht a úsáidtear chun teacht ar na staitisticí neamhchosanta daonra. Rinneadh é seo d'fhonn a chinntiú go n-úsáideann na comhlachtaí mapála torainn uile cur chuige comhsheasmhach i leith anailís a dhéanamh ar a gcuid torthaí. Forbraíodh pacáistí tuairiscithe ar leith do gach ceann de na comhlachtaí mapála torainn chomh maith i ndáil le tuairiscí modheolaíochta, sonraí neamhchosanta daonra, agus sonraí spásúla a bhailiú ar bhealach a d'eascódh leathnú an phróisis agus tuairisciú don Choimisiún Eorpach ar bhonn náisiúnta amach anseo. Chuir EPA an fhaisnéis mapála torainn faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Mí na Nollag, de réir mar is riachtanach.

Chun lámh chúnta a thabhairt d'Údaráis Áitiúla a bPleananna Gníomhaíochta Torainn a chur le chéile, d'eagraigh EPA ceardlann oiliúna do na hÚdaráis Áitiúla uile i Mí na Samhna.

FORFHEIDHMIÚ AN DLÍ MAIDIR LE TRUAILLIÚ AN AEIR

Cuireann Foireann EPA um Fhorfheidhmiú an Dlí maidir le Truailliú an Aeir saineolas teicniúil ar fáil chun tacú le saothar na gcigirí forfheidhmithe réigiúnacha agus iad ag forfheidhmiú an dlí i ndáil le gníomhaíochtaí a n-eisíonn EPA ceadúnais ina leith i gcásanna ina bhféadfadh na hastaíochtaí aeir bheith suntasach. Ina theannta sin, tá ról maoirseachta ag an bhfoireann ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe a dhéanann Údaráis Áitiúla i ndáil le hastaíochtaí atmaisféir.

Figiúr 3: Láithreáin Mhonatóireachta Trasteorann ar Chaighdeán An Aeir (EMEP) 2013

Figiúr 4: Líonraí Monatóireachta ICOS (Foinse: http://www.icos-infrastructure.eu/)



Líonra atmaisféarach Líonra éicéachórais Líonra muirí

In 2012, chuir an fhoireann forfheidhmiú earnáilbhunaithe chun cinn i gcás earnáil an 'aeir', .i. láithreáin a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí amhail táirgeadh earraí cógaisíochta agus ceimiceán, giniúint leictreachais, cumhdach tuaslagóirí, priontáil, loscadh, táirgeadh stroighne agus déantús cumhdach (.i. péint). D'éirigh go maith leis an gcur chuige seo i leith plé a dhéanamh le ceisteanna trasearnála (seachas plé a dhéanamh le ceisteanna nach raibh bainteach ach le haon láithreán amháin) agus tá sé beachtaithe agus forbartha tuilleadh ó shin don bhliain 2013.

I measc na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe eile in 2012 bhí:

- Tionscadal chun feabhas a chur ar bheachtas na sonraí monatóireachta ar astaíochtaí aeir a chuireann ceadúnaithe ar láimh do EPA;
- Clár cuimsitheach monatóireachta neamhspleáiche ar astaíochtaí de dhroim gníomhaíochtaí ceadúnaithe, rud a bhí freagrach as sainaithin a dhéanamh ar 38 sárú ar uasteorainneacha astaíochtaí ag 27 láithreán cheadúnaithe (as 620 tástáil ar an iomlán). Tá Oifig Forfheidhmiú Dhlí an Chomhshaoil ag fiosrú na sáruithe seo agus déanfar beart forfheidhmiúcháin más gá.
- Iniúchtaí aerdhírithe a dhéanamh ar láithreáin cheadúnaithe;
- Oibriú as láimh a chéile leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun rialacháin leasaithe a fhorbairt i dtaca le hastaíochtaí den chomhdhúil sho-ghalaithe orgánach (VOC) ó ghníomhaíochtaí mionscála áirithe (m.sh. siopa péinteáilte carranna agus glantóirí tirime) a rialú agus rialacháin leasaithe a fhorbairt i ndáil le húsáid breoslaí soladacha i gcórais téamh tí a rialú.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

Foilsíodh tuarascáil, *Leibhéil Ózóin, Athruithe agus Treochtaí thar Éirinn: Anailís Chomhtháthaithe*, arna bunú ar obair a rinne OÉ Gaillimh de thoradh ar mhaoiniú a fuarthas ó EPA. Rinne foireann an tionscadail anailís ar thiúchan ózóin thar Éirinn, lenar áiríodh athruithe séasúracha, treochtaí agus athruithe i leibhéil ózóin ag 9 stáisiún, thar tréimhse idir 8 mbliana agus 20 bliain. Ba iad seo a leanas na príomhthorthaí:

- Tugann sonraí maidir le hózón ar leibhéal na talún le fios gur laghdaigh na leibhéil ag na láithreáin uile seachas ag Réadlann Dhairbhre agus ag Ceann Mhása.
- Léiríonn spriocleibhéil ózóin ar leibhéal na talún agus sáruithe ar spriocanna fadtéarmacha ózóin go raibh treocht nialasach anuas i luachanna buaice a chuireann isteach ar shláinte an duine agus ar fhásra.

D'fhoilsigh COC tráchtas dochtúireachta chomh maith dar teideal *Simulation Chamber Studies of the Atmospheric Degradation of Naphthalene, 1-Nitronaphthalene & Phthaldialdehyde*, bunaithe ar thaighde ar an réimse seo arna mhaoiniú ag EPA. Cuireadh faoi chaibidil sa taighde seo an príomhthruailleán aeir 'naftailéin' (mar aon le dhá tháirge fóta-ocsaídiúcháin) agus baineadh de thátal as gur foinse mhór fhéideartha d'aerasól orgánach tánaisteach í i limistéir uirbeacha agus gur chóir í a chur le samhlacha atmaisféaracha.

I measc an taighde a leanann ar aghaidh i dtaca le haer glan a bhaint amach, tá tionscadal atá á stiúradh ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tá siad ag déanamh monatóireachta allamuigh ag ceithre ionad d'fhonn eolas a chur ar fáil maidir leis an nasc idir úsáid breosla agus caighdeán an aeir chomhthimpeallaigh. Soláthrófar do lucht déanta beartas tuarascáil mhionsonraithe ina gcuirfear beartas ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta san áireamh agus ina mbeidh conclúidí agus moltaí.

Tá Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i mbun taighde go fóill ar astaíochtaí ó mhonarchana dó mionscála a úsáideann réimse de bhreoslaí, lena n-áirítear adhmad, gual agus móin. Cuirfidh torthaí an taighde seo eolas ar fáil don aonad um chaighdeáin an aeir chomhthimpeallaigh, chomh maith le feabhas a chur ar bheachtas na sonraí a ullmhaíonn EPA d'fhardail náisiúnta na n-astaíochtaí ó earnálacha éagsúla go bliantúil.

Tá na tuarascálacha deiridh á gcur le chéile anois ar dhá thionscadal atá á ndéanamh ag Ollscoil Trent i gCeanada. Athbhreathnaíonn an chéad tionscadal ar thaighde a rinne cheana i lár na nóchaidí ar an tionchar a imríonn caighdeán trasteorann an aeir ar lochanna sléibhe atá íogair d'aigéad. Tá na torthaí tosaigh ag tabhairt le tuiscint go bhfuil feabhas tagtha ar chaighdeán an uisce sna lochanna de thoradh ar chomhaontuithe idirnáisiúnta um astaíochtaí ó fhoinsí áirithe a laghdú, ar chaighdeáin feabhsaithe breoslaí, ar thuilleadh monatóireachta agus ar thionscnamh eile dá leithéid, srl. Tá ualaí criticiúla truailleán d'Éirinn á n-athrú chun dáta mar chuid den tionscadal eile, go háirithe na hualaí criticiúla nítrigine a bhféadann éiceachórais éagsúla glacadh leo sula ndéantar dochar dóibh.

Fuarthas an tuarascáil dheiridh ó COC maidir leis an gcur chuige nua i leith monatóireacht a dhéanamh ar bhithaerasóil. Bhí i gceist leis an taighde leas a bhaint as teicneolaíocht nuálach monatóireachta, a ceapadh ar dtús chun bithghuaiseacha a bhrath, chun monatóireacht allamuigh a dhéanamh ar bhithaerasóil i bhfíoram a bheag nó a mhór.

D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí torthaí an taighde seo chun críche dlí an chomhshaoil a fhorfheidhmiú i gcás láithreáin líonta talún, láithreáin déanta múirín agus feidhmeanna eile.

I gcaitheamh 2012, bronnadh maoiniú ar Choláiste na Tríonóide le haghaidh comhaltacht taighde 2 bhliain chun samhail tuartha um chaighdeán an aeir a fhorbairt d'Éirinn ar na leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta i ndáil leis na truailleáin a leagtar síos i dTreoir CAFE, NOx, PM10, PM2.5 agus O3 go rí-áirithe. Cuirfear tús leis an saothar seo ag tús 2013 agus tabharfar faoi i gcomhar le Clár Náisiúnta EPA um Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh.

Cuireadh maoiniú ar fáil chomh maith do dhá scoláireacht dochtúireachta a bhaineann leis an gcomhshaol uirbeach agus le caighdeán laistigh. Bronnadh dhá dheontas comhaltacht taighde ionas go leanfar de staidéar an atmaisféir ag Stáisiún Ceann Mhása, Co. na Gaillimhe.

TIONSCNAIMH CUMARSÁIDE AGUS SEIRBHÍSE DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá eolas fíorama faoi chaighdeán an aeir, a dhéantar a nuashonrú gach uair, le fáil ar shuíomh Idirlín EPA ag www.epa.ie. Rinneadh an córas seo a fheabhsú in 2012 agus tá le fáil anois sonraí ó na monatóirí leantacha uile atá ina gcuid den líonra náisiúnta.

D'fhoilsigh EPA tuarascáil ar leibhéil dé-ocsainí i gcomhshaol na hÉireann (arna bunú ar shuirbhé a rinneadh in 2012) ina léirítear go raibh na leibhéil sna samplaí uile a ndearnadh iniúchadh orthu faoi bhun na dteorainneacha bainteacha Eorpacha. Cuirtear in iúl sa tuarascáil chomh maith go raibh na leibhéil dé-ocsainí a breacadh síos sa suirbhé seo chomh maith céanna leo siúd a breacadh síos i suirbhéanna cosúla in AE agus i dtíortha eile.

3. ACMHAINNÍ UISCE COSANTA

AN CHREAT-TREOIR UISCE (WFD)

Ina measc na hoibre a rinneadh in 2012 bhí:

- Bhí 12 bhabhta de shampláil fhisiciceimiceach ar uisce dromchla ina gcúis le hanailís a dhéanamh ar 3024 sampla ó abhainneacha agus ó lochanna. Bailíodh 4 bhabhta de shamplaí uisce dromchla ó 280 tobar agus foinse.

- Bhí 4 bhabhta de shampláil fhisiciceimiceach ar dhobharlaigh idirchriosacha agus uisce cósta ina gcúis le hanailís a dhéanamh ar 2200 sampla.

- Cuireadh i gcrích staidéar arna eagrú ag STRIVE ar éiceachórais talún a bhraitheann ar an screamhuisce, rud a leagann amach cur chuige i leith a leithéid d'éiceachórais a rangú don dara timthriall pleanála de WFD.

- Leanadh de chomhchalabrú modhanna éiceolaíochta ar leibhéal AE in 2012 agus chuir EPA méid suntasach eolais ar fáil i dtaca leis. Tá an obair seo á déanamh i dtreo seasamh nua AE maidir leis an gComhchalabrú a thabhairt chun críche, rud atá le foilsiú in 2013.

- Baintear feidhm as measúnachtaí éiceolaíochta chun stádas WFD a shannadh d'uiscí dromchla le tuairisciú don Eoraip a éascú agus le cur le Pleananna Bainistíochta Abhantrach. Cabhraíonn a leithéid de mheasúnachtaí le cláir beart a leagan amach a dhíreoidh isteach ar an stádas éiceolaíochta a fheabhsú nó a chosaint. Le linn 2012, rinne eolaithe de chuid EPA measúnachtaí éiceolaíochta ag:
  - 976 láithreán abhann ar 447 abhainn
  - 64 loch, a chuimsigh 2792 láithreán samplála
  - 102 dobharlach idirchriosacha (inbhir) agus dobharlach uisce cósta, a chuimsigh breis is 600 láithreán samplála.

In 2012, lean EPA ag cur an Tionscadail Rialachán um Chuspóirí Comhshaoil (EO) i bhfeidhm. Rinneadh breis is 80 athbhreithniú ar cheadúnais IPPC agus ar cheadúnais dramhaíola in 2012 chun iad a chur in oiriúint le Rialacháin AE um Chuspóirí Comhshaoil (Uiscí Dromchla), 2009 agus le Rialacháin AE um Chuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2010. Eisíodh 55 chinneadh bheartaithe agus 39 gceadúnas deiridh le linn 2012. Ina theannta sin, rinneadh plé le 300 leasú theicniúla, líon as ar eisíodh thart ar 160 go luath in 2013.

AN CLÁR HIDRIMÉADRACHTA

Tar éis fhoilsiú an athbhreithnithe ar Chlár Hidriméadrachta EPA, fuair gach bainisteoir contae cóip den tuarascáil agus tá cláir athbhreithnithe hidriméadrachta comhaontaithe leis an gcuid is mó de na húdaráis áitiúla faoin am seo. Rinne EPA agus Oifig na nOibreacha Poiblí measúnú ar stráicí aibhneacha a bhí seans ann a raibh stáisiúin hidriméadrachta dhúblacha acu agus, de thoradh air sin, dúnadh roinnt de na stáisiúin. Rinneadh 90 stáisiún a raibh cumas teiliméadrachta acu cheana a nuashonrú ionas gur féidir tairseacha uisceleibhéil a shocrú chun tomhais sreafa dhírithe a éascú.

UISCE ÓIL

Bhí forfheidhmiú an dlí maidir leis an uisce óil ar cheann de thosaíochtaí EPA arís in 2012, lenar áiríodh fócas ar líon na bPleananna Sábháilteacht Uisce (WSPanna) arna gcur le chéile ag Údaráis Seirbhísí Uisce (WSAanna) a mhéadú.

Rinne EPA dul chun cinn suntasach i leith glacadh le Pleananna Sábháilteacht Uisce i ndáil le soláthair uisce óil a chur ar aghaidh. Tá EPA tar éis an cur chuige (neamhreachtúil) seo atá bunaithe ar dhea-chleachtas a spreagadh trí uirlis chaighdeánaithe a fhorbairt lena húsáid ag Údaráis Seirbhísí Uisce.

Chun cabhrú leis an obair seo, cuireadh Líonra-Ghrúpa um Fhorfheidhmiú Pleananna Sábháilteacht Uisce ar bhun faoi Líonra NIECE. Tá páirteach sa ghrúpa seo 8 WSA (a sholáthraíonn uisce óil do na lárionaid daonra is mó in Éirinn), EPA agus is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe a dhéanann cathaoirleacht air. Tugann an Grúpa Oibre cúnamh do na hÚdaráis an uirlis WSP a úsáid agus éascaíonn an chomhairle a chuireann sé ar fáil malartú faisnéise agus taithí idir na WSAanna i ndáil le WSPanna a chur i bhfeidhm. Cuireann sé ar chumas na n-údarás chomh maith aiseolas a thabhairt do EPA maidir le feidhmiú praiticiúil WSPanna. Faoi dheireadh 2012, bhí 3 Phlean Sábháilteacht Uisce i bhfeidhm agus bhí 45 plean eile á n-ullmhú.

D'fhoilsigh EPA an Tuarascáil ar Uisce Óil don bhliain 2011. Léirigh na sonraí sa tuarascáil cé go bhfuil na soláthair phoiblí ag feabhsú go fóill, tá tobair phríobháideacha ina n-údar imní atá ag dul i méid. Léiríodh sa tuarascáil go raibh feabhas tagtha ar na soláthair uisce phoiblí a fhreastalaíonn ar bhreis is 80% den daonra bliain i ndiaidh bliana ó chuir EPA Liosta Gníomhaíochta Deisiúcháin le chéile ceithre bliana ó shin. Bhí 339 soláthar uisce phoiblí a raibh obair dheisiúcháin ag teastáil uatha ar an liosta ag an tráth sin in 2008, ní raibh ach 183 fágtha ar an liosta ag deireadh 2012. Bhí sé beartaithe chomh maith go ndéanfaí obair dheisiúcháin ar na soláthair sin.
Drochaimsir ba chúis le méadú faoi dhó ar fhógraí uisce óil i Mí Iúil agus Mí Mheán Fómhair i gcomparáid leis na míonna céanna in 2011. Bhí leibhéil ardaithe de *E. coli* agus de thríhalaimeatáin i gceist leis an gcuid ba mhó de na cásanna seo agus rinneadh iniúchtaí frithghníomhacha dá bhrí sin.

Léiríonn figiúirí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur mhéadaigh líon na n-ionfhabhtuithe E. coli véaraicíteatocsaigineacha a cuireadh in iúl in Éirinn faoi dhó sa chéad leath den bhliain 2012 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2011. Ghlac EPA páirt i ngrúpa ilghníomhaireachtaí a raibh sé mar aidhm aige cíoradh a dhéanamh ar bhearta chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo mar aon le cúnamh a thabhairt do cheann de na húdaráis áitiúla iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar príobháideach ag ar tharla ráig den VTEC.

Cuireadh deireadh le sriantaí ar sholáthair uisce óil do thart ar 45,00 duine i gcaitheamh 2012.

Cuireadh in iúl torthaí an tionscadail tríhalaimeatáin do na hÚdaráis Seirbhísí Uisce bhainteacha, rud a chur ar a gcumas bearta measúnaithe, coiscthe agus laghdaithe rioscaí a phleanáil.

D'fhreastail baill foirne de chuid Údarás Áitiúil ar oiliúint faoi dhífhabhtú uisce óil, agus ghlac siad páirt i gcúrsaí oiliúna faoi Phleananna Sábháilteacht agus faoi Lámhleabhar na Rialachán Uisce Óil.

Seoladh Córas Fógartha ar Líne um Uisce Óil ag deireadh Mhí Mí Mheán Fómhair. Beidh sé seo ina chúis le héifeachtúlacht an phróisis seo a fheabhsú d'údaráis áitiúla agus do EPA araon.

FUÍOLLUISCE

Fuíolluisce Cathrach

Rinneadh 200 iniúchadh ar Cheadúnais Doirte Fuíolluisce (WWDL) in 2012. Eisíodh imlitir chuig gach bainisteoir contae chun iad a chur ar an eolas faoi thorthaí na n-iniúchtaí. Aibhsíodh na torthaí freisin ag dhá cheardlann a reáchtáladh do bhaill foirne údarás áitiúil agus ag an gComhdháil maidir leis na hÍoschritéir Mholta d'Iniúchtaí Comhshaoil (RMCEI) a reáchtáladh do na húdaráis áitiúla uile.

Bhain EPA feidhm as sonraí a fuarthas de dhroim monatóireacht a dhéanamh ar fhuíolluisce chun trí thuarascáil a fhoilsiú inar tugadh eolas mionsonraithe

faoi stádas Ionaid Cóireála Fuíolluisce idir 2008 agus 2011. Léirigh na sonraí i dtaca leis an mbliain 2011 go raibh 64% d'ionaid thánaisteacha cóireála fuíolluisce in oiriúint leis na caighdeáin i ndáil le heisiltigh. Ní raibh cóireáil thánaisteach i bhfeidhm i 106 limistéar uirbeacha, 37 limistéar san áireamh nach raibh aon chóireáil ná aon réamhchóireáil i bhfeidhm iontu. Chuir na sonraí maidir le teagmhais ar láithreáin cheadúnaithe sa bhliain 2012 in iúl gur bhain beagnach 40% de na teagmhais le bainistíocht an ionaid, rud a thugann le fios gur chóir díriú isteach ar fheabhas a chur ar oibríocht agus ar chothabháil ionaid cóireála amach anseo.

Drochaimsir i Mí an Mheithimh agus i Mí Iúil ba chúis le méadú ar líon na dteagmhas a tuairiscíodh sna hionaid cóireála fuíolluisce agus dúnadh tránna i roinnt cásanna dá bhrí sin.

Fuíolluisce Tí

Foilsíodh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 i Mí Feabhra chun doirteadh fuíolluisce a rialú ó gach teach nach bhfuil ceangailte le líonra poiblí na séarach. Is suntasach an ról a bhí ag EPA faoin reachtaíocht nua seo le linn 2012. Mar chuid den ról seo, bhí ar EPA Plean Náisiúnta Iniúchóireachta a fhorbairt arna bhunú ar chur chuige rioscabhunaithe a thug tús áite do na limistéir siúd ina raibh sláinte an duine agus cáilíocht an uisce i bhfíorbhaol. Beidh ról maoirseachta ag EPA i ndáil le húdaráis áitiúla tar éis don chóras iniúchta teacht i bhfeidhm.

Bhí tuarascáil dar theideal 'Modheolaíocht Rioscabhunaithe chun Cabhrú le Córais Cóireála Fuíolluisce Tí a Rialú' ina bunús eolaíochta d'iniúchtaí a riar.

D'fhoilsigh EPA "Ceisteanna Coitianta", treoir agus beochan ar a shuíomh Idirlín chun tacú leis an reachtaíocht agus leis an bpróiseas rannpháirtíochta poiblí i ndáil le hiniúchtaí.

D'eagraigh EPA i Siompóisiam Idirnáisiúnta maidir le Córais Cóireála agus Diúscartha Fuíolluisce i gColáiste na Tríonóide agus d'fhreastail 210 toscaire air.

SCREAMHUISCE

Leanadh de leagan amach na gcriosanna soláthair agus cosanta foinsí timpeall ar na pointí monatóireachta ar cháilíocht an screamhuisce agus tá na tuarascálacha bainteacha le fáil ar shuíomhanna Idirlín EPA agus GSI anois. Tá an saothar seo ag cabhrú le sonraí a mheas agus le foinsí a chosaint agus tá sé ina chuid de Phleananna Sábháilteacht Uisce na soláthróirí uisce.

Tá déanta moltaí i gcomhair leasuithe ar theorainneacha na ndobharlach screamhuisce faoin gCreat-Treoir Uisce (WFD) de réir eolas hidrigeolaíoch nua. I bpáirtíocht le tionscadal EPA maidir le talamh fhabhtaithe, tugadh faoi athbhreithniú ar láithreáin fhabhtaithe d'fhonn fáil amach cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh na láithreáin seo bheith ina gcúis le loiceadh cuspóirí comhshaoil WFD a bhaint amach sa chéad timthriall pleanála eile de WFD.

CÁILÍOCHT AN UISCE SNÁMHA

Cuireadh le chéile treoirnótaí maidir le cláir mhonatóireachta, le measúnachtaí próifíle ar uisce snámha agus le cur isteach sonraí i gcaitheamh 2011 chun cabhrú le hÚdaráis Phoiblí na Rialacháin nua um Cháilíocht Uisce Snámha (I.R. Uimh. 79 de 2008) a chur i ngníomh. Ba í an bhliain 2011 céad bhliain na rialachán seo a leag ní ba mhó béime ar shláinte an phobail a chosaint, ar cháilíocht an uisce snámha a bhainistiú ar bhonn onnghníomhach, ar rannpháirtíocht phoiblí a mhéadú agus ar chaighdeáin mhicribhitheolaíochta ní ba dhéine a leagan síos do dhá pharaiméadar úra, .i. an t-eintreacocas stéigeach agus E-coli.

Fuarthas amach de bhua athbhreithniú ar na sonraí a bailíodh faoin uisce snámha in 2011 go raibh 98.5% (133 de na 135 limistéar uisce snámha ainmnithe) in oiriúint le híoschaighdeáin éigeantacha AE, .i. cáilíocht 'Leorga' uisce, i gcomparáid le 97% (as 131 limistéar) in 2010. Chomhlíon 84% (114) de na limistéar na critéir ní ba dhéine a bhaineann le cáilíocht 'Maith' uisce, ar chéatadán é a bhí ní ba lú ná an 90% (as 131 limistéar) a baineadh amach in 2010, ach a bhí ar aon dul le 2009 a bheag nó a mhór. Tugann na sonraí maidir leis an mbliain 2012 le fios nár chomhlíon ach 66.9% (91 as 136) de na limistéar na critéir a bhaineann le cáilíocht 'Maith' uisce, ach ba í an drochaimsir ba chúis leis seo den chuid ba mhó.

Bíonn eolas faoi cháilíocht an uisce snámha le fáil ó thús deiridh an tséasúir snámha ar shuíomh Idirlín 'SPLASH', http://splash.epa.ie. Cuirtear ar fáil ar an suíomh seo eolas fíorama a bheag nó a mhór maidir le cáilíocht an uisce snámha agus le saincheisteanna eile a mbeadh suim ag an bpobal iontu.

BAINISTIÚ SONRAÍ COMHSHAOIL

Rinne an Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil (EDEN) breis is 2,170 uaslódáil de shonraí leictreonacha a phróiseáil a chuimsigh 44,211 sampla uisce ó údaráis áitiúla agus ó eagraíochtaí náisiúnta, EPA ina measc. Tháinig borradh i líon na n-uaslódálacha in 2012 de thoradh ar go raibh gá le tuairisceáin mhonatóireachta ar Fuíolluisce Uirbeach ó phointí doirte ceadúnaithe a chur isteach den chéad uair.

Bathing Water Quality Map of Ireland 2012



TIONSCNAIMH TAIGHDE

Leagann Clár Taighde EPA ar Uisce béim láidir ar bheartais agus tá a chuid oibre treoraithe ag rialacháin náisiúnta agus Eorpacha. Tá tábhacht ar leith ag baint le clár leanúnach taighde ar uisce i leith ról na hÉireann in acmhainní uisce a chosaint agus ina cuid dualgas a chomhlíonadh faoi threoracha de chuid AE agus faoi bheartais náisiúnta a bhaineann leis an uisce.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí a ndéantar taighde orthu faoi Chlár Taighde Uisce EPA:

1. **Ár nEolas a Fheabhsú ar Staid Acmhainní agus Brúnna Uisce:** Is í sprioc an taighde seo an tuiscint atá againn ar phróisis, ar staid reatha ár n-acmhainní uisce agus ar bhrúnna na n-acmhainní uisce sin a chur chun cinn.
2. **Iarmhairtí ar Éiceachórais agus ar Shláinte an Duine:** Tá sé mar aidhm ag taighde ar an réimse seo sainaithint a dhéanamh ar ábhair shalaithe agus ar na tionchair a imríonn siad ar cháilíocht an uisce, ar éiceachórais agus ar shláinte an duine; bunachar faisnéise a chur ar fáil.
3. **Ár nAcmhainní Uisce a Chosaint:** I gcás taighde ar an réimse seo, cuirtear faoi chaibidil bainistíocht inbhuanaithe agus chomhtháite uisce; déantar measúnú ar éifeachtúlacht beart i dtaca le cáilíocht an uisce a chosaint/a athshlánú; déantar cíoradh ar roghanna núíosacha cóireála agus ar an gcothromaíocht inbhuanaithe uisce chomh maith.
4. **An Creat Rialachais agus Gnéithe Socheacnamaíocha:** Baineann an réimse seo le saincheisteanna rialachais amhail rannpháirtíocht phoiblí agus beartais a chur ina luí ar an bpobal; gnéithe socheacnamaíocha amhail na costais a bheadh i gceist mura ndéanfaí beart agus luach na seirbhísí éiceachórais; chomh maith le feabhas a chur ar an mbealach a gcuirtear torthaí taighde san áireamh i mbeartais.

Cuireadh maoiniú ar fáil do naoi dtionscadal nua in 2011 i réimsí amhail an tionchar a imríonn eisiltigh ó umair mhúnlaigh ar an uisce, bealaí nua cóireála a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar ár gcomhshaol uisce (m.sh. screamhuisce agus riancheimiceáin in uisce) agus modh cóireála fuíolluisce atá níos tíosaí ar fhuinneamh. Mar chuid de roinnt de na tionscadail arna maoiniú, cuirfear faoi chaibidil réimsí a bhfuil easpa eolais againn fúthu, amhail staid reatha bhrúnna ár n-acmhainní uisce, agus sa chaoi sin tacaíocht a thabhairt do na gealltanais a thug Éire faoin gCreat-Treoir Uisce agus faoin gCreat-treoir um Straitéis Mhara dea-chaighdeán uisce a bhaint amach.

Foilsíodh sé thuairisc ar an uisce mar chuid de roinnt tionscadal a raibh mar aidhm acu uisce a chosaint, ina measc:

- **Sláinte an duine a fheabhsú trí cháilíocht uisce níos fearr a bhaint amach**

Foilsíodh tuarascáil dheiridh arna bunú ar thaighde a rinne foireann ó OÉ Gaillimh faoi stiúir an Oll. Martin Cormican. Rinne an fhoireann taighde sainaithint:

- Ar an gcaoi a mbaineann an fhadhb idirnáisiúnta atá ag dul i méid i dtaobh baictéar atá frithsheasamh in aghaidh antaibheathach leis an uisce. Léirítear cé chomh forleathan is atá an fhadhb anois agus cuirtear leis an méid fianaise a thugann le fios go bhfuil géarghá le húsáid antaibheathach a laghdú i gcúram sláinte daoine agus ainmhithe.
- Ar an gcaoi a bhféadtar úsáid a bhaint as teicneolaíocht DNA (aigéad dí-ocsairibeanúicléasach) chun teacht ar bhaictéir is cúis le galair in uisce. Léirítear an chaoi a bhféadtar sainaithint a dhéanamh ar fhoinsí éillithe uisce, bídís daoine nó ainmhithe (m.sh. ba nó muca), agus beart ceartaitheach a dhéanamh níos sciobtha dá bhrí sin.
- Ar an gcaoi a bhféadfadh báisteach throm bheith ina cúis le hathrú tobann ar cháilíocht an uisce de dheasca go dtagann éilliúchán baictéar isteach sa screamhuisce ó fhoinsí ar nós feirmeacha agus umair mhúnlaigh.

Cuireadh faoi chaibidil torthaí an taighde seo ar *The Science Squad* ar RTÉ.

- **Measúnacht agus monatóireacht ar thorann aigéin in uiscí Éireann**

Foilsíodh faoin tionscadal taighde seo tuarascáil eatramhach ar an measúnacht agus ar an monatóireacht ar thorann aigéin in uiscí Éireann, ina gcuirtear faoi chaibidil an dá táscaire, rud atá ar cheann de na príomhsheachadtaí i leith Éire a dualgais a chomhlíonadh faoin gCreat-treoir um Straitéis Mhara.

- **Scoilteadh Hiodrálach**

D'fhoilsigh EPA tuarascáil ar réamhstaidéar a rinne Ollscoil Obar Dheathain ar eolas reatha faoi na cúrsaí agus faoi na hiarmhairtí comhshaoil a ghabhann le taiscéalaíocht agus le hastarraingt gás scealla, agus faoi úsáid teicneolaíocht scoilte hiodrálaigh go háirithe. Bainfear úsáid as an eolas a fuarthas de thoradh ar an réamhthionscadal taighde seo chun eolas a chur ar fáil do staidéar níos cuimsithí atá le coimisiúnú ag EPA amach anseo, i gcomhar leis an

Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus le Gníomhaireacht Tuaisceart Éireann Comhshaoil.

D'óstáil EPA roinnt cruinnithe de chuid an Ghrúpa Chomhairligh um Thaighde ar Uisce, ar choiste comhordaithe é a bhfuil príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta air agus a bhfuil mar aidhm aige feasacht a fheabhsú, sineirgí a mhéadú, cumarsáid i measc na ngrúpaí a chuireann maoiniú ar fáil dá leithéid de thaighde a uasmhéadú, agus bloghadh an taighde ar an uisce in Éirinn a laghdú.

Ar leibhéal AE, d'éirigh go maith le foireann taighde EPA nuair a ghlac siad páirt in obair cheannródaíochta de chuid Tionscnamh Cláir Nasctha maidir leis an Uisce in éineacht lena comhghleacaithe Eorpacha.

Mar chuid de ESOF (Fóram Oscailte Euroscience), d'óstáil EPA ceardlann faoi na tosaíochtaí taighde ó thaobh uisce de san Eoraip.

TIONSCNAIMH CUMARSÁIDE AGUS SEIRBHÍSE DO CHUSTAIMÉIRÍ

D'óstáil EPA Imeacht Náisiúnta Uisce 2012 i Mí an Mheithimh. Rinneadh plé le réimse leathan topaicí ag an imeacht, ar ar tugadh 'Facing New Challenges', lenar áiríodh uisce óil, fuíolluisce, Uisce Éirinn, umair mhúnlaigh agus truailliú idirleata.

I gcomhthráth le Comhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta Uisce (IWA) i lár 2012, d'fhoilsigh an fhoireann taighde bróisiúr achoimre ar scóip agus fairsinge na gclár taighde ar tugadh maoiniú dóibh sa tréimhse 2007-2011.

Is í an fhoireann taighde a rinne Bunachar Sonraí Inchuardaithe EPA erc.epa.ie/smartsimple a fhorbairt ina bhfuil an t-eolas ar fad faoi chláir taighde de chuid EPA atá críochnaithe agus atá ar bun faoi láthair.

4. ITHIR AGUS BITHÉAGSÚLACHT CHOSANTA

CUMHDACH TALÚN

In 2011 ag ceardlann náisiúnta do ghníomhaireachtaí san earnáil phoiblí, leagadh béim ar an ngá le sonraí feabhsaithe maidir le cumhdach talún in Éirinn d'fhonn tacú le reachtaíocht a bhí ann cheana agus reachtaíocht amach ansin. Cuireadh grúpa oibre náisiúnta ar bun faoi stiúir EPA chun cur faoi chaibidil na riachtanais ó thaobh beartas de agus na bealaí teicniúla a bhféadfadh léarscáil náisiúnta cumhdach talún a chur i ngníomh. Le linn 2012, rinne EPA neart acmhainní a infheistiú i bhforbairt réitigh theicniúil i dtreo léarscáil mhionsonraithe a chur le chéile. Mar chuid den obair seo, d'éirigh le EPA léarscáil mhionsonraithe phíolótach a tháirgeadh de Chontae Ros Comáin ar scála dáileachtaí talún OSi Prime 2. B'éacht ollmhór é seo agus is ionann é agus cuirfidh sé ar ár gcumas léarscáil náisiúnta a fhorbairt. Bheadh méid suntasach infheistíochta ag teastáil chun tacar sonraí náisiúnta maidir le cumhdach talún a tháirgeadh.

Go dtí seo, tá táirgthe ag EPA don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) táirge ginearálta maidir le cumhdach talún darb ainm CORINE. Bhí leagan leasaithe chun dáta den táirge ag teastáil ó EEA in 2012 agus thosaigh EPA ag táirgeadh CORINE 2012 le modheolaíocht leath-uathoibrithe táirgthe. Is cur chuige nuálaíoch í an mhodheolaíocht leath-uathoibrithe seo don táirgeadh agus ní bheidh an méid céanna ama ná acmhainní ag teastáil chun CORINE a chur le chéile in 2012 ná amach ansin dá bharr sin.

TALAMH ÉILLITHE

I gcaitheamh 2012, thug EPA faoi phróiseas comhairliúcháin i ndáil le Creat um Thalamh agus Screamhuisce Éillithe a Bhainistiú ag saoráidí arna mbainistiú ag EPA. Is í aidhm an phróisis seo plé a dhéanamh le talamh agus le screamhuisce éillithe agus sláinte an duine, dobharlaigh agus an comhshaol i gcoitinne a chosaint dá bhrí sin. Glacfar le cur chuige dea-chleachtais i leith measúnú a dhéanamh ar na láithreáin bhainteacha arna gceadúnú ag EPA agus iad a athshlánú.

Forálacha Airgeadais
Is é ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha atá ag EPA damáiste don chomhshaol a chosc, mar aon leis an gcostas bainteach don cháiníocóir. Cuirfear an tosaíocht seo ar aghaidh trí bhainistiú gníomhach a dhéanamh ar na dliteanais chomhshaoil a eascraíonn

as deireadh a chur le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le truailliú agus trí fhoráil imleor airgeadais a chur ar fáil. Cuireadh i gcrích in 2012 athbhreithniú mionsonraithe ar rialáil dliteanas comhshaoil agus ar na hurrúis airgeadais a ghabhann leis na dliteanais seo i gcás na gceadúnas uile arna n-eisiúint ag EPA. Mar chuid den athbhreithniú rinneadh sainaithint ar láithreáin agus ar cheadúnais tosaíochta a ndíreoidh EPA isteach orthu chun a leithéid d'infheistíochtaí a dhéanamh ó thaobh an athshlánaithe agus an airgeadais de.

TIONSCADAIL ATHSHLÁNAITHE LÁITHREÁN LÍONTA TALÚN BHAILE CHAIRDIF

Rinneamar an-dul chun cinn leis an tionscadal seo i gcaitheamh 2012. Thugamar faoi chlár druileála chun tréithriú an láithreáin a chur chun cinn agus d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar na cineálacha agus ar an méid dramhaíola a bhí ar an láithreán. Agus an t-imscrúdú láithreáin faoi lánseol, leanamar ag rialú na láisteáite agus na mboladh ag an láithreán chun iarmhairtí ar an gcomhshaol mórthimpeall a íoslaghdú. Chomh maith leis an méid sin, d'oibríomar as láimh a chéile leis an bpobal áitiúil agus le hionadaithe don phobal chun páirtithe leasmhara a choinneáil ar an láneolas faoin obair a bhí á déanamh, faoin dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar cheisteanna práinneacha ar nós an bholaidh, agus faoi phleananna amach ansin. Tar éis an t-imscrúdú láithreáin a chur i gcrích, forbróidh EPA tuarascáil chuimsitheach ar roghanna ina leagfar amach an treochlár don athshlánú agus leanfaidh sé ar aghaidh ag coinneáil na bpáirtithe leasmhara ar an eolas ar gach uile chéim den phróiseas.

Bhí na bearta a rinneadh ina gcúis leis na hastaíochtaí bolaidh agus leis na hastaíochtaí láisteáite a choinneáil faoi smacht ó cheann ceann na bliana 2012. Ní bhfuarthas ach sé ghearán le linn 2012 i gcomparáid le 110 in 2011 agus 368 in 2010.

Tugadh mion-imscrúduithe láithreáin a raibh druileáil gheoifisiceach agus tollphoill i gceist leo chun críche in dhá chéim. Anois tá torthaí na n-imscrúduithe sin á n-úsáid chun tuarascáil ar roghanna athshlánaithe a chur le chéile, rud atá le foilsiú i lár 2013.

AN BHITHÉAGSÚLACHT

D'fhoilsigh EPA Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta in 2010 agus rinne siad an plean seo a leasú chun dáta in 2012. Leagtar amach sa phlean bearta ar leith a dhéanfaidh EPA chun a ról i leith chosaint na bithéagsúlachta a chomhlíonadh. Déantar plé sa Phlean le réimse leathan gníomhaíochtaí i réimsí amhail monatóireacht, taighde, measúnú agus tuairisciú, rialachán comhshaoil, an t-athrú aeráide agus bainistíocht agus cumarsáid.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

Ithreacha

Le linn ré an Tíogair Cheiltigh, rinneadh tailte forbraíochta a róchriosú seachas a leithéid de rud a chur in oiriúint le tosaíochtaí agus le cinntí infheistíochta straitéisí. Cuireadh an Tionscadal um an gComhshaol Uirbeach i gcrích in 2012 agus cuireadh i láthair torthaí an taighde thábhachtaigh seo arna dhéanamh ag foireann de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath dá éis sin. Tugtar sa taighde cur síos mionsonraithe ar uirlisí nua tacaithe cinntí i ndáil leis an gcomhshaol uirbeach a bhainistiú, go háirithe mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Is mór an tábhacht a bhaineann le saothar an tionscadail taighde seo i láthair na huaire agus bheadh sé an-úsáideach ar fad don phróiseas athbhreithnithe atá ar bun faoi láthair i ndáil le hathchriosú tailte forbraíochta.

Cineálacha Ithreacha a Léarscáiliú

Leanadh d'obair ar na cineálacha ithreacha a léarscáiliú ar bhonn náisiúnta. Rinneadh dul chun cinn i roinnt mhaith réimsí, lenar áiríodh obair a rinneadh mar chuid de thionscadal atá á mhaoiniú ag EPA: Córas Faisnéise Ithreacha na hÉireann (ISIS). Is í aidhm an tionscadail seo léarscáil 1:250,000 de chineálacha éagsúla ithreacha in Éirinn a fhorbairt chomh maith le córas faisnéise ithreacha le gabháil léi. Treiseoidh na táirgí deiridh freagairt na hÉireann ar bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí ó thaobh reachtaíochta de in idirghníomhaíochtaí cosanta ithreacha agus comhshaol ithreacha. Beidh luach agranamaíoch nach beag ag dul leis na sonraí chomh maith.

Bunachar Sonraí Náisiúnta na nIthreacha

Tá forbartha comhéadan idirghníomhach léarscáil GIS atá bunaithe ar an Ghréasán chun cur ar chumas úsáideoirí breathnú ar na sonraí uile a bailíodh agus na feachtais samplála i ndáil le Bunachar Sonraí Náisiúnta na nIthreacha ar bun (bunachar sonraí bunlíne is ea Bunachar Sonraí Náisiúnta na nIthreacha a chuimsíonn léarscáileanna pointí sonraí agus léarscáileanna dáilte spásúil de mhórchothaithigh, de mhórdhúilí, de riandúilí riachtanacha, de riandúilí is ábhair spéise agus de mhiondúilí). Tá tuilleadh eolais le fáil ag: http://erc.epa.ie/nsdb.

Rinneadh dul chun cinn sa réimse seo le linn 2012, lenar áiríodh obair a rinneadh mar chuid de na tionscadail seo a leanas:

1. Idirghníomhaíochtaí idir hidreolaíocht ithreach, úsáid talún agus an t-athrú aeráide agus an tionchair a imríonn siad ar cháilíocht na hithreach.
2. Tréithriú airíonna fisiceacha ithreacha le tionscadal ageophysics, ar tionscadal é a bhfuil sé mar aidhm aige creat tástála geoifisiceach a fhorbairt lena úsáid ar ithreacha Éireannacha.

Foilseofar an dá tuarascáil seo i gcaitheamh 2013.

An Bhithéagsúlacht

Tugadh dhá thionscadal taighde maidir leis an mbithéagsúlacht chun críche in 2012:

1. D'fhorbair ceann de na tionscadail a raibh ilpháirtnéirí páirteach ann samhail dea-chleachtais a chuireann eolas ar fáil do chleachtóirí, do thacadóirí plean/tionscadail agus d'údaráis toilithe chun riachtanais SEA, EIA agus AA chun caoi sheolta éifeachtach a chur ar chúrsaí bithéagsúlachta.
2. Rinne eolaithe ag Coláiste na hOllscoile agus ag Ollscoil na Banríona spíonadh ar iarmhairtí caillte speicis in éiceachórais idirthaoideacha ar thiúis cothaitheach timpeallach agus breise d'fhonn a fháil amach cé acu a athraíonn nó nach n-athraíonn a leithéid d'iarmhairtí i gcomhthéacsanna éagsúla comhshaoil. Ina theannta sin, cuireadh faoi chaibidil na hiarmhairtí a bhíonn ag sruthanna éalaithe camrais ar bhithéagsúlacht, ar fheidhmiú agus ar chobhsaíocht cladach carraigeach, rud a bhí ina chúis le moltaí i dtreo forálacha feabhsaithe monatóireachta don Chreat-Treoir Uisce.

Tugadh maoiniú do chúig thionscadal bithéagsúlachta, lenar áiríodh trí scoláireacht dochtúireachta agus dhá thionscadal a bhí ag déanamh plé le hinfreastruchtúr glas agus le bogaigh athshlánaithe.

Reáchtáladh comhdháil dheireadh an tionscadail i gcomhair thionscadal SIMBIOSYS arb é staidéar 5 bliana atá faoi stiúir Choláiste na Tríonóide ar na hiarmhairtí a bhíonn ag gníomhaíochtaí earnála ar leith (barra bithfhuinnimh, tírdhreachú bóithre, agus uisceshaothrú) ar an mbithéagsúlacht. Tabharfar an tionscadal seo chun críche in 2013.

Bíonn EPA i dteagmháil rialta leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le páirtithe leasmhara eile maidir leis an Ardán Náisiúnta um Thaighde ar an mBithéagsúlacht, arb clár é a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2014. Tá páipéir oibre táirgthe agus foilsithe a chlúdaíonn na réimsí a raibh easpa eolais fúthu agus a raibh gá le taighde orthu amhail Fionnuisce, Muir agus Talmhaíocht, Talamh Féaraigh agus Ithreacha.

Leanann EPA de pháirt a ghlacadh i gCoiste Ramsar Éireann um Bogaigh (IRWC) agus déanann sé é a chomhóstáil leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Chuir an Rialtas IRWC ar bun i Mí na Samhna 2010 d'fhonn tacú le hÉirinn i leith a ceangaltais faoi Choinbhinsiún Ramsar a chomhlíonadh. Tá ionadaithe do roinnt gníomhaireachtaí bainteacha de chuid an Rialtais, d'institiúidí eolaíochta agus teicniúla, d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ar an gCoiste. Is í an phríomhsprioc atá aige úsáid stuama agus cosaint na mbogach uile in Éirinn a chur chun cinn.

5. ÚSÁID INBHUANAITHE ACMHAINNÍ

Eisíodh dhá cháipéis beartais in 2012 a bhfuil baint ar leith acu leis an athshlánú náisiúnta agus le cláir fáis ghlais, mar aon le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí éifeachtúlacht acmhainní a bhfeidhmíonn EPA iad tríd an gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola NWPP). Ní amháin go leagfaidh na beartais seo síos na téarmaí faoina seachadfar NWPP, leagfaidh siad béim ar ról tábhachtach atá ag an éifeachtúlacht acmhainní agus ag NWPP i leith todhchaí inbhuanaithe a sheachadadh don Stát.

- *Deis Acmhainne – Beartais maidir le Bainistíocht Dramhaíola in Éirinn* (DECLG)
- *Ár nAcmhainneacht Ghlas a Sheachadadh – Fás agus Fostaíocht sa Gheilleagar Glas* (DJEI).

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil dhá cháipéis thábhachtacha eile in 2012.

- *Ag tacú leis an téarnamh geilleagrach agus le poist – ar bhonn áitiúil*
- *Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat i gcomhair na Forbartha Inbhunaithe in Éirinn*.

Athdhearbhaigh cáipéis beartais nua, arna heisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Mí Iúil 2012) 'Deis Acmhainne – Beartais maidir le Bainistíocht Dramhaíola in Éirinn', seasamh an Rialtais go bhfuil cosc dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní ina gcuid ríthábhachtach d'ardán um fhás inbhuanaithe geilleagrach. Deirtear sa bheartas nua go ndíreofar isteach ar chosc dramhaíola agus ar éifeachtúlacht acmhainní tar éis gur éirigh go maith le NWPP.

AN CLÁR NÁISIÚNTA UM CHOSC DRAMHAÍOLA
Tá trí phríomhshnáithe ag NWPP atá á bhainistiú ag EPA; déanann ceann amháin plé le hathrú iompraíochta ó thaobh táirgeadh agus ídiú de (**éifeachtúlacht acmhainní**); déanann an dara ceann plé leis na dualgais freagrachta reachtúla a bhíonn ar **tháirgeoirí agus ar shealbhóirí** i ndáil le hábhair agus le substaintí faoi leith; agus déanann an tríú ceann plé le dul chun cinn a thomhas trí **tuairisciú dramhaíola**. Cuirtear ar fáil sna trí shnáithe eolas agus torthaí a bhfuil tábhacht nach beag ag baint leo anois agus muid ag obair i dtreo gníomhaíochtaí agus iompraíochtaí táirgthe agus ídithe inbhuanaithe.

Tugtar san ochtú tuarascáil bhliantúil de chuid NWPP forbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí le linn 2012 agus tá sí le fáil ar shuíomh Idirlín EPA ag www.epa.ie/waste/nwpp

Buaicphointí ó thaobh Éifeachtúlacht Acmhainní de

- Seoladh brandáil agus tionscnamh margaíochta *BeGreen*. Bhí i gceist le seo suíomh Idirlín inrochtana nua (www.epa.ie/begreen) i ndáil le gníomhaíochtaí éifeachtúlacht acmhainní agus seirbhísí tacaíocht gnó de chuid NWPP.
- *GreenBusiness* - In 2012, dhírigh GreenBusiness isteach ar chuideachtaí móra a mhealladh, go háirithe san earnáil bia is deochanna, chun tacú le cur i bhfeidhm *Straitéis Fhómhar Bia 2020*. Cuireadh 40 measúnacht ar éifeachtúlacht acmhainní (REAanna) i gcrích agus rinneadh sainaithint ar choigilteas luach €70,000 ar an meán do na cuideachtaí ar tugadh cuairt orthu.
- Tá comhpháirtíocht oibre shuntasach á forbairt idir NWPP agus an Bord Bia trí Chlár *Origin Green*, ar clár é a spreagfaidh mórchuideachtaí bia chun pleananna gníomhaíochta éifeachtúlacht acmhainní a fhorbairt le tacaíocht ó *GreenBusiness*.
- *An Clár Fáilte Glaise* - Amhail ag deireadh 2012, bhí 260 ball ag an gClár agus bhí teastas i seilbh 150 áitreabh - méadú 21% i gcomparáid leis an mbliain 2011. Sheol an tAire Comhshaoil Phil Hogan cás-staidéir faoin gClár Fáilte Glaise i gcaitheamh 2012 ina gcuirtear faoi chaibidil tionscadail ar éirigh go maith leo le déanaí a raibh baint acu le dramhaíl, le huisce agus le bainistíocht fuinnimh agus a raibh ina gcúis le coigilteas €30,000 sa bhliain ar an meán in aghaidh an bhaill theistithe - ar ísealchostas den chuid ba mhó.
- Cúram Sláinte Glas - Le linn 2012 ba é príomhfhócas an chláir cabhrú le saoráidí atá páirteach ann moltaí agus athruithe a chur i ngníomh a choiscfidh agus a laghdóidh dramhaíl, agus tugadh athchuairt orthu chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chláir. Tá páirt glactha sa chlár ag 30 saoráid cúram sláinte (50% de na leabaí géarchúraim uile sa tír). Rinneadh breis is 20 treoirleabhar agus cás-staidéar a dhréachtú le linn 2012.
- Malartán Acmhainní SMILE - lean SMILE ar aghaidh ag fairsingiú is ag forbairt le linn na bliana. Tar éis don Taoiseach Enda Kenny T.D. an malartán a sheoladh go hoifigiúil i mBaile Átha Cliath, cuireadh 6,687 tona d'ábhar ar láimh lena mhalartú agus shábháil na rannpháirtithe méid suntasach airgid i gcostais dá bhrí sin. Iomaitheoir sa bhabhta ceannais de Ghradaim Ghlasa 2012 sa chatagóir 'Dramhaíl go hAcmhainn Ghnó' ba ea SMILE agus bhuaigh sé gradam i gcomhair an tionscnaimh ghlais ab fhearr ag Gradaim LAMA.
- Feirmeoireacht níos Cliste - Tionscadal ar cuireadh tús leis in 2012 is ea an Tionscadal um Fheirmeoireacht níos Cliste a bhfuil sé mar aidhm aige gnó glas a spreagadh in earnáil na feirmeoireachta. I gcomhar le IFA, leis an mBord Bia agus le Teagasc, déanfaidh an Tionscadal um Fheirmeoireacht níos Cliste cur chuige praiticiúil a fhorbairt d'fhonn coigilteas a bhaint amach ar an bhfeirm chomh maith le buntáistí don chomhshaol, agus tacaíocht a thabhairt do spriocanna *Fhómhar 2020*.
- An Clár Píolótach Priontála agus Pacáistithe - Ghlac seacht gcuideachta sna hearnálacha priontála agus pacáistithe páirt i gclár éifeachtúlacht acmhainní faoi NWPP (glacfaidh trí chuideachta sa bhreis páirt in 2013). Rinneadh sainaithint ar choigilteas féideartha arbh ionann iad agus idir €1,000 agus €200,000 in aghaidh an rannpháirtí.
- Líonra Coiscthe na nÚdarás Áitiúla (LAPN) – Leanann LAPN d'acmhainn 13 údarás áitiúla a fhorbairt i leith éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn le páirtnéirí áitiúla, SMEanna go rí-áirithe. Ar cheann de bhuaicphointí na bliana bhí seoladh na ríomhchatalóige foinse oscailte d'uirlisí coiscthe agus éifeachtúlacht acmhainní, de theicnící, d'ábhair, de chás-staidéir, srl. ar féidir cuardach tríd agus atá oiriúnach do thionscnaimh áitiúla (www.repository.localprevention.ie).
- Le linn 2012, bhí Grúpa Oibre na bhFéilte agus na nImeachtaí an-ghníomhach agus d'fhorbair sé 'Pacáiste Féile' d'fhonn treoir a chur ar fáil maidir le himeacht glas a reáchtáil. Forbraíodh suíomh Idirlín nua (GreenYourFestival.ie) i dtaca leis an bpacáiste seo a chur ar fáil agus cuireadh i láthair do Chumann na bhFéilte agus na nImeachtaí Éireannacha é ag spreagaitheasc a chomhdhála.

An Taoiseach Enda Kenny, Michelle Green (SMILE), Dara Lynott (Stiúrthóir, EPA) agus Keiron Philips (EPA) ag seoladh Mhalartán Acmhainní SMILE.

- Cur Amú Bia - Tá cur amú bia sainaitheanta mar bheart tosaíochta i dTreochlár AE um Eoraip atá Éifeachtach ó thaobh Acmhainní de. Tá feachtas 'Cuir Stop le Cur Amú Bia' faoi leith ag EPA. I gcaitheamh 2012, chuaigh ionadaithe do EPA faoi agallamh ar an raidió 30 uair, píosa ar *Drivetime* ar RTÉ ina measc maidir le cur amú bia i rith aimsir na Nollag. I Mí na Samhna reáchtáladh imeacht ardiomrá darbh ainm 'Feeding the 5,000' i gcomhar le 'Voice of Irish Concern for the Environment', 'Bia Foodbank' agus 'Food Glorious Food', arbh imeacht é a d'aibhsigh cur amú bia trí na sluaite a bheathú le glasraí úra, míchruthacha a ndiúltaíonn ollmhargaí dóibh i bhformhór na gcásanna.
- In 2012, thug NWPP cúnamh deontais do Thionscnamh Bia Foodbank (www.biafoodbank.ie). Carthanas nua is ea Bia Foodbank a bhfuil mar aidhm aige dul i ngleic leis an mbarrachas bia in Éirinn trí líonra bainc bia athdháilte a fhorbairt ar fud fad na tíre.
- Feidhmiú comhpháirtíochtaí straitéiseacha i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, le GFT Éireann, le Forfás, le Teagasc, le hÚdaráis Áitiúla, mar aon le ranna den Rialtas amhail an Roinn Post, Fiontar agus Nuálíochta; an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chomh maith le comhlachtaí ionadaíochta amhail IBEC, IFA, Cónaidhm na nÓstán Éireannach, agus a thuilleadh nach iad, d'fhonn treoir agus cúnamh spriocdhírithe i dtaobh na héifeachtúlachta acmhainní a chur ar fáil do ghnóthais Éireannacha.

Tá na torthaí láidre a baineadh amach i mbliana i ndáil le gnéithe éifeachtúlacht acmhainní den Chlár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola ag dul le leibhéal na sonraí sa tuarascáil bhliantúil a cuireadh faoi bhráid an Aire. Tugtar i dTábla 1 breac-chuntas ar roinnt príomhthoscairí, lena n-áirítear na buntáistí fíordhearfacha, leantacha do na hearnálacha gnó agus seirbhísí mar aon le toradh den scoth ar infheistíocht an Stáit. Cuirtear na coigiltí uile seo i bhfeidhm gan aon chostas nó gan ach ísealchostas a thabhú d'oibreoirí. Tá ról tábhachtach ag modhanna coiscthe ar mhaithe le geilleagar, glan, glas, cliste a fhorbairt in Éirinn trí chostais a laghdú, iomaíochas a fheabhsú, nuálaíocht a neartú agus glacadh le próisis agus le táirgí níos glaine a spreagadh.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara áfach nach féidir a mheas cén chaoi a bhfuil ag éirí le gach uile chlár de chuid NWPP. Tá roinnt de na cláir ag iarraidh

TÁBLA 1: SONRAÍ ACHOIMRE MAIDIR LE ROGHA CLÁIR ÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ ATÁ DÍRITHE AR NWPP

Clár	Infheistíocht NWPP (i. 2012)	Éifeachtúlacht Acmhainní	Coigiltear Iarbhír agus Coigiltear Feidearthá (i. 2012)	Fáltas ón Infheistíocht (Lánaithe)
Dámhachtaíní um Fhailleoschas Glas	€0.365M	Cuireadh cosc ar 7,000 tonna de dhramhaíl Rinneadh 41,800,000 kWh d'fhuinneamh a chosgú Rinneadh 880,000,000 litir d'uisce a chosgú 260 ball Deimhníoch 158 réadmhaoin	€6.00M	16:1
Tionscnamh um Ghnó Glas	€0.34M	Coigilt uisce, fuinnimh agus dramhaíola 700 ball gníomhach 40 Measúnú Éifeachtúlacht Acmhainne Coigiltear €70,000 in aghaidh na bliana do gnóth Íocfaí gach cuideachta a ndéantar measúnú uirthi	c.€3M	9:1
Tionscadal um Chúram Sláinte Glas	€0.148M	D'fhéadfaí cosc a chur ar 5,500 tonna de dhramhaíl Coigiltear tomhaiste bia de €710,000 in dhá ospidéal gearmhíochaíne, sin laghdú 42% ar dhramhaíola in gach ospidéal	€5.29M	35:1
SMILE	€0.15M	783 ball scéime Cuireadh 387 meaitsí dramhaíola i gcrích 131 meaitsí dramhaíola á gcur i gcrích Seans go ndéanfadh 6,687 tonna de dhramhaíl a chlaonadh Tiodálach fiúntaí seirbhísí agus an léiríocht	€8.675m	4.5:1
Tithe Glasa	€0.2M	20,000 teaghlach rannpháirteach 5,500 duine atá ina mbraí den láithreán Gréasán greenhome.ie (méadú 32% ar 2011) Coigiltear feidearthá meánta de €329 in aghaidh an teaghlaigh ardfheidhmíochta	€1.6M	8:1

athrú iompraíochta a bhaint amach, roinnt eile ag iarraidh treoir a chur le chéile, nó urraíocht a dhéanamh ar ghradaim chomhshaoil fiú amháin; mar aon le maoiniú a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí feabhsaithe feasachta agus oideachais (Líonra Athúsáide an Phobail, Tionscnamh Bia, EcoEye, srl.).

Cumarsáid Athraithe Iompraíochta

Táimid ag déanamh ár seacht ndícheall go fóill i ndáil le hathrú iompraíochta ó thaobh táirgeadh agus ídiú de a chur chun cinn. Tá suíomh Idirlín athdheartha BeGreen i bhfeidhm anois agus is saibhir an acmhainn í do ghnóthais agus do thomhaltóirí araon. Cabhraigh píosaí ar stáisiúin raidió náisiúnta agus idirnáisiúnta, ailt i nuachtáin, chomh maith le píosaí ar na cláir teilifíse *EcoEye* agus *The Consumer Show* leis an bhfócas ar éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn agus a choinneáil.

Mar chuid den *tSeachtain Eorpach um Laghdú Dramhaíola*, eagraíodh sraith de cheardlanna maidir le héifeachtúlacht acmhainní ar mhaithe leis an lucht gnó a raibh i gceist léi cur chuige comhoibríodh idir REPAK (an Fhoireann um Pacáistíocht a Chosc, SEAI, an Bord Bia agus an Tionscnamh Gnó Ghlais de chuid EPA. Ba é an cur chuige seo ba chúis le héadan comhtháite gan uaim a bhunú i dtaca le seirbhísí cúnta éifeachtúlacht acmhainní agus léirigh sé cé chomh tábhachtach is a bhíonn comhoibriú idir gníomhaithe náisiúnta éifeachtúlacht acmhainní. I measc na bpáirtithe eile bhí *Every Can Counts* agus SMILE. D'fhreastail breis is 350 gnóthas ar na 13 cheardlann.

D'oibrigh foireann NWPP as láimh a chéile le hOifigeach Glas IBEC d'fhonn a raibh á chur ar fáil ag an Tionscnamh Gnó Ghlais a chur ar aghaidh laistigh de IBEC, i measc na mball foirne agus an 7,000 ball de IBEC araon.

Le roinnt blianta anuas tá tugtha faoi deara ag NWPP go bhféadfaí an t-athrú iompraíochta a bhaint amach trí mheicníochtaí caipitil shóisialta, trí leas a bhaint as teicnící margaíochta sóisialta laistigh de ghrúpaí ar leith go háirithe. I gcaitheamh 2012, is iomaí clár ar thug NWPP tacaíocht dóibh (amhail Scoileanna Glasa, Baile Glas, Pobail Ghlasa, Féilte Glasa, Máistirmhúiríneoir, Cuir Stop le Cur Amú Bia) ar éirigh go han-mhaith leo na teicnící seo a úsáid.

REACH (Clárú, meastóireacht, údarú agus teorannú substaintí ceimiceacha)

Tá EPA fós ag oibriú leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus le ranna bainteacha den Rialtas chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm an Rialachán REACH. I measc na hoibre a rinneadh bhí tuarascáil náisiúnta ar chur i bhfeidhm REACH a ullmhaíodh don Choimisiún Eorpach, tacaíocht a chur ar fáil do réimse tionscadal taighde a bhain le ceimiceáin agus gníomhaíochtaí feabhsaithe feasachta.

Tionscnaimh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir

Pacáistíocht: Leanadh de ghníomhaíochtaí forfheidhmithe EPA i ndáil leis na *Bunriachtanais* pacáistíochta lena gcuirtear cosc ar tháirgeoirí pacáistíocht a sholáthar i gcásanna ina sáraítear tiúis chomhiomlána áirithe de luaidhe, de chaidmiam, de mhearcair nó de chróimiam heicsifhiúsach. Tá forbartha anois prótacail forfheidhmithe agus modheolaíochtaí faireachais chun tástáil a dhéanamh ar phacáistíocht a chuirtear ar an margadh in Éirinn. Rinneadh 20 sampla de phacáistíocht a thástáil le linn 2012 agus tháinig sé chun solais nach raibh ceann de na samplaí in oiriúint leis na riachtanais, scéal atá á fhiosrú go fóill.

Rialacháin i ndáil le Ceallraí agus le Taisc-Cheallraí: Tháinig an reachtaíocht seo i bhfeidhm i Mí Mheán Fómhair 2008 agus cuirtear cosc léi ar cheallraí a chur ar an margadh i gcásanna ina sáraíonn siad uasmhéid sonraithe mearcair nó caidmiam, nó ar cheallraí a bhfuil lipéid mhíchuí. Rinneadh 20 sampla de cheallraí a thástáil le linn 2012 agus tháinig sé chun solais nach raibh ceann de na samplaí in oiriúint leis na riachtanais, scéal atá á fhiosrú go fóill.

Péinteanna Maisiúla: Treoir Mhargaidh Aonair is ea an Treoir um Péinteanna Maisiúla arna cur i bhfeidhm in Éirinn leis na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla. Leagtar síos sna Rialacháin seo teorainneacha ar leith i ndáil leis an méid tuaslagóra nó VOC a cheadaítear bheith i bpéinteanna atá dírithe ar na margaí tí, gairmiúla agus athbhailchríochnaithe feithiclí. Rinneadh 20 sampla de phéinteanna a thástáil le linn 2012 agus tháinig sé chun solais ní amháin go raibh na samplaí uile in oiriúint leis na rialacháin ach go raibh leibhéil VOC an-chuid faoi bhun na leibhéal ceadaithe.

Gual a chur i Málaí: Ghabh EPA freagrachtaí nua air féin as clárúchán faoi na Rialacháin um Breoslaí Soladacha (arna bhfoilsiú i Mí an Mheithimh 2011) ina gcuirtear teorainn de 0.7% leis an méid sulfair i ngual biotúmanach de réir meáchain. Mar chuid d'oibríocht faireachais ar an margadh, rinne EPA, i gcomhar le roinnt údarás áitiúil, 22 sampla de ghual a bhailiú, a phróiseáil agus a thástáil i Mí na Samhna agus Mí na Nollag 2012 chun a chinntiú go raibh siad uile in oiriúint leis na Rialacháin. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar torthaí an tionscadail go luath in 2013.

Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE): Is é EPA atá freagrach as go leor gnéithe de na Rialacháin WEEE a fhorfheidhmiú in Éirinn. I rith 2012, rinne EPA 85 iniúchadh fógartha agus neamhfhógartha ar tháirgeoirí agus ar mhiondíoltóirí trealaimh leictrigh agus leictreonaigh. Tugadh isteach córas nua ar líne tuairiscithe dramhearraí leictreacha agus leictreonacha in 2012, rud ba chúis leis an ualach rialacháin ar ghnóthais a laghdú go suntasach.

Forfheidhmiú an Dlí maidir le Substaintí Díobhálacha

- Forbraíodh beartas nua forfheidhmithe i ndáil le défheinilí pholaclóirínithe (PCBanna) in 2012. Baineadh 259,169 lítear ar an iomlán d'ábhar a bhí éillithe ag PCBanna nó a ceapadh a bhí éillithe ag PCBanna as an bhFardal Náisiúnta PCBanna, agus bhí 69,032 lítear ar an iomlán fágtha ar an bhfardal amhail ag deireadh na bliana.
- D'ullmhaigh agus d'fhoilsigh foireann NWPP Plean Náisiúnta Feidhmithe i ndáil le truailleáin dhianseasmhacha orgánacha (POPanna) de réir dualgais idirnáisiúnta. Cuireadh an plean faoi bhráid na Náisiún Aontaithe. Féach www.epa.ie/waste/hazardous/pops le haghaidh tuilleadh sonraí.
- Bhí ar siúl idir Mí Lúnasa 2012 agus Mí Dheireadh Fómhair 2012 feachtas de 60 iniúchadh d'fhonn teacht ar shubstaintí laghdaithe an ózóin (ODSanna). Fuarthas amach go raibh na leibhéil feasachta agus comhlíonta i measc conraitheoirí sách maith de ghnáth, ach go raibh na leibhéil feasachta agus comhlíonta i measc úsáideoirí deiridh/oibreoirí go dona a bheag nó a mhór. Thug EPA faoi imscrúdú speisialta tar éis iarratas a fháil ón gCoimisiún Eorpach cíoradh a dhéanamh ar chomhlíonadh Alt 10 de Rialacháin AE um ODS, a bhaineann le húsáidí bunriachtanacha saotharlainne agus anailíseacha shubstaintí laghdaithe an ózóin. Mar chuid den oibríocht seo, cuireadh leathanach nua leis an rannán de shuíomh Idirlín EPA a bhaineann le ODS (www.epa.ie/airenforcement/ozone) d'fhonn feasacht a fheabhsú ar na riachtanais a bhfuil feidhm acu ar úsáidí bunriachtanacha saotharlainne agus anailíseacha shubstaintí laghdaithe an ózóin.
- Cuireann Treoir AE um Shrianadh Substaintí Guaiseacha srian le húsáid substaintí guaiseacha áirithe nó grúpaí dá leithéid de shubstaintí i monarú trealaimh leictrigh agus leictreonaigh (EEE). Is é is cuspóir don Treoir Mhargaidh Aonair sin ná sláinte na ndaoine a chosaint trína chinntiú go ndéantar WEEE a dhiúscairt mar ba chóir ó thaobh an chomhshaoil de. Rinneadh 25 tháirge EEE a thástáil in 2012, ach cé go raibh an chuid ba mhó díobh in oiriúint leis an treoir, fuarthas amach nach raibh ceithre cinn de na táirigí. Tá gníomhaíochtaí forfheidhmithe ar bun maidir leis na ceithre tháirge seo.

Tuairisciú Náisiúnta ar an Dramhaíl

Cuirtear in iúl sa Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl don bhliain 2011 go bhfuil Éire fós ag déanamh dul chun cinn i dtreo spriocanna aisghabhála agus athchúrsála dramhaíola AE chomhlíonadh. Tá an-iarracht déanta caoi sheolta éifeachtach a chur ar ghníomhaíochtaí bailithe sonraí i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Comhlíonadh dualgais tuairiscithe EuroStat in 2012. Bhí ról nach beag ag staitisticí náisiúnta maidir leis an dramhaíl arís i leith dul chun cinn na hÉireann a thomhas i dtreo geilleagar atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de agus athléimneach a bhaint amach. Le linn 2012, ullmhaigh foireann NWPP naoi mórthuarascáil sonraí agus chuir siad faoi bhráid EuroStat agus an Choimisiúin Eorpaigh iad. Déantar plé sna tuarascálacha seo le réimse leathan dualgais tuairiscithe de réir treoracha éagsúla dramhaíola. In 2012, chuir foireann NWPP tús le hathbhreithniú ar Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola Guaisí agus tá sé le cur i gcrích in 2013.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

Scéim deontas is ea an Clár um Tháirgeadh níos Glaine, níos Glaise (CGPP) a fheidhmíonn EPA a bhfuil sé mar aidhm aige eagraíochtaí Éireannacha a spreagadh chun cleachtais níos glaine, níos glaise a chur i bhfeidhm. Faigheann an scéim maoiniú ó NWPP. Spreagann na tionscadail na heagraíochtaí a ndícheall a dhéanamh earraí agus seirbhísí a tháirgeadh ar na bealaí is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is féidir agus astaíochtaí a íoslaghdú trí mhodhanna táirgeachta níos glaine. Tugann cuideachtaí gealltanas go ndéanfaidh siad tionscadail taispeána a fhorbairt a laghdódh an tionchar a imríonn siad ar an gcomhshaol agus a mbeadh feidhm acu ar fud na hearnála gnó. Is í sprioc fhadtréimhseach an chláir seo iarracht a dhéanamh a áirithiú go n-úsáidfí modhanna táirgthe ní ba ghlaine, ní ba ghlaise agus go dtabharfaí aird don éicéifeachtúlacht sa ghnáthchúrsa in Éirinn sa todhchaí.

Idir 2008 agus 2012, cuireadh maoiniú ar fáil do 24 thionscadal éagsúla faoin gClár um Tháirgeadh níos Glaine, níos Glaise i réimse earnálacha amhail na hearnálacha bia, teicneolaíocht faisnéise, seirbhísí agus déantúsaíochta. Bhí breis is 50 cuideachta agus eagraíocht páirteach sa chlár agus tá na tionscadail á gcur i bhfeidhm faoi láthair ar bheagnach 1,600

láithreán ar fud fad na hÉireann. Chuir EPA thart ar €2.2 milliún ar láimh mar dheontas aonuaire agus chuir na heagraíochtaí páirteacha a gcuid airgid féin ar láimh chomh maith, rud a chuir in iúl go soiléir go raibh siad tiomanta do na tionscadail. B'ionann an tsuim iomlán a infheistíodh sna tionscadail agus €4.5 milliún. Seoladh tuarascáil achoimre ar na cás-staidéar i lár 2012 dar teideal *Gnó níos Fearr in Éirinn níos Fearr - Cás-staidéir ar Ghnóthais a bhí páirteach sa Chlár um Tháirgeadh níos Glaine, níos Glaise (CGPP) 2008-2012*.

I rith 2012, fógraíodh babhta nua den deontas taighde do theicneolaíochtaí níos glaine, as ar bronnadh maoiniú (€600,000 ar an iomlán thar thréimhse dhá bhliain) ar 16 ghnóthas nua agus thionscadal tacaithe nuálaíochta.

Cuirtear ar fáil faoi chlár taighde STRIVE maoiniú do thaighde acadúil ar an mBainistíocht Dramhaíola agus Acmhainní. Cuireadh ar fáil maoiniú do 5 thionscadal in 2012; .i. 3 scoláireacht dochtúireachta agus 2 thionscadal mhóra.

6. COMHTHÁTHÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ

CEADÚNÚ UM CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ (IPPC)

In 2012:

- Eisíodh 74 Cinneadh Deiridh IPPC ar an iomlán (39 díobh faoi Chlár na gCuspóirí Comhshaoil).
- Eisíodh 72 Cinneadh Beartaithe IPPC ar an iomlán (55 díobh faoi Chlár na gCuspóirí Comhshaoil).
- Eisíodh 44 Cinneadh um Leasú Teicniúil ar an iomlán de réir na rialachán ceadúnaithe.

Foilsíodh dhá nóta deiridh de na Teicneolaíochtaí is Fearr atá Againn (BAT) in earnáil na dramhaíola ar láithreán Gréasáin an EPA i mí Eanáir 2012 a bhain le Gníomhaíochtaí Líonadh Talún agus le Gníomhaíochtaí Aistrithe Dramhaíola. Cuireadh i gcrích i mí Lúnasa dhá Nóta Treorach BAT nach mbaineann le IPPC, maidir le (i) Teilgcheártaí Miotail Fheiriúla agus (ii) Próiseáil Miotail Fheiriúil, agus foilsíodh iad ar láithreán Gréasáin an EPA i mí Mheán Fómhair 2012.

Tá mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí ceadúnaithe an EPA in 2012 leagtha amach i dTábla 2.

CEADÚNÚ DRAMHAÍOLA

In 2012:

- Bronnadh ceadúnas nua amháin i gcomhair stáisiún aistrithe dramhaíola.
- Eisíodh dhá Chinneadh Beartaithe (ceann amháin díobh faoin gClár athbhreithnithe ar Chuspóirí Comhshaoil).
- Eisíodh naoi gCinneadh um Leasú Teicniúil de réir na rialachán ceadúnaithe.
- Fuarthas 151 iarratas ar an iomlán faoi Airteagal 11 le fáil amach an mbeadh Cead nó Ceadúnas Dramhaíola ag teastáil i gcomhair na saoráidí.

GÉILLIÚNTAS DON TREOIR MAIDIR LE LÍONADH TALÚN

Rinneadh na ceadúnais ar fad, a bhaineann leis an Treoir maidir le Líonadh Talún, a mheas de réir riachtanais na Treorach. Tá roinnt agóidí á meas fós agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar na cinntí deiridh i dtús 2013.

CEADÚNÚ FUÍOLLUISCE

- Fuarthas naoi n-iarratas ar cheadúnas fuíolluisce in 2012. Ba é líon iomlán na n-iarratas a bhí idir láimhe i ndeireadh 2012 agus 323.

- Eisíodh 23 Cinneadh Deiridh ar an iomlán in 2012.
- Eisíodh cúig Chinneadh um Leasú Teicniúil de réir na rialachán ceadúnaithe.
- In 2012, fuarthas 17 n-iarratas ar dheimhniú údaraithe i gcomhair ceirtleán a bhfuil daonra níos lú ná líon is comhionann le 500 duine iontu. Eisíodh ceithre Dheimhniú Údaraithe. Tá na 18 n-iarratas eile á bpróiseáil faoi láthair.

CUSPÓIRÍ COMHSHAOIL, ATHBHREITHNITHE IPPC AGUS DRAMHAÍOLA

Cuireadh breis is 80 athbhreithniú ar Cheadúnais IPPC agus ar Cheadúnais Dramhaíola ar aghaidh in 2012 chun cloí le Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Cuspóirí Comhshaoil (Uiscí Dromchla), 2009 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Cuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2010. Eisíodh 55 cinneadh beartaithe agus 39 ceadúnas deiridh ar an iomlán le linn 2012. Ina theannta sin, cuireadh 300 Leasú Teicniúil ar aghaidh, ar eisíodh thart ar 160 díobh i dtús 2013.

NA RIALACHÁIN UM MEASÚNACHT TIONCHAIR COMHSHAOIL, IPPC AGUS DRAMHAÍL

Ar scór rialú C50/09 Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an EPA, rinneadh trí rialachán nua (dhá cheann díobh don cheadúnú IPPC agus ceann amháin díobh don Dramhaíl) a achtú in 2012. Mar thoradh, rinneadh a lán oibre ar nósanna imeachta agus ar bhunachair shonraí cheadúnaithe lena nuashonrú. Rinneadh an obair reatha a scagadh chun na hiarratais, ar a rachadh an reachtaíocht nua i bhfeidhm, a aithint.

LÍONTA TALÚN STAIRIÚLA

Déanfaidh an EPA na líonta talún a bhí á bhfeidhmiú ag údaráis áitiúla idir 1977 agus 1997 a údarú lena chinntiú go ngéillfidh siad don Treoir maidir le Dramhaíl, 1975. Tá údaráis áitiúla i mbun measúnaithe i láthair na huaire ar an riosca maidir le truailliú comhshaoil ó na láithreáin seo agus cuirfidh siad iarratas chuig an EPA in am trátha chun deimhniú údaraithe a fháil do gach láithreán. Leagfar amach in aon deimhniú údaraithe a eiseoidh an EPA na bearta feabhais, más ann dóibh, a chuirfear i bhfeidhm ag an láithreán agus leagfar amach ann freisin cén monatóireacht a bheidh de dhíth amach sa todhchaí. Forbraíodh córas iarratais ar líne do na húdaráis áitiúla trí LEMA agus cuireadh an córas seo i bhfeidhm go céimneach trí EDEN i mí na Samhna 2012. In 2012, rinneadh cúig iarratas, eisíodh Deimhniú Údaraithe amháin agus bhí ocht n-iarratas idir láimhe ag deireadh na bliana.

AIRTEAGAL 27

Trí airteagal 5 de Threoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl a chur i bhfeidhm, airteagal 27 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir maidir le Dramhaíl) 2011, ceadaítear d'oibreoirí eacnamaíocha cinneadh a dhéanamh gur fotháirge seachas dramhaíl an t-ábhar atá acu. Ní mór cinntí den sórt sin a chur in iúl don EPA. Tá an EPA freagrach as measúnú a dhéanamh ar na cinntí sin a chuirtear in iúl lena chinntiú go ngéilleann siad do na Rialacháin agus don Treoir agus gur fotháirgí iad na hábhair atá i gceist agus nach gá iad a rialú mar dhramhaíl. In 2012, fuair an EPA 42 fógra. Rinne an EPA measúnú ar gach ceann díobh sin agus tugadh 17 gcomhad chun críche. Ní foláir cinneadh a dhéanamh fós maidir leis na cinn eile. Tosaíodh ar chóras fógraíochta ar líne a fhorbairt in 2012 ag úsáid an chórais um Bainistíocht Rioscaí Corparáideacha, agus cuirfear an córas seo i bhfeidhm go céimneach in 2013.

DEIMHNITHE CLÁRAITHE

D'eisigh an EPA sé Dheimhniú Cláraithe in 2012 i gcomhair saoráidí aisghabhála dramhaíola de chuid na n-údarás áitiúil a mheastar gur beag an baol don chomhshaol iad.

ORGÁNAIGH GHÉINMHODHNAITHE (GMOanna)

Faoi dheireadh 2012, bhí 365 iontráil ghníomhach ar chlár na n-úsáideoirí GMO in Éirinn.

- Rinneadh 26 cinneadh ar an iomlán maidir le húsáid shrianta GMOanna in 2012, mar aon le gníomhaíocht amháin maidir le scaoileadh d'aon ghnó.
- Rinneadh cigireachtaí GMO ar naoi n-áitreabh chláraithe, a bhfuil il-úsáideoirí ag cuid acu.

CEADÚNÚ DO DHUMPÁIL AR FARRAIGE

Faoin Acht um Imeall Trá agus um Dhumpáil ar Farraige (Leasú) 2009 aistríodh freagracht as Ceadanna um Dhumpáil ar Farraige ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) go dtí an EPA, le héifeacht ón 15 Feabhra 2010.

Marcáladh i gcóras GIS an EPA na láithreáin dumpála go léir arna gceadú in Éirinn ónar tháinig an tAcht um Dhumpáil ar Farraige 1981 isteach. I gcomhairle le Foras na Mara, críochnaíodh bunachar sonraí de cheimic dríodair ina bhfuil torthaí na hanailíse ceimicí ar dríodair maidir le ceadanna um dhumpáil ar farraige ó 1989 i leith, agus marcáladh na sonraí seo i gcóras GIS an EPA. Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil go poiblí in 2013.

Tábla 2: Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe 2012

	Ceadúnais IPPC	Ceadúnais Dramhaíola	Ceadúnais Fuíolluisce	Teastais Údaraithe don Aisghabháil Dramhaíola	Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige	Toillithe GMO	Teastais Chláraithe	Teastais Údaraithe do Líonta Talún Stairiúla
Iarratais a Fuarthas	60 (athbhreithnithe ar Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil san áireamh)	12	9	17	5	28	14	5
Cinntí Beartaithe	72	2	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B
Agóidí a Fuarthas	60	2	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B
Cinntí Deiridh	74	1	23	4	1	27	6	1

Tháinig an Coiste Comhairleach um Dhumpáil ar Farraige le chéile dhá uair in 2012, coiste a ndearnadh foráil dó faoi Airteagal 41 de na hAchtanna EPA 1992 go 2012.

Chuir an tAire a lámh leis na Rialacháin um Dhumpáil ar Farraige (Táillí), 2012 ar an 23 Iúil 2012, ina n-éilítear gur gá táille a íoc leis an EPA i leith iarratais ar chead um Dhumpáil ar Farraige.

Forbraíodh straitéis fhorfheidhmithe maidir le Dumpáil ar Farraige le linn 2012. Rinneadh imscrúdú ar sé shaoráid a bhfuil ceadanna acu. Eisíodh nóta neamhghéilliúntais amháin mar aon le tuairimí éagsúla, agus rinneadh iad seo go léir a réiteach chun sástacht an EPA.

Rinneadh Calafort Ros Mhic Thriúin a ionchúiseamh mar gheall ar Dhumpáil ar Farraige gan cead. Ba é seo an chéad ionchúiseamh faoin reachtaíocht um Dhumpáil ar Farraige.

Labhair an OEE ag Ceardlann Mháistrí an Chuain i mí an Mheithimh. Chomh maith leis sin, chríochnaigh an OEE bileog faisnéise um Dhumpáil ar Farraige maidir leis an gceadúnú agus an forfheidhmiú do pháirtithe leasmhara. Cuirfear an bhileog seo ar fáil ar líne in 2013.

CEADÚNÚ IMEALL TRÁ

Cuireadh nós imeachta riaracháin agus córas rianaithe ar bun chun próiseáil a dhéanamh ar an gcomhfhreagras maidir le himeall trá a fhaightear ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil de bhun riachtanais na Rialachán maidir le hImeall Trá, 2011.

MEASÚNÚ CUÍ

Rinneadh a lán oibre ar nósanna imeachta ceadúnaithe, ar bhunachair shonraí, ar fhoirmeacha iarratais agus ar nótaí treorach chun iad a nuashonrú de bhun riachtanais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011.

TIONSCAIL EASTÓSCACHA

Tá de cheangal ar an EPA 23 ceadúnas ábhartha a thabhairt i ngéilleadh do na Rialacháin, trí athbhreithniú nó trí leasú teicniúil. Obair leanúnach atá i gceist anseo. Rinneadh 19 gceadúnas a nuashonrú go dtí seo agus géilleann na ceadúnais sin do riachtanais na Rialachán anois.

D'eisigh an EPA doiciméad treorach in 2012 (Treoir maidir leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Bainistiú Dramhaíola ó Thionscail Eastóscacha), 2009). Tugtar treoir sa doiciméad seo d'údaráis áitiúla maidir lena gcuid n-oibleagáidí faoi na Rialacháin.

FORFHEIDHMIÚ CEADÚNAS

D'infheistigh an EPA acmhainní tábhachtacha i mBainistiú Athraithe in 2012. Ba é an tionscadal ba thábhachtaí ná córas Iarratais um Bainistiú Fhorfheidhmiú Ceadúnais (LEMA) a fhorbairt chun na feidhmeanna forfheidhmithe a bhí ann cheana a uathoibriú, feidhmeanna a bhaineann le haschuir cheadúnaithe a ghlacadh, le gearáin agus le teagmhais a phróiseáil, le himscrúduithe géilliúntais agus le comhad poiblí leictreonach a tháirgeadh. Ina theannta sin, d'fhorbair an EPA uirlisí bunaithe ar an nGréasán do cheadúnaithe EPA lena n-úsáid chun sonraí a chur faoi bhráid an EPA, sonraí monatóireachta ceadúnaí san áireamh (ar nós monatóireachta timpeallaí agus monatóireachta ar astúcháin). Rinneadh obair forbartha thábhachtach ar an gcóras ceadúnaithe (ag úsáid na tairseach Gréasáin ALDER/EDEN) le linn 2012, ionchur tábhachtach ón Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil san áireamh, agus é beartaithe an córas sin a sheoladh i mí Eanáir 2013.

Is tábhachtach an rud é a thabhairt faoi deara gur féidir an córas seo a úsáid chun tuilleadh rudaí a

dhéanamh seachas tuarascálacha monatóireachta amháin a chur isteach. Córas éifeachtach um bainistiú géilliúntais atá ann freisin don EPA agus don cheadúnaí. Tá an obair forbartha seo fós ar siúl agus leanfar ar aghaidh léi in 2013.

Rinne an EPA 135 iniúchadh agus 677 imscrúdú ar láithreáin dramhaíola agus ar láithreáin a bhfuil ceadúnú IPPC acu. Chomh maith leis sin, rinne an EPA 199 iniúchadh ar láithreáin a bhfuil Ceadúnas um Scaoileadh Fuíolluisce acu.

D'eisigh an EPA 826 fógra neamhghéilliúntais (NONCanna) ar an iomlán.

Reáchtáil an EPA 101 cruinniú le ceadúnaithe chun déileáil le ceisteanna neamhghéilliúntais.

Fuarthas 1,038 gearán ar an iomlán faoi na láithreáin sin ar tugadh ceadúnas dóibh; bhain 78% de na gearáin sin le ceisteanna bolaidh.

Tugadh fógra don EPA faoi 1,594 teagmhas faoi réir théarmaí na gceadúnas.

Tábla 3: Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe 2012

Gníomhaíochtaí	Líon in 2012
Cigireachtaí Forfheidhmithe IPPC & Dramhaíola	658
Iniúchtaí & Imscrúduithe ar Fhorfheidhmiú IPPC agus Dramhaíola	812
Iniúchtaí ar Fhorfheidhmiú Ceadúnas um Scaoileadh Fuíolluisce	200
Iniúchtaí ar Uisce Óil	84
Gearáin a Fuarthas	1038
Fógraí Neamhghéilliúntais a Eisíodh	826
Cruinnithe maidir le Géilliúntas a Tionóladh	101
Teagmhais arna gCur in Iúl don Ghníomhaireacht	1594

FORFHEIDHMIÚ DLÍ

Bhí rath ar 16 ionchúiseamh cúirte a thionscain an EPA ar éisteadh leo sa Chúirt Dúiche, agus ar ionchúiseamh amháin ar éist an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí leis. Gearradh costais agus fíneálacha iomlána arbh fhiú iad agus €1,188,058. Ina measc sin bhí fíneálacha thar na bearta a bhain le ciontú Oxigen Environmental Ltd. agus Chomhairle Contae an Chabháin (€780,000 agus €260,000 faoi seach) as sáruithe cheadúnas dramhaíola ag Líonadh Talún Corranure, Co. an Chabháin. Leagtar amach i dTábla 4 na gníomhaíochtaí um fhorfheidhmiú dlí ar thug an EPA fúthu.

Tábla 4: Gníomhaíochtaí um Fhorfheidhmiú Dlí in 2012

Líon na nIonchúiseamh ar éisteadh leo sa Chúirt Dúiche	16
Líon na gcásanna ar éist an DPP leo	1
Fíneálacha arna mbronnadh ar an EPA (An Chúirt Dúiche)	€18,850
Fíneálacha arna mbronnadh i gcásanna DPP**	€1,040,000
Fíneálacha arna mbronnadh ar an státchiste	€2,000
Costais arna mbronnadh ar an EPA (An Chúirt Dúiche)	€63,583
Costais arna mbronnadh i gcásanna DPP*	€40,000
Fíneálacha & Costais Iomlána	**€1,164,433**

*Tá costas na seirbhísí dlíthiúla arna soláthar don Ghníomhaireacht curtha san áireamh i gcostais an EPA.
**Á achomharc i láthair na huaire.

Reáchtáil an EPA a chéad chomhdháil faoi Rialú agus Forfheidhmiú Comhshaoil in 2012.

FEIDHMÍOCHT REACHTÚIL NA N-ÚDARÁS ÁITIÚIL

Rinne an EPA 84 iniúchadh ar uisce óil agus 200 iniúchadh ar fhuíolluisce in 2012.

Cuireadh tús le 205 imscrúdú nua i rith na bliana, ar scór gearáin a fuair an EPA nó bunaithe ar theagmhais arna dtabhairt faoi deara ag an EPA, a bhain le gníomhaíochtaí a raibh na n-údaráis áitiúla freagrach astu. Críochnaíodh 206 imscrúdú ar an iomlán i rith na bliana. Tugadh sé Threoir ar an iomlán d'údaráis áitiúla. Bhain ceithre cinn de na Treoracha seo le ceisteanna uisce óil agus bhain dhá cheann díobh le ceisteanna dramhaíola.

AN LÍONRA FORFHEIDHMITHE

Lean an EPA ar aghaidh le Líonra Náisiúnta um Ghéilliúntas agus um Fhorfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann (NIECE) a chomhordú. Úsáideann an Líonra na hacmhainní comhchoiteanna, an saineolas agus an cumas imscrúdaithe atá ar fáil go náisiúnta chun dul i ngleic le ceisteanna comhshaoil. Tá an Líonra bunaithe go maith anois agus tugann sé os cionn 1,000 ball foirne le chéile ó bhreis agus 50 gníomhaireacht sa tír. I measc torthaí móra an Líonra in 2012 bhí bunú roinnt grúpaí oibre chun dul i ngleic le ceisteanna a bhain le huisce óil, le fuíolluisce baile, le pleanáil gníomhaíochta maidir le torainn, le breoslaí soladacha, le tuaslagóirí agus le péinteanna maisiúcháin.

Reáchtáil an EPA ceardlann do Chomhordaitheoirí RMCEI agus Gearán i mí na Samhna. Ba é cuspóir na ceardlainne ná athbhreithniú a dhéanamh ar RMCEI agus ar Phleanáil do 2013 agus athbhreithniú a

dhéanamh freisin ar an nós imeachta gearán agus ar Líne Náisiúnta na nGearán Comhshaoil. I measc na nithe eile ar an gclár oibre bhí cur i láthair a rinne baill Údaráis Áitiúil ar chás-staidéir fhorfheidhmithe, mar aon le torthaí suirbhé an RMCEI, tosaíochtaí náisiúnta forfheidhmithe do 2013, cur i bhfeidhm an nóis imeachta náisiúnta maidir le gearáin agus forbairtí ar Líne Náisiúnta na nGearán Comhshaoil.

Sheol an EPA láithreán Gréasáin Eislín Líonra nua a chuidíonn le malartú faisnéise agus leis an gcomhobair a dhéanann na baill ar cheisteanna forfheidhmithe. Foilsítear fógraí do na baill a bhaineann le topaicí forfheidhmithe agus le himeachtaí spéisiúla ar an láithreán Gréasáin gach seachtain .

E-PRTR

Tá an EPA freagrach as an gClár ar Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán Eorpach (E-PRTR) a chur le chéile go bliantúil faoi Rialachán (CE) Uimh. 166/2006. Chuir an Ghníomhaireacht a tríú tuarascáil E-PRTR, le haghaidh na bliana 2009, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar an 31 Márta 2011.

Seo a leanas an obair a bhaineann leis na Rialacháin PRTR a chur i bhfeidhm:

- Sonraí a chuireann saoráidí tionscail móra isteach gach bliain, ar suas go 91 substaint nó truailleán, a bhailiú agus a fhíorú. Cuimsíonn sé astúcháin chuig an aer, uisce agus fuíolluisce chomh maith le haistrithe dramhaíola guaisí agus neamhghuaisí lasmuigh den láithreán.
- I mí an Mheithimh 2011 chuir an EPA tús le huirlis nua ríomhthuairiscithe a fhorbairt le hastúcháin substaintí PRTR a mheas a scaoiltear amach ó ionaid phoiblí chóireála fuíolluisce, bunaithe ar shonraí iarbhír monatóireachta ó ionaid chóireála ionadaíocha. Mar bhuaicphointe an staidéir anailísigh seo cruthaíodh an ríomh-uirlis, ar seoladh í i mí Dheireadh Fómhair 2012. Mar thoradh ar an staidéar 12 mhí seo d'fhéadfadh na húdaráis áitiúla a gcuid costas monatóireachta a laghdú go mór. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí feabhas mór a chur ar an tacar sonraí do shubstaintí/thruailleáin PRTR na hearnála seo.

IRELAND'S ENVIRONMENT 2012 – AN ASSESSMENT (MEASÚNÚ AR CHOMHSHAOL NA HÉIREANN 2012)

I mí an Mheithimh sheol an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tUasal Pilib Ó hÓgáin, T.D., an cúigiú 'Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil' de chuid an EPA, *Ireland's Environment 2012: An Assessment*. Eisíonn an EPA 'Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil' gach ceithre bliana arb é an measúnú fianaise-bhunaithe is uileghabhálaí a dhéantar ar an gcomhshaol in Éirinn.

Ag úsáid sonraí arna dtáirgeadh ag an EPA agus ag raon comhlachtaí eile, tugtar le chéile in aon doiciméad amháin staid phríomhghnéithe an chomhshaoil in Éirinn. I measc na bpríomhghnéithe seo tá athrú aeráide, aer, uisce, dramhaíl, talamh agus ithir, nádúr agus bithéagsúlacht. Déantar anailís sa tuarascáil ar an mbrú a chuirtear ar an gcomhshaol, ar an dóigh ina bhfuilimid ag freagairt do na ceisteanna comhshaoil reatha agus dóibh siúd atá ag teacht chun cinn, ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir le príomhspriocanna na hEorpa, agus ar na bearta is gá a dhéanamh chun an tsócmhainn fhíorthábhachtach seo a chosaint. Bhí caibidil nua sa Tuarascáil 2012 ar an ngaol atá ann idir an comhshaol agus sláinte na ndaoine. Bhí rannóg bhreise inti freisin ar an ngaol idir an comhshaol agus an geilleagar.

Léirítear in 'Ireland's Environment, An Assessment, 2012' go bhfuil ag éirí go maith linn i gcoitinne i réimsí áirithe, ar nós bhainistiú na dramhaíola agus chaighdeán an aeir. Ach léirítear inti freisin go bhfuil mórdúshláin le sárú againn i réimsí eile, ar nós chosaint an nádúir, chaighdeán an uisce agus athrú aeráide.

Tugtar breac-chuntas sa Tuarascáil ar cheithre phríomhdhúshlán ar gá dul i ngleic leo, ar son na tíre, sna blianta atá le teacht chun ár n-acmhainn chomhshaoil a chosaint:

1. Meas a bheith againn ar ár gcomhshaol nádúrtha agus é a chosaint, go háirithe cosaint an uisce agus an nádúir;
2. Geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní a chruthú;
3. Reachtaíocht i leith cúrsaí comhshaoil a chur i bhfeidhm; agus
4. An comhshaol a chur ag lár na cinnteoireachta.

Chun cur leis an Tuarascáil seo, tá rannóg speisialta ag an EPA ar a láithreán Gréasáin don phobal agus do lucht ceaptha beartas ina bhfoilseofar faisnéis maidir le príomhtháscairí comhshaoil, faisnéis a ndéanfar í a nuashonrú go rialta. Cuirfear an fhaisnéis nuashonraithe ar fáil i bhformáidí éagsúla ar an acmhainn luachmhar seo, lena n-áirítear físeáin, painéil rialúcháin, cairteacha agus graif, measúnuithe comhshaoil, agus naisc chuig foinsí faisnéise eile. Tá an Tuarascáil agus na hacmhainní nua ar líne ar fáil ar www.epa.ie.

AN TREOIR UM MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL (SEA)

I measc na bPríomhmheasúnuithe Straitéiseacha Comhshaoil a rinne comhlachtaí poiblí in Éirinn in 2012 agus a ndearna an EPA aighneachtaí fúthu bhí:

- Dhá Phlean Thrasteorann – Plean Gníomhaíochta Thuaisceart Éireann maidir le Leictreachas Inathnuaite Ar Tír agus Máistirphlean Straitéiseach Cois Abhann le haghaidh Abhainn an Fheabhail
- Plean Náisiúnta amháin - An Clár um Chothabháil ar Dhraenáil Artaireach & Sonrú Cainéal Ard-Riosca 2011-2015
- Dhá Phlean Réigiúnacha maidir le hUisce - Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte i bhFine Gall Oirthear na Mí, Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte i nDobharcheantar na Dothra
- Plean Iompair Réigiúnaigh Amháin - Plean Straitéiseach Limistéar an Mheán-Iarthair
- SEA amháin maidir le hAerfort – Plean Limistéir Áitiúil maidir le hAerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire 2012-2018
- Straitéis Fuinnimh Inathnuaite Contae amháin (Ciarraí)
- 31 Plean maidir le hÚsáid Talún ar leibhéal Contae agus Áitiúil
- 42 Aighneacht Scópála SEA
- 97 Aighneacht Scagtha

D'fhoilsigh an EPA *Effectiveness Review of SEA in Ireland* i mí na Nollag 2012, ar son na cúig Údarás Reachtúla SEA (SAanna). Rinne na cúig údarás áitiúla Fóram Náisiúnta Teicniúil SEA (Údarás Áitiúil) a chur ar bun, bunaithe ar na moltaí a tugadh san Athbhreithniú ar SEA. D'oibrigh na húdaráis reachtúla comhshaoil as lámha a chéile chun Plean Gníomhaíochta SEA a fhorbairt don tréimhse 2012–2016, plean a bhfuil mar phríomhchuspóir aige na príomhthorthaí agus na príomhmholtaí atá san Athbhreithniú ar SEA a chur i bhfeidhm mar ábhar tosaíochta agus feabhas a chur ar éifeachtacht an SEA in Éirinn i gcoitinne.

Agus dea-chleachtas in SEA á chur chun cinn in Éirinn, ghlac an Fhoireann SEA páirt i bhFóraim Réigiúnacha SEA, i nGrúpa Stiúrtha Chreatphlean Comhtháite na Sionainne agus i nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta CFRAMS. Tagann lucht ceaptha pleananna agus na húdaráis chomhshaoil le chéile i bhFóraim Réigiúnacha SEA chun athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhghnéithe a bhaineann le SEA. Déantar é seo agus Pleananna/Cláir nó príomhfhorbairtí in SEA á n-ullmhú nó chun cuidiú le taithí cás-staidéir a roinnt.

I láthair agus tuarascáil an EPA *Ireland's Environment 2012-An Assessment* á seoladh bhí Micheál Ó Cinnéide (Stiúrthóir an EPA), Pilib Ó hÓgáin, An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Micheal Lehane (EPA) agus Laura Burke (Ard-Stiúrthóir an EPA).

Tá an acmhainn SEA ar líne um Chuardach agus Tuairisciú GIS á forbairt i láthair na huaire. Is é is aidhm don acmhainn ar líne seo ná uirlis mheasúnaithe a chur ar fáil d'úsáideoirí inmheánacha agus d'úsáideoirí seachtracha araon. Cruthóidh an uirlis tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar na baoil/híogaireachtaí i limistéar ar leith, rud a chabhróidh le SEAanna a ullmhú. A luaithe is a bheidh an uirlis curtha i bhfeidhm, d'fhéadfadh sí cur le héifeachtúlacht phríomhchéimeanna an phróisis SEA trí phríomhacmhainní agus trí phríomhíogaireachtaí comhshaoil a aithint ar mhodh córasach agus caighdeánaithe.

FAISNÉISÍOCHT & CÓRAIS FAISNÉISE GEOGRAFAÍ (GIS)

D'éirigh leis an Aonad Faisnéisíochta & GIS atá ina chuid den EPA forbairt a dhéanamh ar líon tábhachtach d'fheidhmchláir in 2012. Leis na feidhmchláir seo is féidir rochtain níos fearr a dhéanamh ar shonraí agus ar na príomhuirlisí tacaíochta cinnidh a chuireann ar chumas páirtithe leasmhara dul i mbun a gcuid tascanna ar shlí níos éifeachtúla.

Forbraíodh feidhmchlár nua inmheánach WebGIS ar a dtugtar an Córas Faisnéise Comhshaoil chun tacú le measúnuithe ar cheadúnais agus le measúnuithe eile ar an gcomhshaol. Chuir an feidhmchlár seo go mór leis an bhfeidhmiúlacht agus bhí uirlisí nua uathoibríocha um thacaíocht chinnidh ina chuid de. Leis na huirlisí

seo is féidir rochtain a dhéanamh ar shonraí ar an bpointe, rud a thógfadh mórmhéid ama le comhordú roimhe seo.

Forbraíodh córas nua uisce snámha a chuireann ar chumas na n-údarás áitiúil láithreáin uisce snámha a bhainistiú agus torthaí monatóireachta a uaslódáil ar líne lena gcur faoi bhráid an EPA, de réir riachtanais nua an Aontais Eorpaigh. Déanann an córas foráil freisin don tuairisciú éifeachtúil Aontais Eorpaigh. Rinneadh mórobair athfhorbartha freisin ar SPLASH, an láithreán Gréasáin poiblí d'uisce snámha (http://splash.epa.ie), arna fhoilsiú don séasúr uisce snámha 2013.

D'oibrigh an tAonad Faisnéisíochta & GIS ar fhoireann thras-oifige le modheolaíocht um measúnú riosca a fhorbairt, ag úsáid ardteicnící spásanailíse GIS, chun tacú leis an bPlean Náisiúnta Imscrúdaithe le haghaidh córas baile um chóireáil fuíolluisce. Úsáideadh torthaí na hanailíse chun líon na n-imscrúduithe a leagadh amach atá le déanamh ar leibhéal contae. Chun tacú leis a bplean a chur i bhfeidhm, forbraíodh Iarratas Fuíolluisce Bhaile ar líne in EDEN chun a chur ar chumas na n-údarás áitiúil torthaí na n-imscrúduithe acu a phleanáil, a bhainistiú agus a thaifeadadh.

Faoi Airteagal 15 den Chreat-Treoir Uisce (WFD), cuireadh de cheangal ar an EPA tuarascáil a chur isteach faoi dheireadh 2012 maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh Clár na mBeart a chur i bhfeidhm. Ar iarratas ón DECLG, thug an EPA faoi obair bhreise chun eolas maidir leis na seacht gCeantar Abhantraí a chomhordú. Chomh maith leis sin, agus a ról oifigiúil á chomhlíonadh aige, thuairiscigh an EPA don Choimisiún Eorpach. Agus deacrachtaí maidir le tuairisciú agus forfheidhmiú amach anseo á dtabhairt faoi deara, threoraigh an tAonad Faisnéisíochta & GIS tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ceisteanna agus chun próisis bainistíochta a shainmhíniú, próisis a chabhróidh le Clár na mBeart de chuid an WFD a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr amach anseo. Úsáidfear an tionscadal seo mar bhunús do chóras Chlár na mBeart in 2013 agus ina dhiaidh sin.

Bhí baint mhór ag an Aonad Faisnéisíochta atá ina chuid den EPA le pleanáil conas an úsáid is fearr a bhaint as GIS laistigh den Fheidhmchlár um Monatóireacht agus Forfheidhmiú Ceadúnais (LEMA). In 2012 rinneadh GIS a chomhtháthú in LEMA chun cuidiú le sreafaí oibre maidir le hiarratais ar cheadúnas agus le forfheidhmiú. Forbraíodh uirlis mheasúnaithe riosca (DREAM) freisin chun cuidiú le hacmhainní a dhíriú atá riachtanach chun rialú a dhéanamh ar láithreáin chóireála fuíolluisce.

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE

Glacadh 23,610 sampla agus rinneadh anailís orthu maidir le raon ceimiceán agus, nuair ba chuí sin, paraiméadair mhicribhitheolaíochta. Tógadh samplaí as aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uisce taoide, láisteáití ó líonadh talún, eisiltigh IPPC, scaoileadh fuíolluisce, agus astúcháin aeir. Rinneadh an obair mar chuid de chláir mhonatóireachta náisiúnta, lena n-áirítear cláir Oibriúcháin agus Faireachais na Creat-treorach Uisce (WFD) agus rinneadh í le tacú le Forfheidhmiú i leith cúrsaí Comhshaoil agus mar chuid de na cláir réigiúnacha atá ar siúl thar ceann údarás áitiúil san oirdheisceart, san iarthar agus san oirthuaisceart.
Cuireadh seirbhísí ar fáil fós don Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil de chuid an EPA maidir le hinneachar comhairleach agus le hiniúchtaí ar ionaid chóireála fuíolluisce.

AN CLÁR IDIRCHALABRÚCHÁIN

Ghlac dhá shaotharlann níos lú páirt i gclár idirchalabrúcháin an EPA sa chaoi go raibh 135 ceann acu ar an iomlán páirteach ann in 2012. Ina measc siúd bhí saotharlanna de chuid na n-údarás áitiúil, saotharlanna an IPPC agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don EPA agus saotharlanna réigiúnacha de chuid an EPA féin. Seoltar na gnéithe den chlár a bhaineann le réiteach agus scaipeadh samplaí chuig saotharlann sheachtrach fós.

Rinneadh nuashonrú in 2012 ar chlár na saotharlann, a bhfuil foráil déanta ina leith in Alt 66 d'Acht an EPA 1992. Is féidir imscrúdú a dhéanamh ar an gclár ag www.epa.ie.

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH COMHSHAOIL (EEA)

Lean an EPA ar aghaidh agus é ag feidhmiú ina ról mar Phointe Comhtheagmhála Náisiúnta d'Éirinn le comhordú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise comhshaoil leis an EEA agus le forbairt agus cothabháil an líonra náisiúnta agus le teagmhálacha, iarratais agus seachadtaí a éascú agus a chomhordú idir leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Comhlíonann Táscairí Comhshaoil ar líne de chuid an EPA riachtanais tuairiscithe éagsúla lena n-áirítear tuairisciú ar Staid an Chomhshaoil (SOE) don EEA agus tuairisciú ar tháscairí náisiúnta.

BUAICPHOINTÍ NA DTIONSCNAMH TAIGHDE

Tá tionscadail fós á maoiniú ag an gClár Taighde a thacaíonn leis an obair atá ar siúl ag an Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil. Ina measc tá tionscadail ar umair mhúnlaigh, ar úsáid thairbhiúil seanlíonta talún agus ar theicneolaíochtaí núíosacha forfheidhmithe. I measc na dtionscadal nua arna mbronnadh in 2012 bhí tionchar an eisiltigh fuíolluisce ar an láthair ar aibhneacha agus ar thoibreacha, méadú ar an Éifeachtúlacht Acmhainne in Ionaid Chóireála Fuíolluisce agus dhá thionscadal a d'fhéach ar theicneolaíochtaí scagacháin a fhorbairt don chóireáil uisce óil

Tugadh cur i láthair ar an gClár Taighde ag roinnt imeachtaí in 2012, lena n-áirítear an Siompóisiam Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú na hAcmhainne Uisce (a dhírigh go speisialta ar an tSín) i mí na Bealtaine 2012, Siompóisiam na hEorpa maidir leis an gComhshaol agus an tSláinte i bPáras (mí an Mheithimh 2012), agus Fóram Oscailte na hEorpa maidir leis an Eolaíocht (ESOF) i mí Iúil 2012.

Ina theannta sin, thug an EPA tacaíocht airgeadais don chomhdháil Environ 2012 a reáchtáil UCD thar thréimhse trí lá i mí Aibreáin 2012 agus ghlac sé páirt inti. D'fhreastail timpeall is 250 toscaire ar an imeacht, le thar 80 láithreachas béil ó thaighdeoirí thar raon leathan d'ábhair chomhshaoil lenar áiríodh athrú aeráide, an comhshaol agus sláinte; teicneolaíochtaí comhshaoil, bithéagsúlacht agus caighdeán an uisce.

D'fhorbair foireann taighde an EPA bunachar sonraí a bhfuil faisnéis ann faoi na tionscadail seo go léir agus ar féidir cuardach a dhéanamh air de réir: eochairfhocal, príomhthaighdeora, institiúide taighde, srl. Seoladh an bunachar sonraí ag comhdháil taighde ar an 28 Meitheamh agus tá na mionsonraí seo a leanas ar fáil ann: achoimre tionscadail, an dáta deiridh ionchais agus, más iomchuí san, nasc chuig an tuarascáil/aschur deiridh.

Tá an EPA ina chomhphairtí den líonra cisteoirí taighde WATER JPI. Fuair an Cuibhreannas deimhniú go bhfuil maoiniú faighte aige ón CE faoi FP7. Seolfar an tionscadal go foirmiúil i Maidrid i mí Feabhra 2013 agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh trí bliana.

De réir Molta 7.4.8 in athbhreithniú an EPA, tugadh rochtain don phobal ar bhunachar sonraí inchuardaithe taighde an EPA i ndeireadh mhí an Mheithimh 2012. Rinneadh thar 1800 cuardach ar an mbunachar sonraí ó shin i leith.

Foilsíodh 24 tuarascáil taighde in 2012 (féach liosta na bhfoilseachán i gCuid 2).

TIONSCNAIMH CUMARSÁIDE & SEIRBHÍSE DO CHUSTAIMÉIRÍ

Cuidíonn an Clár Ceadúnaithe Chomhshaoil go gníomhach le rannpháirtíocht an phobail trí eolas a sholáthar i bhfógraí reachtúla sna meáin náisiúnta agus áitiúla agus ar láithreán Gréasáin an EPA. Déantar comhaid iarratais ar cheadúnas a uaslódáil chuig láithreán Gréasáin an EPA ar bhonn laethúil.

Chomh maith leis sin, cuireann an Clár Ceadúnaithe Chomhshaoil 'Fothaí RSS' ar fáil ar a Leathanaigh Chuardach Ceadúnaithe. Cuireann seo ar cumas cách liostáil d'iarratas ar cheadúnas ar bith a bhfuil suim acu ann. A luaithe is a liostálann siad, gheobhaidh siad foláirimh go huathoibríoch ina 'Léitheoir RSS' nuair a chuirfear doiciméad nua le hiarratas áirithe ar cheadúnas ar láithreán Gréasáin na Gníomhaireachta, rud a thabharfaidh rochtain láithreach dóibh.

7. EAGRAÍOCHT ARDFHEIDHMÍOCHTA A THÓGÁIL

DAOINE INNIÚLA/TIOMANTA

Is é sprioc leanúnach an EPA go mbeidh fórsa saothair tiomanta againn a fheidhmeoidh go feadh a chumais.

Ag eascairt ón gComhaontú Seirbhíse Poiblí agus ón gCreat Rialaithe Fostaíochta, laghdaíodh líon foirne an EPA go 315 faoi dheireadh 2012. Bhí céad tríocha is a naoi ball foirne lonnaithe i gCeanncheathrú an EPA i Loch Garman agus fuílleach na foirne lonnaithe go straitéiseach i gcúig Chigireacht Réigiúnacha agus i dtrí Oifig eile ar fud na tíre.

Déanann an EPA athbhreithniú leanúnach ar a struchtúr eagraíochta agus a chuid acmhainní chun cinntiú go bhfuil sé ar a chumas a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Rinneadh athrú mór ar an struchtúr eagraíochta roinnt uaireanta chun dul in oiriúint do chaillteanas ball foirne agus chun machnamh a dhéanamh ar thosaíochtaí agus ar dhúshláin nua.

Cé go ndearna an EPA athbhreithnithe ar acmhainní agus ar éifeachtúlacht, ar bhonn rialta, a raibh cosúil leis an bpleanáil lucht oibre ó thaobh cineáil de, d'fhorbair sé plean lucht oibre níos foirmiúla in 2012 a chuir na treoirlínte a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe san áireamh.

Ghlac an EPA páirt sa Scéim Náisiúnta Intéirneachta in 2012. D'éirigh le cuid mhór de na hIntéirnigh a ghlac páirt sa scéim fostaíocht lánaimseartha a fháil mar thoradh ar a socrúchán leis an EPA.

D'fhonn scileanna agus eolas den scoth a fhorbairt go leanúnach ar fud na heagraíochta, tá an EPA tiomanta go mór d'fhorbairt agus d'oiliúint na foirne. Léirítear an tiomantas sin i leithdháileadh buiséid d'Fhoghlaim & Fhorbairt atá comhionann le tuairim is 2.5% den chaiteachas párolla. Caitheadh €529,000 go díreach ar an oiliúint i rith na bliana. I rith 2012 ghlac baill foirne páirt i gclár ina raibh 285 imeacht, idir chúrsaí oiliúna (inmheánacha, seachtracha & speisialta), cheardlanna, chomhdhálacha agus sheimineáir. B'ionann sin agus 1,878 lá oiliúna ar fad agus 5.85 lá oiliúna in aghaidh an duine.

Leanadh ar aghaidh leis an 'Straitéis Foghlama Corparáidí 2010-2012' a chur i bhfeidhm in 2012 faoin Tionscadal LINKS (Learning, Innovation, Networking, Knowledge, Sharing / Foghlaim, Nuálaíocht, Líonrú, Eolas, Roinnt). Is iad na haidhmeanna atá ag an Straitéis Foghlama Corparáidí (CLS) ná:

- rochtain ar oiliúint ghairmiúil agus bainistíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil do bhainisteoirí agus do bhaill foirne agus deis leanúnach a thabhairt dóibh forbairt agus fás pearsanta a bhaint amach;
- meicníochtaí a chur ar fáil trína mbeidh baill foirne in ann monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta agus a bheith ar an eolas maidir leo, go háirithe i ndáil le cosaint an chomhshaoil, eolaíocht, teicneolaíocht, agus taighde; airgeadas, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise; teacht ar bhealaí éifeachtacha chun foghlaim a aistriú agus í a chomhtháthú leis an nGníomhaireacht;
- tacú le cinnteoireacht d'ardchaighdeán ar gach ceist chomhshaoil a dteastaíonn scileanna agus breithiúnas d'ardchaighdeán ina leith.

Rinneadh go leor oibre in 2012 ar na sruthanna oibre LINKS; Idirphlé Feidhmíochta agus Cóitseáil, Cumas Teicniúil agus Foghlaim Neamhfhoirmiúil. Roghnaíodh na réimsí oibre sin mar na réimsí is tábhachtaí le breithniú a dhéanamh orthu ag an EPA agus le gníomh a ghlacadh maidir leo, chun cuspóirí foriomlána an CLS a chomhlíonadh. Cuimsítear Iompraíocht Ceannaireachta, Modheolaíocht um Bainistiú Athruithe agus Dea-Chleachtas mar chuid den fhorfheidhmiú freisin.

Cuireadh tús freisin in 2012 le 'Treoirchlár um Fhoireann Ardfheidhmíochta', clár a sholáthair cur chuige struchtúrtha córasach maidir le forbairt foirne.

Leanadh ar aghaidh in 2012 le hobair a dhéanamh ar 'An Bealach ar Aghaidh don Cheannaireacht san EPA'. D'infheistigh an EPA go mór roimhe seo i scileanna/inniúlachtaí ceannaireachta a fhorbairt, obair atá ar siúl aige go fóill, nuair a chuir sé na cláir seo a leanas ar fáil: An Clár um Scileanna Bunúsacha Bainistíochta agus Ceannaireachta agus an Clár Bainistíochta Daoine. Is teoiric iontach bhonnlíne agus bunús láidir iad na cláir seo agus cláir eile le cumas breise ceannaireachta a chruthú.

Tá Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) i bhfeidhm ag an EPA ó 2002, atá cumhdaithe agus lánpháirtíocht á glacadh ann. Is é is aidhm leis an PMDS ná caighdeáin ardfheidhmíochta i measc na bhfostaithe a chur chun cinn, baint amach na gcuspóirí gnó atá leagtha amach i *Fís 2020* a áirithiú, scileanna na bhfostaithe a fhorbairt agus idirphlé soiléir idir bainisteoirí agus fostaithe a chur chun cinn.

In 2012 tugadh cead don EPA Córas Bainistíochta Faisnéise um Acmhainní Daonna nua a chur i bhfeidhm. Bainfidh éifeachtúlachtaí níos mó leis an gcóras comhtháite sin agus cuirfidh sé feabhas ar ról na mBainisteoirí Líne maidir le bainistiú ball foirne. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé cumas tuairiscithe níos fearr ar fáil maidir le bainistiú ball foirne. Cuireadh Beartas Bainistíochta leasaithe i leith Freastail agus Asláithreachta i bhfeidhm go céimneach in 2012.

Tá an EPA tiomanta do shábháilteacht, shláinte agus leas na foirne a chinntiú trí chloí go docht le Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta agus trí chláir oiriúnacha oiliúna, iniúchta, measúnaithe riosca agus feasachta sábháilteachta a chur ar fáil. Tá teist den scoth ar an EPA ó thaobh sábháilteachta de agus níor tharla timpiste thromchúiseach ar bith ag an obair le linn 2012.

Cuireadh béim leanúnach ar chomhoibriú Tras-Oifige inmheánach don EPA maidir lena Chlár Oibre Bliantúil don bhliain 2012 a sholáthar.

Lean roinnt grúpaí teicniúla Tras-Oifige de theacht le chéile agus rinne siad faisnéis a mhalartú i dtaobh ábhar ar nós na Creat-Treorach Uisce, na Treorach maidir le Screamhuisce, na Treorach maidir le Líonadh Talún, agus ceisteanna Ceadúnaithe agus Forfheidhmithe maidir le hUisce, le Screamhuisce, leis an Aer, le IPPC agus le Fuíolluisce.

Tá Coiste Comhpháirtíochta (Meitheal) ar bun ag an EPA ó 1999 i leith. Is trí Ghrúpaí Tras-Oifige a dhéanann Meitheal formhór a chuid oibre. Le linn 2012, bhí ról suntasach fós ag Meitheal i bhforbairt leanúnach na dtionscnamh Sláinte agus Sábháilteachta, i ngníomhaíochtaí na Foirne Glaise, i suirbhé comhshaoil foirne a phleanáil agus in ionchur don Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus do thuarascálacha ar dhul chun cinn.

ATHCHÓIRIÚ AR AN EARNÁIL PHOIBLÍ

D'fhógair an Rialtas i mí na Samhna 2012 go ndéanfaí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíocht (RPII) a chumasc agus cuireadh Grúpa Oibre ar bun ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí Eanáir 2013 chun an próiseas sin a bhainistiú. Sa Ghrúpa Oibre tá an Dr. Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir an IPA (Cathaoirleach Neamhspleách), Iníon Laura Burke, Ard-Stiúrthóir an EPA, an Dr. Ann McGarry, Príomhfheidhmeannach an RPII, Iníon Fiona Quinn, An tAonad um Beartas Comhshaoil, An Roinn Comhshaoil agus an tUasal Terry Dunne, An tAonad um Beartas Radaíochta Comhshaoil, An Roinn Comhshaoil. Cuirtear san áireamh i bPlean Straitéiseach 2013-2015 nua an EPA cinneadh an Rialtais chun an RPII agus an

EPA a chumasc. Tiocfaidh baill foirne thiomanta speisialaithe an dá eagraíocht le chéile mar thoradh ar an bpróiseas seo agus cruthófar eagraíocht láidir eolaíochta a chuimseoidh na hacmhainní saineolacha agus an clú thar barr a bhaineann leis an EPA agus an RPII. Tá faisnéis faoin gcumasc ar fáil ar láithreáin Ghréasáin an EPA agus an RPII agus déanfar an fhaisnéis sin a nuashonrú go rialta.

CURADH COMHSHAOIL

Teastaíonn ón EPA cinntiú go mbíonn cúrsaí comhshaoil ag croílár na cinnteoireachta. Chun tacú leis an aidhm sin, déanann an EPA iarracht cinntiú go bhfaigheann daoine áirithe an fhaisnéis cheart san am cuí d'fhonn bainistíocht comhshaoil éifeachtach a chumasú agus d'fhonn eolas agus oideachas a chur ar fáil ina leith.

Le linn 2012 cuireadh tús le *EPA Strategic Plan 2013-2015 – Working with Others for a Better Environment (Plean Straitéiseach 2013-2015 nua an EPA – Ag Obair as Lámha a Chéile ar mhaithe le Comhshaol Níos Fearr)* a fhorbairt. Seo an cheathrú straitéis fhoirmiúil ó bunaíodh an EPA beagnach 20 bliain ó shin. Bunaíodh gach straitéis ar na straitéisí roimhe agus thaispeáin gach ceann díobh go bhfuil an EPA tar éis oiriúnú chun dúshláin nua agus dúshláin atá ag athrú a chomhlíonadh. Sa Phlean Straitéiseach seo leagtar amach na príomhghníomhartha tosaíochta a dhéanfaidh an EPA idir 2013 agus 2015 chun a mhisean a chomhlíonadh, is é sin an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ag croílár an Phlean Straitéisigh tá an tuairim láidir go bhfuil comhshaol glan sláintiúil atá cosanta go maith riachtanach don téarnamh geilleagrach. Mar sin, déanfaimid ár seacht ndícheall le linn na trí bliana amach romhainn tosaíocht a thabhairt don chomhshaol chun tacú leis an téarnamh geilleagrach. Chuathas i mbun comhairliúcháin phoiblí i ndeireadh 2012 agus fuarthas breis is ochtó aighneacht. Ionchur luachmhar a bhí sna haighneachtaí sin agus an Plean Straitéiseach á fhorbairt, ar foilsíodh é i dtús 2013.

Don ochtú bliain, rinne an EPA urraíocht ar an gcomhdháil bhliantúil *Environment Ireland (Comhshaol Éireann)* i mí Mheán Fómhair 2012. Ba é an téama le haghaidh 2012 ná 'An Comhshaol agus an Geilleagar'. Rinne na cainteoirí scrúdú ar an dóigh is féidir le hearnáil an chomhshaoil cur le téarnamh geilleagrach, agus ar a thábhachtach is atá an comhshaol glan glas in Éirinn ó thaobh mhéid áirithe tionscail de a bhfuil fás ag teacht orthu, lena n-áirítear an turasóireacht agus an talmhaíocht. Is í an chomhdháil an ceann is mó a reáchtáiltear in Éirinn gach bliain maidir le

Humberto Delgado Rosa (An Coimisiún Eorpach), Pilib Ó hÓgáin (An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil) agus Laura Burke (Ard-Stiúrthóir an EPA) ag an 8ú comhdháil de 'Environment Ireland' (Comhshaol Éireann), Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath.

beartas agus bainistíocht comhshaoil. Freastalaíonn toscairí ar an gcomhdháil gach bliain a dhéanann ionadaíocht ar na príomhearnálacha go léir a chuireann spéis i gcomhshaol na hÉireann.

D'eagraigh an EPA léacht phoiblí ar Athrú Aeráide i mí na Samhna ag a raibh breis is 400 duine i láthair. Cuireadh taifeadadh den léacht, maidir le breathnóireachtaí satailíte a úsáid don mhonatóireacht chomhshaoil, ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag www.epa-pictaural.com agus ar chainéal YouTube an EPA ag youtube.com/user/epaireland.

Thacaigh an EPA leis an sraith teilifíse *Eco Eye*, a bhfuil an-tóir uirthi, arís eile in 2012. Chraol RTÉ 1 an deichiú sraith den chlár go luath sa bhliain. D'fhéach 447,643 duine ar an meán ar gach clár. D'aontaigh an EPA tacaíocht a thabhairt do shraith eile a raibh an chuid is mó di críochnaithe i rith na bliana.

Bhí caidreamh idir foireann an EPA agus na páirtithe leasmhara ag raon imeachtaí náisiúnta agus áitiúla le linn na bliana, lena n-áirítear Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT, Rás Aigéin Volvo agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Cuireadh ábhar ar fáil le haghaidh imeachtaí eile freisin chun cabhrú le feasacht chomhshaoil a mhúscailt.

Is cláir iad *Teaghlach Glas* agus *Glasú Comhphobal* a athraíonn iompraíocht. Maoinítear na cláir sin faoin gClár um Chosc ar Dhramhaíl agus tá siad á riar ag An Taisce. Forbraíodh Teaghlach Glas mar chreatchlár chun teachtaireacht na Scoileanna Glasa a chur i bhfeidhm

i measc an phobail i gcoitinne agus ní hamháin sna scoileanna. Tacaíonn an clár le baill teaghlaigh agus tugann sé comhairle dóibh ar an dóigh is féidir leo a mbillí teaghlaigh a laghdú, agus an comhshaol a chosaint ag an am céanna.

Faoi dheireadh 2012, bhí dámhachtainí um Theaghlach Glas faighte ag 70 grúpa a bhí bunaithe sa bhunscoil agus ag 16 ghrúpa comhphobail. Ina theannta sin, bhí 120 grúpa Bailte Slachtmhara cláraithe chun páirt a ghlacadh i dTeaghlach Glas; ainmníodh an clár mar 'Gníomh Tosaíochta' faoi na critéir um íoslaghdú dramhaíola do na Bailte Slachtmhara in 2011. Is clár níos leithne é Glasú Comhphobal, ar comhthionscnamh é ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an EPA agus An Taisce, clár a bhfuil mar aidhm aige fás pobal láidir glas a spreagadh in Éirinn. Téann an clár i dteagmháil le hoibreoirí cláir, le húdaráis áitiúla agus le curaidh chomhphobail chun an dea-chleachtas a thaifeadadh agus a leathadh a bhaineann le hiompraíocht dhearfach chomhshaoil i gcomhphobail agus idir eatarthu.

Tá maoiniú curtha ar fáil ag an EPA do thaighde agus tá tacaíocht nach beag tugtha ag an taighde sin do bheartas agus do chinnteoireacht chomhshaoil ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Torthaí suntasacha ar an gclár taighde atá sna tuarascálacha deiridh ó thionscadail atá curtha i gcrích. Foilsíodh 24 tuarascáil taighde in 2012. Lean an EPA ar aghaidh in 2012 le forbairt na faisnéise atá bunaithe ar an nGréasán. I measc na bpríomhfhorbairtí bhí:

- Bunachar sonraí inchuardaithe taighde a fhorbairt tar éis córas chun tionscadail a bhainistiú agus iarratas a dhéanamh ar dheontas ar an nGréasán a thabhairt isteach don chlár taighde in 2011. Baintear úsáid as an gcóras de ghnáth anois chun iarratais ar dheontais a dhéanamh, a phróiseáil agus a bhronnadh ar líne. Rinneadh beagnach 1,800 cuardach taighde ar an mbunachar sonraí seo ó tugadh isteach é i lár 2012.

- Soláthar níos fearr faisnéise faoi thaighde arna mhaoiniú ag an EPA trí acmhainn sonraí SAFER atá ar fáil trí láithreán Gréasáin an EPA. Tá beagnach 2800 comhad sonraí ar fáil go poiblí i láthair na huaire agus tá teacht níos fearr ag an bpobal ar shonraí a eascraíonn as taighde atá maoinithe ag an EPA dá mbarr.

- Rinneadh nuashonrú i rith an tséasúir snámha 2012 ar an láithreán Gréasáin ar chaighdeán an uisce *SPLASH* (www.bathingwater.ie) le hionann is sonraí fíor-ama maidir le caighdeán an uisce snámha. Cuireadh tús in 2012 le Córas Eolais um Uisce Snámha a fhorbairt mar aon le Modúl um Fhógraíocht Teagmhais arna gceapadh chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla sonraí agus doiciméadúchán uisce snámha a chur isteach go leictreonach agus chun naisc a sholáthar chuig láithreán Gréasáin SPLASH agus bunachair shonraí An Taisce. Cuireadh é seo ar fáil don séasúr snámha 2013.

Chomh maith leis sin, d'fhorbair an EPA acmhainn Ghréasáin bunaithe ar tháscaire comhshaoil ar líne (epa.ie/irelandsenvironment) a ghabhann leis an tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil. Ceapadh an acmhainn seo chun faisnéis bheacht atá cothrom le dáta faoin gcomhshaol in Éirinn a chur ar fáil do phobal i gcoitinne agus do lucht ceaptha beartas. Is féidir an tuarascáil agus an fhaisnéis táscaire a rochtain i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear físeáin ardaitheora agus saoráid ríomhleabhair. Rinneadh nuashonrú rialta ar an acmhainn táscaire in 2012. Cuireann sé ar chumas an EPA dualgais tuairiscithe áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh beagnach san fhíor-am, agus measúnuithe comhshaoil a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara i bhformáid ar féidir leo a úsáid.

Críochnaíodh athbhreithniú ar láithreán Gréasáin an EPA in 2012 chun nuashonrú a dhéanamh ar a straitéis Idirlín agus chun aithint conas is féidir leis an EPA an Gréasán a úsáid le go mbeadh sé féin agus a lucht féachana ar líne ábalta leas níos fearr a bhaint as. Rinneadh comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara chun ligean don EPA tuiscint a fháil ar riachtanais a lucht féachana ar líne agus chun cumarsáid shoiléir a fhorbairt ar líne atá dírithe ar an lucht féachana. Rinneadh anailís ar thorthaí an athbhreithnithe agus cuireadh plean i bhfeidhm chun athfhorbairt a dhéanamh ar an láithreán Gréasáin. Cuireadh tús leis an obair sin i ndeireadh 2012 agus críochnófar í in 2013 nuair a sheolfar láithreán Gréasáin nua atá dírithe ar an úsáideoir.

Córas Bainistíochta Comhshaoil an EPA

Tá an EPA tiomanta do laghdú a dhéanamh ar thionchair a chuid oibríochtaí féin ar an gcomhshaol. Déanann comhlacht creidiúnaithe seachtrach iniúchadh ar Chóras Bainistíochta Comhshaoil (EMS) an EPA dhá uair sa bhliain chun cinntiú go gcomhlíontar agus go sáraítear riachtanais an Chaighdeáin EMS ISO14001 atá aitheanta ar fud an domhain. Le linn 2012 lean an EPA ar aghaidh ag coimeád creidiúnaithe de réir an

chaighdeáin ISO14001 le haghaidh ár gcuid láithreán agus gníomhaíochtaí go léir a mbíonn tionchar mór acu ar an gcomhshaol.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2012
Is iad na príomhréimsí ina n-úsáidtear fuinneamh in oifigí agus i saotharlanna an EPA ná téamh spáis, soilse, cumhacht agus uisce te. D'úsáid an EPA 2,407.90 MWh d'fhuinneamh in 2012, atá comhionann le laghdú de timpeall is 8% i gcomparáid leis an méid fuinnimh a úsáideadh in 2011. Seo a leanas miondealú ar an úsáid fuinnimh:

1148.71 MWh de leictreachas
723.76 MWh de bhreosla in-athnuaite
366.36 MWh de ghás nádúrtha
117.72 MWh de cheirisín
51.35 MWh de LPG (gás peitriliam leachtaithe)

Tá flít de 40 feithicil chorparáideach ag an EPA a úsáideann díosal den chuid is mó ach a úsáideann bithbhreosla chomh maith, nuair a bhíonn sé ar fáil. In 2012, d'úsáid na feithiclí sin 599.7 MWh de bhreoslaí iompair (díosal).

Thug an EPA faoi raon tionscnamh in 2012 chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na bhfoirgneamh ó thaobh fuinnimh de. Rinneadh formhór na hoibre ar oifigí an EPA i gCorcaigh, a ndearnadh athchóiriú iomlán orthu. Mar chuid den obair sin rinneadh an gloiniú a uasghrádú, le méadú ar U-luachanna ó 4.37 go dtí 1.4, lena mbaineann coigilteas tuartha 70 kWh in aghaidh an mhéadair chearnaigh.

DÍRITHE AR AN GCUSTAIMÉIR

Déanann an EPA a sheacht ndícheall a bheith ina eagraíocht atá dírithe ar an gcustaiméir.

Leanaimid ar aghaidh ag cloí leis na riachtanais atá leagtha amach sa chairt chustaiméirí agus ní dhearnadh aon ghearáin a tharchur chuig an oifigeach QCS in 2012.

Leanann an Láraonad um Cheisteanna Comhshaoil ar aghaidh ag déanamh ceisteanna comhshaoil ón bpobal a lárú agus a bhainistiú, ceisteanna a chuirtear air ar an nguthán, i ríomhphost nó ar an Idirlíon. In 2012, rinneadh timpeall is 3,000 ceist a phlé. Rinne an tAonad 86% de na ceisteanna seo a réiteach, rud a chuir ardleibhéil seirbhíse ar fáil do chustaiméirí.

Bíonn an EPA de shíor ag iarraidh ár gcumarsáid a fheabhsú agus acmhainní oideachasúla a chur ar fáil chun tuilleadh eolais a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas agus chun tionchar a imirt ar an réimse gnó, ar an bpobal agus ar na heagraíochtaí lena n-oibrímid.

Le linn 2012, rinne an EPA 378 fiosrúchán ó na meáin a láimhseáil.

Forbraíodh ailt shaincheaptha do na meáin réigiúnacha a thug eolas ar cheisteanna éagsúla an EPA. In 2012, forbraíodh agus eisíodh sé phreaseisiúint réigiúnacha, a ghin 160 alt ar an iomlán.

Foilsíodh agus scaipeadh *Ráiteas Deireadh Bliana* leis an Ard-Stiúrthóir. Sa Ráiteas sin clúdaíodh buaicphointí phríomhghníomhaíochtaí agus éachtaí an EPA le linn 2011.

Scaipeadh dhá eagrán den nuachtlitir chorparáideach *EPA News* ar shíntiúsóirí le linn na bliana. Formáid nua leictreonach ríomhirise a bhí ar an nuachtlitir.

Rinne an EPA urraíocht ar cheacht faoin torann in *Science and Technology in Action*. Is acmhainn ilmheán do scoileanna dara leibhéal é sin. Chomh maith leis sin, rinne an EPA urraíocht ar dhá thaispeántas rathúla le linn 2012, *Water - Surface Tension* a bhí ar siúl thar trí mhí sa Science Gallery agus *Awakening Curiosity* i Lárionad Cultúir na Leanaí 'The Ark'.

ÉIFEACHTÚIL Ó THAOBH NA HEAGRAÍOCHTA

Tá an EPA tiomanta do na caighdeáin is airde a bheith aige maidir le rialachas corparáideach agus do dheimhin a dhéanamh de go bhfuil cultúr an dea-rialachais fréamhaithe go daingean i ngach Oifig agus aonad gnó. Mar chuid de chur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, lean an EPA ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí inmheánacha faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Rinneadh measúnú neamhspleách ar ghéilliúntas an EPA don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go luath in 2010 i ndiaidh do leasú a bheith déanta ar an gCód in 2009. Fuarthas sa tuarascáil, ar bhunús na hoibre a rinneadh, go dtugtar tosaíocht an-ard do chaighdeáin rialachais chorparáidigh laistigh den EPA. Fuarthas amach freisin go bhfuil tuiscint an-mhaith ag an lucht bainistíochta ar oibleagáidí rialachais chorparáidigh, agus go scrúdaítear iad seo

go rialta, agus go bhfuil nósanna imeachta agus beartais rialachais an EPA i gcomhréir leis an gCód, de réir mar is cuí. Tá sé beartaithe athbhreithniú neamhspleách eile a dhéanamh ar ghéilliúntas an EPA don Chód go luath in 2013.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Rinne an EPA athbhreithniú cuimsitheach ar a Struchtúir Bainistíochta Riosca in 2012. Ina dhiaidh sin rinneadh leasú ar Bheartas Bainistíochta Riosca an EPA chun go mbeadh sé ag géilleadh go hiomlán d'fhorálacha an Chóid Cleachtais leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá Príomhoifigeach Riosca agus Coiste Riosca ag an EPA.

Mar chuid de phróiseas Bainistíochta Riosca an EPA déantar imeachtaí agus gníomhaíochtaí a aithint, a rangú, a mheas, agus a rialú agus déantar monatóireacht orthu.

Feidhmíonn an córas trí shraith gníomhaíochtaí nasctha, lena n-áirítear:

- Ceardlanna Éascaithe
- Díospóireachtaí aonair agus grúpa ar leibhéal Oifige
- Cláir riosca a tháirgeadh
- Pleanáil, monatóireacht agus rialú ar rioscaí arna n-aithint ag úinéirí sannta
- Ráitis rialaithe agus árachas riosca a tháirgeadh
- Maoirseacht ag an gCoiste Riosca, fochoiste an Bhoird

Tacar nósanna imeachta um bainistíocht riosca atá anseo. Creat atá ann freisin a dhéanann rioscaí ad hoc a bhainistiú de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tháinig an Coiste Riosca le chéile dhá uair in 2012. Críochnaíodh athbhreithniú níos bunúsaí ar rioscaí ar leibhéal Oifige in 2012 agus bunaíodh Clár Rioscaí Uile-Oifige.

Rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagtar amach ann na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh faoi na naoi gceannteideal seo a leanas:

- Clú
- Rialuithe Oibriúcháin & Gnó
- Pearsanra
- Dlíthiúil agus Rialála
- Bainistíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise
- Calaois agus Caimiléireacht
- Buiséadach/Airgeadais
- Sláinte & Sábháilteacht agus
- Idirghníomhaireachta.

Déantar monatóireacht go rialta ar an gClár Rioscaí Uile-Oifige agus ar an gClár Rioscaí Corparáideacha.

Chuir an EPA aithne ar dhúshláin agus ar dheiseanna agus a Phlean Straitéiseach 2013-2015 á fhorbairt aige. Bhain siad seo leis na ceithre cheannteideal seo: Cosaint Chomhshaoil, Téarnamh Geilleagrach, Sochaí agus Leasú.

Iniúchadh Inmheánach

Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaí sinsearach ón nGníomhaireacht féin. Rinneadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA 2012–2013 a chur i bhfeidhm de réir a chéile nuair a cuireadh dhá iniúchadh chaighdeánacha mar aon le dhá Athbhreithniú Luach ar Airgead i gcrích.

Rinneadh iniúchtaí inmheánacha sna réimsí seo a leanas:

- An Tionscadal LEMA, Céim 1; agus
- Athbhreithniú ar Sholáthar san EPA.

Is iad An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an EPA a dhéanann na Pleananna Forfheidhmithe chun dul i ngleic le moltaí an iniúchta a fhaomhadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá i ngach aon cheann de na Pleananna um Chur i bhFeidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus do Bhord an EPA ina leith.

Rinneadh athbhreithnithe ar Luach ar Airgead sna réimsí seo a leanas:

- An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus
- An Chreat-Treoir Uisce.

Bhí an dá thuarascáil á dtabhairt chun críche i ndeireadh 2012 agus cuirfear na tuarascálacha deiridh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí in 2013. Rinneadh na hAthbhreithnithe Luach ar Airgead i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.
Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá i ngach aon cheann de Phleananna Forfheidhmithe na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus do Bhord an EPA ina leith.

Forbraíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí don tréimhse 2013–2014 in 2012 agus rinneadh é a fhaomhadh i mí na Samhna 2012. Léirítear rioscaí ann a sonraíodh i gClár Rioscaí Corparáideacha an EPA, chomh maith le riachtanais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus imeachtaí agus ceisteanna maidir le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an EPA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh.

BORD AN EPA

Tá cúigear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord an EPA. Bhí 48 cruinniú ag Bord an EPA in 2012, lena n-áirítear 13 chruinniú ginearálta inar pléadh beartas corparáideach, straitéis agus ceisteanna pleanála agus airgeadais, mar aon le 35 cruinniú teicniúil inar pléadh iarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus ceisteanna oibriúcháin.

COISTE COMHAIRLEACH

Is é an tUasal Seán Ó Gormlaigh, TD, An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheap an 5ú Coiste Comhairleach de chuid an EPA ar an 21 Eanáir 2010. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2012, agus lean sé air ag cur comhairle úsáideach agus thráthúil ar an EPA faoi réimse ceisteanna.

AN COMHAONTÚ SEIRBHÍSE POIBLÍ 2010–2014

D'fhorbair an EPA Plean Gníomhaíochta leasaithe faoin gComhaontú Seirbhíse Poiblí 2010–2014 (ar a dtugtar 'Comhaontú Pháirc an Chrócaigh') i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus chuir sé a thríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn faoi bhráid an DECLG suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2012. Sa Phlean Gníomhaíochta seo tugtar éifeacht do na bearta atá leagtha síos sa Chomhaontú agus leagtar síos ann na gníomhartha ar leith atá le déanamh ag an EPA chun éifeachtúlachtaí agus coigiltis a bhaint amach, an t-amscála lena mbaineann, na buntáistí agus na coigiltis dhearbhaithe a bhfeicfear dá mbarr, agus na tréimhsí ina mbainfear amach iad.

Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe an EPA in 2011 chun cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an EPA a mhaoirsiú agus déanann an Bord monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an bplean agus tuairisc ina leith don Chomhlacht Forfheidhmithe mar a éilítear tríd an DECLG. Rinneadh dul chun cinn mór maidir le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an EPA le linn 2012.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE (IT)

Glacann an EPA le cur chuige réamhghníomhach maidir le húsáid agus rialú IT faoi threoir an ghrúpa stiúrtha inmheánaigh ina bhfuil Stiúrthóir, lucht bainistíochta sinsearach agus baill foirne a bhfuil baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí IT. D'fhaomh Bord an EPA agus an Roinn Airgeadais an plean bliantúil IT le haghaidh 2012, arna tháirgeadh ag an ngrúpa stiúrtha, de réir Chiorclán ITC 2/09 agus Chiorclán 2/11.

Le linn 2012, dhírigh an EPA a chuid acmhainní IT ar dhéileáil go leanúnach leis an dúshlán a bhaineann leis na héilimh bhreise atá i gceist i gcomhlíonadh a oibleagáidí comhshaoil agus corparáideacha. Bunaíodh an cur chuige sin ar thús áite a thabhairt do dheich gcinn de phríomhthionscadail forbartha IT, agus tacaíocht a chur ar fáil do chórais atá ann cheana féin, ar mhaithe leis na próisis agus seirbhísí/réitigh IT do chórais chomhshaoil agus chorparáideacha a fheabhsú. Tharla athrú suntasach in 2012, arna chumasú ag an IT, ar bhain coigiltis agus buntáistí leis maidir leis an gComhaontú Seirbhíse Poiblí. Tugtar breac-chuntas thíos ar roinnt de na rudaí a baineadh amach.

Tar éis athbhreithniú tábhachtach a dhéanamh, d'fhorbair an EPA córais nuálaíocha chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú tríd ár bpróisis cheadúnaithe, fhorfheidhmithe agus mhonatóireachta, próisis ar a dtugtar LEMA. Is nuálaíocht amháin é an tairseach leictreonach do cheadúnais, a chuireann ar chumas an EPA agus 500 ceadúnaí cumarsáid leictreonach a dhéanamh. Leis an tairseach seo ní gá do cheadúnaithe iliomad doiciméid pháipéir a chur isteach i dtriarach gach bliain, a chuireann an EPA i gcomhad agus i gcartlann ina dhiaidh sin. Seoltar tuarascálacha ceadúnaithe, ar nós faisnéise monatóireachta, go díreach chuig an gcigire ábhartha agus is féidir leis an gceadúnaí agus an EPA amharc ar stádas na ngníomhartha san fhíor-am.

Chuir an EPA córas nua i bhfeidhm do cheadúnais um Scaoileadh Fuíolluisce. Déanann an córas seo idirbhearta leis an gceadúnaí a uathoibriú, rud a chuireann feabhas ar éifeachtúlachtaí agus a chumasaíonn rochtain níos fearr ar shonraí ar fud an EPA. Chomh maith leis sin, chruthaigh an EPA córas nua um iarratais ar líonadh talún stairiúil in 2012 a dhéanann foráil do mheasúnú mionsonraithe riosca bunaithe ar shonraí reatha geospásúla agus ar shonraí dramhaíola aitheanta. Cuideoidh an córas seo le plean struchtúrtha leasúcháin a fhorbairt agus laghdóidh sé an méid ama atá ag teastáil chun ceadúnais um líonadh talún stairiúil a eisiúint.

Is féidir le baill an phobail gearáin a thuairisciú agus aighneachtaí a chur isteach anois trí fhoirm ar líne ar www.epa.ie. Déantar an fhaisnéis sin a uaslódáil go

huathoibríoch ar an bpointe chuig córas ábhartha an EPA. Beidh fáil ar fheidhmiúlacht bhreise in 2013 a chuirfidh ar chumas an phobail faisnéis chomhshaoil a rochtain.

In éineacht leis na húdaráis phoiblí, thug an EPA córas tuairiscithe leictreonach isteach in ionad an chórais tuairiscithe stairiúil maidir le sonraí dramhaíola a bhí bunaithe ar pháipéar. Dá bharr sin, bainfear éifeachtúlachtaí agus coigiltis chostais suntasacha amach don Tionscal Dramhaíola agus do na hÚdaráis Poiblí. Ní gá do chuideachtaí bainistíochta dramhaíola ach tuarascáil amháin a chur isteach anois. Ní gá dóibh tuarascáil a chur faoi bhráid na n-údarás difriúil a thuilleadh. Bailíonn an EPA sonraí sa suíomh céanna anois tríd an ríomhthairseach, chun críche tuairiscithe náisiúnta agus Aontais Eorpaigh, rud a chuidíonn leis an tuairisciú agus a shimplíonn an próiseas do na húdaráis áitiúla agus oibreoirí dramhaíola.

Tá forbairt á déanamh fós ag an EPA ar EDEN (An Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil) chun tuairisciú comhshaoil ag na hÚdaráis Áitiúla agus ag comhlachtaí poiblí eile a éascú agus chun caoi sheolta éifeachtach a chur air.

Lean an EPA ar aghaidh ag cur feabhas ar rochtain ar an bhfaisnéis chomhshaoil trína láithreán Gréasáin. Rinneadh nuashonrú leanúnach ar an rannóg atá dírithe ar an gcomhshaol leis na sonraí táscaire is déanaí a foilsíodh. Chomh maith leis sin, tá fáil ar shaoráid nua anois ar féidir le daoine í a úsáid chun an fhaisnéis atá bunaithe ar léarscáil a chuardach ag úsáid a gcuid seolta. Cuireadh rannóg nua le láithreán Gréasáin an EPA (ar a dtugtar PRTR) ina bhfoilsítear na taifid astúchán do mhonarchana, d'fheirmeacha, d'ionaid chóireála fuíolluisce, do ghineadóirí cumhachta agus do thionscail rialaithe eile. Buíochas leis na forbairtí seo, tá rochtain níos fearr ag an bpobal ar shonraí comhshaoil agus tugtar spreagadh dó páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht chomhshaoil.

Thug an EPA réitigh IT isteach freisin chun tacú leis an gcur chuige riosca-bhunaithe maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chórais fuíolluisce ar an láthair (lena n-áirítear umair mhúnlaigh) agus le forfheidhmiú na gcóras sin, rud a chruthóidh cur chuige níos cost-éifeachtaí agus níos spriocdhírithe a chuirfidh ardleibhéal cosanta ar fáil don chomhshaol ar an gcostas is ísle don Stát agus don saoránach.

Cuireadh córas i bhfeidhm chun saoráidí ar líne a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí um thrádáil in astúcháin, lena n-áirítear aighneachtaí/cumarsáid ó pháirtithe seachtracha, tuairisciú/próiseáil inmheánach ag an EPA agus aighneachtaí a chuireann an EPA faoi bhráid an Aontais Eorpaigh.

In 2012, rinne an EPA na córais don chlár um thrádáil in astúcháin a chomhtháthú i gClárchóras an Aontais Eorpaigh, córas atá á chothabháil go lárnach ag an Aontas Eorpach. Cuireann seo ar chumas an EPA díriú ar Chlár Náisiúnta na hÉireann um Thrádáil in Astúcháin a chothabháil agus laghdóidh sé costais reatha IT ar fud na hEorpa.

Rinneadh uasghrádú ar an gcóras maidir le monatóireacht agus foilsiú chaighdeán an aeir san fhíor-am ar an Idirlíon, chun gléasanna breise um monatóireacht sonraí a chur san áireamh agus chun an tseirbhís a chuirtear ar fáil a fheabhsú.

Díríodh ar na nithe seo a leanas maidir le córais Seirbhísí Corparáideacha a fheabhsú: córais inmheánacha airgeadais an EPA a fheabhsú, féinseirbhís duillín pá agus P60 a thabhairt isteach d'fhostaithe, córas nua acmhainní daonna a roghnú, ríomhfhoilsiú a úsáid chun costais foilseacháin a laghdú faoi €105,000, físchomhdháil a úsáid chun costais taistil a laghdú faoi €75,000 agus córais bainistíochta foirgnimh a shuiteáil chun cuidiú le costais fuinnimh a laghdú.

De réir phlean ríomhsheirbhísí an rialtais, chuir an EPA le máistirchomhad na bpríomhtheagmhálacha arna chruthú in 2011 ag úsáid bogearraí um Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí (CRM). Is ar an gcomhad teagmhálacha seo atá seasamh na cumarsáide ginearálta le páirtithe leasmhara, malartú an eolais le hÚdaráis Áitiúla maidir le caighdeán an uisce snámha agus trí EDEN, agus le ceadúnaithe na hearnála príobháidí maidir le géilliúntas do WEEE, agus na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear thuas faoi LEMA.

Leanadh le tionscadal um athrú teicneolaíochta an EPA le cur i bhfeidhm Microsoft Exchange 2010, úsáid leanúnach bhogearraí CRM; monatóireacht ar Bhonneagar IT chomh maith le huirlisí um úsáid bogearraí, athsholáthar bhonneagar teicniúil EPA.ie, agus feabhas leanúnach ar an gcumas neamhthuilleamaíochta trí aistriú eolais ar athruithe teicneolaíochta chuig baill foirne inmheánacha.



CUID 2

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ FOSTAITHE IN 2012

Accenture Ireland	Compass Informatics Ltd	Mott McDonald Pettit Ltd
Achilles Procurement Services	Cora Systems Ltd	PA Consulting Services ltd
Acustica Ltd	Deloitte	Penna Plc.
Aether Ltd	EnviroGuide	Petrus
Amec Earth & Environmental UK Ltd	Geosyntec Consultants	Sara Jane Kimberly
Antaris Consulting	Fehily Timoney & Company	River Crossing Business Solutions Ltd
Apex Geoservices Ltd	Ford Consulting Group	RPS Group
ARIA Wealth & Investment Ltd	IP Forensics Limited	Sinclair Knight Merz (Ireland) Ltd
Comhairleoirí Sláinte & Sábháilteachta Assure	An Foras Riaracháin	SLR Consulting
AWN Consulting	Kefron Consulting	Tandem Consulting
Barry Doyle & Company	KIS	Tobin Environmental Services
Carr Communications Ltd	KPMG	URS Ireland Ltd
Ionad na Teicneolaíochta Glaine	Mason, Hayes & Curran	White Young & Green Ireland Ltd

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) faoi théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig in éifeacht an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7ú Lúnasa 2002.

Is é beartas an EPA féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí sonraisc a thaifeadadh agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh ar bhonn laethúil i Rannóg na gCuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear agus go gcuirtear ar ais lena n-íoc iad gan mhoill. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú.

Ceapadh na rialuithe seo chun neamhghéilliúntas ábhartha don Acht agus do na Rialacháin a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú absalóideach a thabhairt.

Ní raibh aon íocaíochtaí malla in 2012, a raibh luach thar €317 orthu.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir an EPA

FOILSEACHÁIN AN EPA 2012

Tá formhór d'fhoilseacháin an EPA ar fáil le híoslódáil ó láithreán Gréasáin an EPA www.epa.ie/pubs/reports. Tá na foilseacháin ar fad le ceannach ar líne freisin nó ó Dhíolacháin Fhoilseachán an EPA ar +353 (0) 53 916 0642.

AER

Tá na tuarascálacha aeir seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/air/**

- Air Quality in Ireland 2011 - Key Indicators of Ambient Air Quality
- Ireland's Greenhouse Gas Emissions Projections 1990-2011
- Ireland's Transboundary Gas Emissions in 2010
- Verified Emissions 2005-2011
- Ambient Air Monitoring in Celbridge
- Dioxin Levels in the Irish Environment 2011

CORPARÁIDEACH

Tá na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA website ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/other/corporate/**

- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an EPA 2011
- 2011 End of Year Statement
- EPA News
- Biodiversity Action Plan Update 2011-2013
- Ireland's Environment 2012- An Assessment

FORFHEIDHMIÚ

Tá an tuarascáil seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/enforcement**

- EPA Guidance Note on Enforcement Charging Policy

DRAMHAÍL

Tá na tuarascálacha dramhaíola seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/waste/**

- Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2010
- National Waste Prevention Programme (NWPP) Annual Report 2012

UISCE

Tá na tuarascálacha uisce seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/water/**

- The Provision and Quality of Drinking Water in Ireland: A Report for the Year 2011
- Caighdeán an Uisce Snámha in Éirinn 2011
- Integrated Water Quality Report for 2011 - South East Ireland
- Integrated Water Quality Report for 2011 - Galway, Mayo and Sligo
- Integrated Water Quality Report for 2011 - Monaghan and Louth
- Focus on Urban Waste Water Discharges in Ireland (Report for the Years 2008-2011)

NÓTAÍ TREORACH

Tá na nótaí treorach seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/pubs/advice/**

- Guidance to Licensees on Surrender, Cessation and Closure of Licensed Sites
- Dumping at Sea Judicial Review Process
- Guidance on Setting of Trigger Values for Storm Water Discharges to Off-Site Surface Waters at EPA licensed IPPC and Waste Facilities
- Review of Effectiveness of SEA in Ireland - Main Report
- Review of Effectiveness of SEA in Ireland - Summary
- Review of Effectiveness of SEA in Ireland - Action Plan

TUARASCÁLACHA TAIGHDE CHOMHSHAOIL

Athrú Aeráide

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an athrú aeráide ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/research/climate/**

- Integrated Modelling Project Ireland (CCRP 12)
- Carbon Restore - The Potential of Restored Irish Peatlands for Carbon Uptake and Storage (CCRP 15)
- Robust Adaptation to Climate Change in the Water Sector in Ireland (CCRP 16)
- A New Approach to Bioaerosol Monitoring in Ireland (CCRP 18)
- National Adaptive Capacity Assessment (CCRP 17)
- Integrating Climate Change Adaptation into Sectoral Policies in Ireland (CCRP 10)
- Integrated Modelling Project Ireland (CCRP 12)
- Ireland Adapts to Climate Change (CCRP 9)
- Earth Observation Strategy for Ireland (CCRP 8)

Uisce

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an uisce ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/research/water/**

- Water Quality and the Aquatic Environment (STRIVE 91)
- Molecular Diversity and Dynamics of Toxigenic Blue-Green Algae in Irish Lakes (STRIVE 88)
- Assessment and Monitoring of Ocean Noise in Irish Waters (STRIVE 96)
- Management Strategies for the Protection of High Status Water Bodies (STRIVE 99)
- Biogeography and Ecology of Irish Groundwater Fauna (STRIVE 95)
- Benefit Transfer for Irish Water (STRIVE 94)
- EPA STRIVE Water Research in Ireland 2007-2011

Bithéagsúlacht

Tá na tuarascálacha seo a leanas ar an mbithéagsúlacht ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/research/biodivesity/**

- Effects of Species Loss and Nutrients on Biodiversity (STRIVE 87)
- Final Report: Integrated Biodiversity Impact Assessment, Streamlining AA, SEA and EIA Processes. Best Practice Guidance (STRIVE 90)

Úsáid Talún, Ithreacha agus Iompar

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an úsáid talún, ar ithreacha agus ar an iompar ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/research/land/**

- Urban Environment Project (STRIVE 92)

Bainistíocht Dramhaíola agus Acmhainní

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an mbainistíocht acmhainní ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/research/waste/**

- EPA STRIVE Sustainable Environmental Research in Ireland 2007-2011
- Spent Mushroom Compost Management and Options for Use (STRIVE 74)

- Summary of Findings - Hemp Lime Bio-Composite as a Building Material in Irish Construction (STRIVE 97)

Socheacnamaíocht

Tá an tuarascáil taighde socheacnamaíochta seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/research/econ/**

- Decision-Support Tools for Managing the Urban Environment in Ireland (STRIVE 92)

Teicneolaíochtaí Comhshaoil

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an teicneolaíocht chomhshaoil ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/research/tech/**

- Cleaner Greener Production Programme (CGPP) Business Case Studies 2008-2012

An Comhshaol agus an tSláinte

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/downloads/pubs/reports/research/health/**

- Enhancing Human Health through Improved Water Quality (STRIVE 89)

CAIGHDEÁN AN AEIR

Tá an tuarascáil taighde chomhshaoil seo a leanas ar chaighdeán an aeir ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/pubs/reports/research/air/**

- Ozone Levels, Changes and Trends Over Ireland- An Integrated Analysis (STRIVE 93)

STAIDÉIR MHIONSCÁLA

Tá an tuarascáil mhionscála taighde chomhshaoil seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA ag **www.epa.ie/pubs/reports/research/sss/**

- Hydraulic Fracturing or Fracking: A Short Summary of Current Knowledge and Potential Environmental Impacts

CUID 3



RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

- Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta
- Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Beartais Chuntasaíochta
- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
- Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána
- An Clár Comhardaithe
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
- Nótaí ag gabháil leis na Ráiteas Airgeadais

RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

De réir Alt 50(1) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, ní mór don EPA ráitis airgeadais a ullmhú ar cibé bealach agus a cheadódh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i ndáil chomhairle leis an Aire Airgeadais.

Agus an EPA ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir dó:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an EPA ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an EPA freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais an EPA agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 50 den Acht EPA. Tá an EPA freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Gerard O'Leary
Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 2012

1. Thar ceann Stiúrthóirí an EPA, aithním an chomhfhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go hinmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir le cuntais an EPA a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an EPA a chomhlíonadh.

2. Admhaíonn Stiúrthóirí an EPA freisin gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil maidir le córas na rialuithe airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéantar iad a bhrath go tráthúil.

3. Príomhnósanna Imeachta chun Rialú Inmheánach Airgeadais Éifeachtach a Sholáthar

(i) Tá bearta glactha ag Stiúrthóirí an EPA chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den EPA trí:

- Ráiteas Straitéise an EPA Fís 2020 – Comhshaol na hÉireann a Fheabhsú agus a Chosaint a fhoilsiú. Baineann an Straitéis leis an tréimhse go dtí 2020 agus tá cuspóirí comhshaoil agus eagrúcháin an EPA leagtha amach inti. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus cuirfear tuairiscí chuig Bord an EPA ina leith ar bhonn tréimhsiúil. Eisíodh dréacht-Phlean Straitéiseach 2013-2015 an EPA, Working with Others for a Better Environment (Ag Obair as Lámha a Chéile ar mhaithe le Comhshaol Níos Fearr), i ndeireadh 2012 le comhairliúchán poiblí a dhéanamh air agus foilsíodh an straitéis deiridh sa chéad ráithe de 2013.
- Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú le haghaidh gach bliana agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre.
- Cruinnithe Boird a reáchtáil ar bhonn rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn ceisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais agus Straitéis Chorparáideach agus gnóthaí foirne san áireamh leis an gClár Oibre.
- Tacar nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an EPA a rialú agus iad seo a fhoilsiú i Lámhleabhar Airgeadais na foirne.
- Sceideal cuimsitheach ar shocruithe árachais a choimeád chun leasanna an EPA a chosaint.
- Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú mar chuid d'athbhreithniú leanúnach córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den EPA, maoirsiú a dhéanamh ar fheidhm na hIniúchóireachta

Inmheánaí agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir leis an gcaoi ina bhfuil an fheidhm sin á cur i bhfeidhm agus á forbairt.

- Beartas agus Creat i leith Bainistiú Riosca a bhunú agus a chur i bhfeidhm, Coiste Riosca agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh.
- Glacadh le Beartas chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh maidir le géilliúntas don reachtaíocht chorparáideach.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus beartais agus nósanna imeachta uile an EPA a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Cód Iompair Ghnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- A chinntiú go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus Ailt 37 & 38 den Acht EPA 1992, a bhaineann le Leas a Dhearbhú agus a Nochtadh.

(ii) Rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach in 2012 ar Struchtúir Bainistithe Riosca an EPA. Anuas air sin, rinneadh athchóiriú ar Bheartas Bainistithe Riosca an EPA chun go mbeadh sé ag géilleadh go hiomlán d'fhorálacha an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit athbhreithnithe. Ceapadh Príomhoifigeach Riosca agus bunaíodh Coiste Riosca in 2011 a chuaigh i mbun oibre de réir an Bheartais athbhreithnithe. Tháinig an Coiste Riosca le chéile dhá uair in 2012. Críochnaíodh athbhreithniú níos bunúsaí freisin ar rioscaí ar leibhéal Oifige in 2012 agus bunaíodh Clár Rioscaí Uile-Oifige. Rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagtar amach ann freisin na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh don Ghníomhaireacht.

Déantar monatóireacht go rialta ar an gClár Rioscaí Uile-Oifige agus ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus déanann an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú orthu. Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dhearbhaithe ar fáil don Bhord ar bhonn ráithiúil ag admháil freagrachta maidir le nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá (h)oifig féin agus le cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Riosca i bhfeidhm.

(iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann Stiúrthóirí an EPA athbhreithniú agus faomhadh air.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe. Foilsíodh Lámhleabhar Airgeadais in 2007, a leagann amach beartais agus nósanna imeachta maidir le saincheisteanna buiséid agus airgeadais.
- Údarás maidir le gach íocaíocht ar airgead an EPA, íoc na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, na gcostas, srl. (trí sheic nó trí ríomhaistriú airgid) a theorannú do Stiúrthóirí agus do thriúr Bainisteoirí Cláir ainmnithe.
- Na dualgais phróiseála maidir le hidirbhearta íocaíochta a leithscaradh in dhá chéim: 1: dearbhú ón bhfoireann atá freagrach as na hidirbhearta sin go bhfuarthas na hearraí/seirbhísí agus go raibh na tuarastail, pinsin agus costais dlite, agus 2: áireamh ón Aonad Airgeadais ar an airgead iomlán atá dlite, roimh údarú a iarraidh chun íoc astu.
- Seolfar agus rialófar socrúcháin maidir le ceannach trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais an EPA.
- Athbhreithniú rialta agus leanúnach ar íocaíochtaí a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag Bord na Stiúrthóirí ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear faisnéis bainistíochta airgeadais agus ceangaltais cheannaigh atá fíorthábhachtach), ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na buiséid.
- Disciplíní bhainistíocht tionscadail a chur chun feidhme maidir le cláir thógála agus mórthionscadail chomhairleachta.
- Córas rialaithe maidir le faomhadh iomlán conarthaí caipitil agus conarthaí comhairleachta.
- Próiseas agus Nósanna Imeachta um Bainistíocht Sócmhainní a fhorbairt.
- Glacadh le Plean Corparáideach Soláthair in 2011.

(iv) Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA a ullmhú. Déantar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnithe Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA. Tá tacar cuimsitheach de Nósanna Imeachta Airgeadais curtha i bhfeidhm chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an EPA a rialú lena n-áirítear teorainneacha ar údarú do cheannach/ chaiteachas.

(v) Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaí sinsearach ón nGníomhaireacht féin. Rinneadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA

2012–2013 a chur i bhfeidhm de réir a chéile nuair a cuireadh dhá iniúchadh chaighdeánacha mar aon le dhá Athbhreithniú Luach ar Airgead i gcrích.

Rinneadh iniúchtaí inmheánacha sna réimsí seo a leanas:
- An Tionscadal LEMA, Céim 1 (Córas IT ordaithe); agus
- Soláthar san EPA.

Rinneadh an tIniúchadh Inmheánach ar Sholáthar i ndeireadh 2012 agus rinne an Bord an tuarascáil a fhaomhadh i bhFeabhra 2013. Aithníodh roinnt cásanna san iniúchadh seo nuair nach ndearnadh seirbhísí a fháil de réir na dtreoirlínte maidir le soláthar poiblí. Cuireadh Plean Forfheidhmithe i bhfeidhm chun díriú ar mholtaí an iniúchta agus rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Bord an EPA an plean seo a fhaomhadh. I gcomhréir le moltaí an iniúchta ceapadh Oifigeach Soláthair lán-aimseartha chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean fhaofa. Ina theannta sin, bunaíodh foireann thras-oifige chun tacaíocht a sholáthar agus na moltaí atá sa Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí á gcur i bhfeidhm.

Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá i ngach aon cheann de na Pleananna um Chur i bhFeidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus do Bhord an EPA ina leith.

Rinneadh Athbhreithniú ar Luach ar Airgead sna réimsí seo a leanas:
- An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus
- An Chreat-Treoir Uisce.

Bhí an dá thuarascáil á dtabhairt chun críche i ndeireadh 2012 agus cuirfear na tuarascálacha deiridh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí in 2013.

Rinneadh na hAthbhreithnithe Luach ar Airgead i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Forbraíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí don tréimhse 2013–2014 in 2012 agus rinneadh é a fhaomhadh i mí na Samhna 2012. Léirítear rioscaí ann a sonraíodh i gClár Rioscaí Corparáideacha an EPA, chomh maith le ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus imeachtaí agus ceisteanna maidir le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an EPA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Dearbhaím, i dteannta leis na hiniúchtaí inmheánacha ar cuireadh i gcrích iad agus a ndéantar tagairt dóibh i mír 3 (v) thuas, gur shocraigh an EPA go ndéanfaí athbhreithniú neamhspleách foirmiúil, i mí an Mhárta 2013, ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus na gcórais rialaithe inmheánaigh aige, atá i bhfeidhm san EPA. Rinne saineolaithe seachtracha an t-athbhreithniú seo, athbhreithniú ina ndearnadh mionscrúdú ar rialachas, ar an mbainistíocht airgeadais agus ar an doiciméadúcháin rialaithe.

Fuarthas san athbhreithniú go n-infheistíonn an EPA i bpróisis Rialachais Chorparáidigh agus Rialaithe Inmheánaigh. Tugadh faoi deara go bhfuil Aonad Rialachais Chorparáidigh lánaimseartha ag an EPA a bhfuil de fhreagracht air maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Sonraíodh san athbhreithniú freisin go bhfuil iliomad beartas agus nósanna imeachta ag an EPA a chumhdaíonn príomhréimsí an rialachais agus an rialaithe inmheánaigh. Rinneadh athbhreithniú ar bheartais agus tugadh faoi deara gur leor iad agus gur chloígh siad leis an dea-chleachtas i gcoitinne.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin go dtionóltar cruinnithe agus ceardlanna don lucht bainistíochta go minic a bhaineann leis an rialachas agus rialú inmheánach. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil ardleibhéal feasachta ann maidir le riachtanas a bheith le córas láidir rialaithe ar fud na heagraíochta.

Seo a leanas conclúid fhoriomlán an athbhreithnithe:
- go bhfuil córas láidir maidir le Rialachas Corparáideach i bhfeidhm san EPA agus go gcloíonn an EPA go substaintiúil leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- go bhfuil an Rialachas Corparáideach forbartha go maith san EPA nuair a chuirtear i gcomparáid é le gníomhaireachtaí stáit eile.
- gur leor an timpeallacht rialaithe san EPA i gcoitinne, ach go bhfuil líon beag réimsí ann ar cheart feabhas a chur orthu ó thaobh an airgeadais de.

Cuirfear Plean Forfheidhmithe i bhfeidhm in 2013 chun díriú ar na moltaí san athbhreithniú thuas, rud a chuirfidh feabhas ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais.

Dearbhaím freisin go ndearna Stiúrthóirí na Gníomhaireachta athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha san EPA in 2012.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir
8 Lúnasa 2013

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, ná na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas faoi ghnóthachain agus chaillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 50 den Acht, agus de réir an chleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta in Éirinn.

FREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú do dtugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Rinne mé iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Iniúchóireachta Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

RAON FEIDHME NA HINIÚCHÓIREACHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is éard a bhíonn i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid eile. Mar chuid den iniúchadh, déantar measúnú ar na nithe seo:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go sásúil iad
- ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht faisnéis a fháil freisin maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith na hiniúchóireachta.

Ina theannta sin, léim Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha i leith na ráiteas airgeadais iniúchta a aithint. Breithním na himpleachtaí i leith mo thuarascála i gcás go gcuirfí ar an eolas mé maidir le haon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha.

TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2012 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Ghníomhaireacht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

ÁBHAIR AR A NDÉANAIM TUAIRISCIÚ AR BHONN EISCEACHTA

Déanaim tuairisciú ar bhonn eisceachta má tá aon cheann de na ráitis seo a leanas fíor:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun críocha m'iniúchóireachta, nó

- tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon teagmhas ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe dó nó nuair nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena ndéantar iad a rialú, nó

- níl an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dár ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó

- ní léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúntas na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó

- cinnim go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar seoladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe ar a ndéantar tuairisciú ar bhonn eisceachta.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
15 Lúnasa 2013

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 BONN CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus ar shlí atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear thíos, agus de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad chun bheith infheidhmithe.

2 DEONTAIS OIREACHTAIS

Is iad na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse cuntasaíochta ná na figiúirí a thaispeántar.

3 TÁILLÍ CEADÚNAIS

Éilítear ar iarratasóirí táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc an tráth a ndéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

CEADÚNAIS UM CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ AGUS CEADÚNAS BAINISTITHE DRAMHAÍOLA:

- Iarratas 30%
- Cinneadh Beartaithe 50%
- Eisiúint Ceadúnais 20%

CEADÚNAIS UM SCARADH DRAMHUISCE:

- Iarratas 10%
- Admháil an iarratais iomláin 40%
- Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas 50%

4 AN TAONAD TRÁDÁLA IN ASTÚCHÁIN A MHAOINIÚ

Bunaíodh an tAonad Trádála in Astúcháin (ETU) laistigh den Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil in 2003. Tá foráil sa treoir a thug an Rialtas don Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil, maidir le scéim an Aontais Eorpaigh um thrádáil in astúcháin, cuid de na liúntais iomlána (nach sáróidh 0.5%) a dhíol nó a chur ar ceant. Baintear feidhm as na fáltais ó cheant/dhíolachán chun na costais a bhaineann le riar na scéime um thrádáil in astúcháin a ghlanadh agus íoctar aon suimeanna nach n-úsáidtear leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ní chaitear leo mar ioncam na Gníomhaireachta. In 2012, gnóthaíodh costais an ETU le fáltais na ndíolachán ó 2009, 2010 agus 2011. Na fáltais cheantála/dhíolacháin a choimeádann an Ghníomhaireacht chun an ETU a mhaoiniú, aithnítear iad mar ioncam na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, faoi réir na gcostas gaolmhar. Níor díoladh aon liúntais in 2012.

5 ÍOCAÍOCHTAÍ UM DHEONTAIS TAIGHDE

Glacann an EPA gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an EPA i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

6 SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta ag a gcostas lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas faoi mhodh an mhéid chothroim ag na rátaí atá luaite thíos a mheastar chun na sócmhainní a laghdú chuig a luachanna inréadaithe ag deireadh a saolré oibre ionchais:

- Foirgnimh 2%
- Troscán agus Feistis 10%
- Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh 15%
- Trealamh 20%
- Trealamh IT agus Ríomhaireachta 25%
- Mótarfheithiclí 20%

7 CAIPITLIÚ BOGEARRAÍ A FORBRAÍODH GO HINMHEÁNACH

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an EPA úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo. Ní dhéantar na costais foirne inmheánaí a chaipitliú a bhaineann le bogearraí a fhorbairt le húsáid a bhaint astu go hinmheánach.

8 MAOINIÚ CAIPITIL

Comhlíontar sócmhainní seasta an EPA agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl, agus ceannachán sócmhainní, a mhaoiniú ó theaglaim de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheas na sócmhainní gaolmhara.

9 STOIC

Díscríobhtar gach stoc, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

10 FÉICHIÚNAITHE

Déantar foráil d'fhiacha amhrasacha, nuair atá sé sin ag teastáil, sna cuntais. Díscríobhtar drochfhiacha, de réir mar a thagann siad aníos, i gcoinne na forála sin.

11 AOISLIÚNTAS

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil scéimeanna pinsean a bhfuil sochar sainithe acu agus a mhaoinítear go bliantúil de réir mar a théitear ar aghaidh ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus ó ranníocaíochta pinsin a bhaintear de thuarastail foirne.

Déantar fiachais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid.

Braitheann costais phinsean ar na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad gan ranníocaíochtaí pinsin na foirne a áireamh atá á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go bhfuil sé clúdaithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann ó athruithe ar thoimhdí Achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear ceartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá dliteanais phinsin cothrom le luach reatha íocaíochtaí pinsin na todhchaí a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

IONCAM	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
Deontais Stáit	1	41,453	46,783
Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin	2	1,387	1,194
Seirbhísí Eile		36	28
Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha		1,140	1,217
Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe	3	835	2,205
Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe	4	6,932	7,353
Fáltais Ilghnéitheacha	5	27	70
Maoiniú iarchurtha glan i gcomhair pinsean	22(c)	5,556	6,297
		57,366	**65,147**
CAITEACHAS			
Tuarastail agus ÁSPC	6	19,403	19,799
Costais Phinsin	22(a)	7,818	7,486
Speansais Taistil	7	1,354	1,352
Costais Saotharlainne agus Allamuigh	8	1,906	3,210
Costais Chóiríochta	9	1,768	1,750
Costais Riaracháin Eile	10	6,136	5,420
Sainchomhairleoirí	11	206	787
Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	12	7,628	8,305
Taighde Comhshaoil	13	9,630	13,338
Dímheas	18	2,993	2,555
		58,842	**64,002**
Aistriú (ón)/chuig an gCuntas Caipitil	14	(311)	536
		58,531	**64,538**
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin		**(1,165)**	**609**
Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní		64	10
(Easnamh)/Barrachas roimh Ús		**(1,101)**	**619**
Ús Faighte	15	85	61
Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	16	(47)	(43)
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		**(1,063)**	**637**
Barrachas amhail an 1 Eanáir		1,363	726
Barrachas amhail an 31 Nollaig		**300**	**1,363**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.
Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Gerard O'Leary
Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI GHNÓTHACHAIN AGUS CHAILLTEANAS AITHEANTA IOMLÁNA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		(1,063)	637
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsean		(102)	1,429
Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha dhliteanais na scéime pinsean		(12,881)	(4,838)
(Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	22(b)	**(12,983)**	**(3,409)**
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha		**12,983**	**3,409**
Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don Bhliain		**(1,063)**	**637**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.
Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Gerard O'Leary
Stiúrthóir

AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2012

	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
Sócmhainní Seasta	**18**	**36,574**	**37,409**
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	**19**	1,324	904
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc	**20**	10,590	15,041
		11,914	**15,945**
Lúide Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe (Suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin)	**21(a)**	**(11,601)**	**(14,805)**
Glansócmhainní / (Glandliteanais) Reatha		**313**	**1,140**
Creidiúnaithe (Suimeanna le híoc tar éis breis agus bliain amháin)	**21(b)**	**(1,221)**	**(1,509)**
Sócmhainní Iomlána lúide Fiachais Reatha roimh Phinsin		**35,666**	**37,040**
Dliteanais Phinsin	**22(b)**	**122,848**	**104,309**
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	**22(c)**	**(122,848)**	**(104,309)**
		0	**0**
Glansócmhainní Iomlána		**35,666**	**37,040**
ARB IONANN IAD AGUS:			
Cuntas Caipitil	**14**	**35,366**	**35,677**
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		**300**	**1,363**
		35,666	**37,040**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Gerard O'Leary
Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2012

	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
RÉITEACH AN BHARRACHAIS GO HAIRGEAD GLAN			
Insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(1,063)	637
Ús Faighte	**15**	(85)	(61)
Ús Íoctha	**16**	47	43
Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní		(64)	(10)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	**14**	(311)	536
Muirear dímheasa don bhliain	**18**	2,993	2,555
Laghdú i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí		(183)	622
Méadú i gCreidiúnaithe (ach amháin Creidiúnaithe Iasachta)		(3,205)	(684)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**(1,871)**	**3,638**
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID			
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**(1,871)**	**3,638**
TORTHAÍ AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS			
Ús Bainc a Fuarthas	**15**	85	61
Ús Bainc Íoctha	**16**	(47)	(43)
GNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTITHE			
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta		76	15
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a shealbhú		(2,407)	(2,810)
Glan-Insreabhadh Airgid Roimh Mhaoiniú		**(4,164)**	**861**
AIRGEADÚ			
Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí um Shócmhainní Seasta		(287)	(286)
Méadú in Airgead		**(4,451)**	**575**
RÉITEACH AR GHLANSREABHADH AIRGID CHUIG GLUAISEACHT IN IARMHÉIDEANNA AIRGID			
Méadú in airgid tirim sa bhliain		(4,451)	575
Cistí amhail an 1 Eanáir		15,041	14,466
Cistí amhail an 31 Nollaig		**10,590**	**15,041**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 25.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Gerard O'Leary
Stiúrthóir

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

1 Deontais Stáit		2012 €'000	2011 €'000
Deontais ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil:			
Deontais ó Vóta na Roinne	Reatha	16,050	18,352
	Caipiteal	1,100	1,000
	Cláir Eile	302	204
		17,452	**19,556**
Deontais ón gCiste Comhshaoil	Neamhphá	2,500	0
	Taighde	9,600	13,000
	Cláir Eile	11,901	14,227
		24,001	**27,227**
Iomlán na nDeontas ón Stát		**41,453**	**46,783**

Is leithroinnt shonrach é an Ciste Taighde faoi chomhair chostas Taighde Comhshaoil. Caitheadh €9.63M ar na gníomhaíochtaí taighde seo i 2012 (2011- €13.338M).

2 Gníomhaíochtaí an Aonaid Trádála in Astúcháin (ETU) (a) Costas an Aonaid Trádála in Astúcháin	€'000	€'000
Táillí Cláraithe Oibreoirí Trádála in Astúcháin, srl.	38	13
Costais le haisghabháil ó Chistí Ceantála, srl.	1,349	1,181
Maoiniú Iomlán Chostais an ETU	**1,387**	**1,194**
(b) Achoimre ar Chistí an Aonaid Trádála in Astúcháin:	**€'000**	**€'000**
Táillí Oibreoirí ETU a Fuarthas	33	1
Díol Liúntas	0	3,115
Ús Bainc a Fuarthas	85	89
Táillí Eitlíochta a Fuarthas	5	11
Iomlán na gCistí a Gineadh	123	3,216
Cistí Tugtha ar Aghaidh	4,251	2,229
Costais Iomlána ETU na Bliana Reatha	(1,387)	(1,194)
Cistí ETU Tugtha ar Aghaidh	**2,987**	**4,251**

Sna blianta roimhe seo, rinne an EPA liúntais trádála in astúcháin a dhíol ar an margadh. Ní dhearnadh aon liúntais a dhíol i 2012. Le héifeacht ó 2013 ar aghaidh, beidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil freagrach as a leithéid de liúntais a dhíol, nuair a chuirfear ar ceant iad ar leibhéal AE.

3 Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe - IPPC, Dramhaíl agus WWD	€'000	€'000
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir	5,827	7,343
Táillí a Fuarthas	291	689
Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha	**0**	**0**
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 31 Nollaig (féach Nóta 21 (a))	(5,283)	(5,827)
Méid curtha chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	**835**	**2,205**

Ceadúnú: Rialú Truaillithe Comhtháite (IPPC) agus Dramhaíl

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an EPA freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an EPA freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Ceadúnú: Scaradh Dramhuisce (WWD)

Déantar foráil leis na Rialacháin um Scaradh Dramhuisce (Údarú) 2007 chun scaradh dramhuisce na n-údarás áitiúil a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón EPA chun fuíolluisce a scaradh ó limistéir ina bhfuil breis agus 500 duine. Ní mór do limistéir ina bhfuil níos lú ná 500 duine deimhniú a fháil ón EPA.
Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an EPA a chuid ioncaim cheadúnaithe.

4 Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe - IPPC agus Dramhaíl	€'000	€'000
Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu	6,864	6,984
Ioncam Forfheidhmithe ó Ionchúisimh	68	369
Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe	**6,932**	**7,353**

Faoi Alt 96 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an EPA freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an EPA freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair mhonatóireachta seo a fhaigheann an EPA a ioncam forfheidhmithe.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

5 Fáltais Ilghnéitheacha	2012 €'000	2011 €'000
Éilimh árachais	0	3
Díol foilseachán	3	3
Ilghnéitheach	24	64
	27	**70**

Bhí €6,888 sna fáltais ó Éilimh Árachais i 2012 agus baineadh an méid seo den chaiteachas lena mbaineann sé.

6 Tuarastail agus ÁSPC na Foirne		€'000	€'000
Tuarastail		17,867	18,311
ÁSPC Fostóirí		1,536	1,488
Costais Iomlána Tuarastal		**19,403**	**19,799**
Seo a leanas líon na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig:			
	Ceanncheathrú	138	143
Cigireachtaí Réigiúnacha:	Caisleán an Bharraigh	28	29
	Corcaigh	40	40
	Baile Átha Cliath	76	80
	Cill Chainnigh	19	21
	Muineachán	12	12
	Oifigí Réigiúnacha	5	6
		318	**331**

Pacáiste Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra agus Táillí an Stiúrthóra

Fuair an tArd-Stiúrthóir tuarastal comhionann le €164,464 i 2012 (2011-€ 164,464) agus tá sé i dteideal pinsean a fháil freisin ag teacht le gnáth-theidlíochtaí Scéim Aoisliúntais Foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir), 1996. D'fhaomh an tAire an scéim seo, scéim atá i ndáil le gnáth-theidlíochtaí na scéimeanna sochar sainithe comhchosúla san Earnáil Phoiblí.

Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal uilechuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí leo.

Níl aon scéim íocaíochta bunaithe ar fheidhmíocht do phoist Ard-Stiúrthóir nó Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht.

Tobhach Pinsin

I 2012 aisbaineadh €1.215M (2011- €1.228M) de thobhach pinsin agus íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é.

7 Speansais Taistil	€'000	€'000
Taisteal agus Cothú	1,201	1,200
Speansais Mhótarfheithiclí	172	169
Aisíocaíochtaí Taistil	(19)	(17)
	1,354	**1,352**

Speansais Bhaill an Bhoird

Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá siad lonnaithe ag an gceanncheathrú i Loch Garman.

Bíonn formhór de chruinnithe an Bhoird i Loch Garman agus ní bhíonn aon speansais i gceist leis sin. I gcás ina mbíonn cruinnithe an Bhoird ar siúl in áit éigin eile, ar chúiseanna gnó, aisíoctar speansais Taistil agus Chothaithe ag na rátaí is infheidhme don Státseirbhís.

B'ionann na speansais a íocadh le Stiúrthóirí as a bheith i láthair ag cruinnithe an Bhoird i 2012 agus €1,392, miondealaithe mar €912 míleáiste, €389 cothú agus €91 costais speansais eile. Ba é an t-iomlán i 2011 ná €441 (€332 míleáiste, €109 cothú agus €0 speansais eile).

Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne

Áirítear suim €118,996 (2011- €133,784) i dtaca le speansais taistil agus cuirtear isteach í faoi chostais a bhaineann le forbairt agus oiliúint foirne ag Nóta 10.

8 Costais Saotharlainne agus Allamuigh	€'000	€'000
Speansais Saotharlainne agus Allamuigh	1,621	2,925
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	272	258
Éadaí Cosanta	13	27
	1,906	**3,210**

9 Costais Chóiríochta	€'000	€'000
Cíos agus Rátaí	257	256
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	596	549
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	915	945
	1,768	**1,750**

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

10 Costais Riaracháin Eile	2012 €'000	2011 €'000
Teileafón agus Postas	304	250
Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	287	310
Árachas	156	153
Muirir Ríomhairí agus Próiseála Sonraí	3,476	2,546
Táillí Iniúchóireachta	16	16
Rialachas Corparáideach agus Costais Iniúchóireachta Inmheánaí	61	31
Táillí Dlí	652	796
Costais a Bhaineann le hAcmhainní Daonna	38	49
Us agus Muirir Bhainc	4	4
Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann	51	54
Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne	527	591
Fógraíocht	218	112
Cumarsáid	271	424
Ilghnéithigh	75	84
	6,136	**5,420**

11 Costais Sainchomhairliúcháin	€'000	€'000
Sainchomhairleoirí	206	787
	206	**787**

Seo a leanas gníomhaíochtaí an chláir oibre inar baineadh úsáid as na comhairleachtaí seo:	€'000	€'000
Clár na Creat-Treorach Uisce	**6**	**0**
Measúnú Comhshaoil	3	62
Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil	146	674
An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl	7	38
An tAonad Trádála in Astúcháin	0	3
Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	44	10
	206	**787**

12 Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha	€'000	€'000
Conraitheoirí	3,814	2,448
Deontais	1,226	1,283
Soláthraithe Seirbhísí Corparáideacha	2,588	4,574
	7,628	**8,305**

Seo a leanas na príomhréimsí oibre inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo:	€	€
Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	294	345
Clár na Creat-Treorach Uisce	1,853	1,892
Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil	1,794	1,934
An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola	3,208	3,613
Measúnú Comhshaoil	384	368
An tAonad Trádála in Astúcháin	70	127
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní	25	26
	7,628	**8,305**

13 Taighde Comhshaoil	€'000	€'000
Clár Taighde an EPA	9,630	13,515
Ioncam Taighde Cómhaoinithe	0	(177)
Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde	**9,630**	**13,338**

Seoladh clár reatha an EPA maidir le taighde comhshaoil i 2007. Tá sé á mhaoiniú tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2007 – 2013 agus Straitéis an Rialtais don Eolaíocht, don Teicneolaíocht agus don Nuálaíocht (SSTI). Tá sé d'aidhm ag an gclár taighde an taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha faoi dheoidh.

I 2012 áiríonn an caiteachas de €9.63M ar Chlár Taighde an EPA Íocaíochtaí Deontais de €8.77M agus costais feidhmithe agus gníomhaíochta de €862,892

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

13 Taighde Comhshaoil (ar lean)

Amhail an 31 Nollaig 2012 b'ionann gealltanais a rinneadh ach nár gearradh ar na ráitis airgeadais go fóill i dtaca le tionscadail Taighde agus €19.491M (2011- €22.277M) agus an miondealú seo a leanas déanta:

	2012 €'000	2011 €'000
Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir	22,277	31,372
Deontais a Ceadaíodh le linn na bliana	7,169	5,995
Deontais Dídhílsithe le linn na bliana	(1,141)	(2,384)
Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain	(8,814)	(12,706)
Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig	**19,491**	**22,277**

Níl costais feidhmiúcháin an EPA maidir leis na Cláir thaighde san áireamh sna figiúirí seo.

14 Cuntas Caipitil		**€'000**	**€'000**
Amhail an 1 Eanáir 2012			**35,677**
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			
Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil	- Breiseanna Sócmhainní Seasta	2,081	
	- Chun Breiseanna Amach Anseo a Mhaoiniú	326	
	- Iasachtaí a Aisíoc	287	
		2,694	
Lúide			
Diúscairtí		821	
Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí		(809)	
		12	
Muirear dímheasa don bhliain		2,993	
Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			(311)
Amhail an 31 Nollaig 2012			**35,366**

Amhail an 31 Nollaig 2012, áirítear ar iarmhéid an Chuntais Chaipitil €346,773 (2011-€110,000) i ndáil le sócmhainní seasta a réamhíoc (féach Nóta 19 - Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí).

15 Ús Faighte	2012 €'000	2011 €'000
Ús Iomlán ar Thaiscí Bainc a Fuarthas	**170**	150
Lúide Ús ar Thaiscí Saothraithe ar Chistí ETU san áireamh i gCistí Iomlána Ginte an ETU ag Nóta 2(b) thuas	(85)	(89)
Us Bainc ar Thaiscí Saothraithe ar Chistí an EPA	**85**	**61**

16 Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	**€'000**	**€'000**
Iasachtaí Bainc iníoctha le Tráthchodanna - Morgáiste ar fhoirgneamh na Ceanncheathrún	**47**	**43**

17 Cánachas

Tá an EPA díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

18 Sócmhainní Seasta

Costas	**Iomlán €'000**	**Foirgnimh €'000**	**Troscán & Feistis €'000**	**Trealamh TF & CF €'000**	**Trealamh €'000**	**Mótar-Fheithiclí €'000**
Amhail an 1 Eanáir 2012	56,995	37,865	3,094	5,679	9,258	1,099
Aistriú	89	84	5	0	0	0
Breiseanna	2,081	35	22	1,938	50	36
Diúscairtí	(821)	0	(12)	(131)	(638)	(40)
Amhail an 31 Nollaig 2012	58,344	37,984	3,109	7,486	8,670	1,095
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir 2012	19,586	6,099	2,214	3,487	6,952	834
Muirear don Bhliain	2,993	762	238	1,094	772	127
Ar Dhiúscairtí	(809)	0	(8)	(131)	(630)	(40)
Amhail an 31 Nollaig 2012	21,770	6,861	2,444	4,450	7,094	921
Glanluach de Réir na Leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2012	**36,574**	**31,123**	**665**	**3,036**	**1,576**	**174**
Amhail an 31 Nollaig 2011	**37,409**	**31,766**	**880**	**2,192**	**2,306**	**265**

18 Sócmhainní Seasta (ar lean)

Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) san áit a bhfuil Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. Tá an EPA i mbun léas fadtéarmach a thabhairt chun críche ar an suíomh seo ó Theagasc.

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh na ceanncheathrún agus mhaoinigh sí an tógáil le hiasacht tráchtála. Maoiníonn an EPA na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an EPA san áireamh don bhliain ina dtagann sí chun cinn.
Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe lena mbaineann taifeadta i leabhair an EPA le substaint na n-idirbheart bunúsach a léiriú.

De réir socraithe le Comhairle Contae Chorcaí, roinn an EPA foirgneamh ag Inis Cara, Contae Chorcaí ar feadh roinnt blianta, agus ghlac an EPA seilbh ar an bhfoirgneamh iomlán i 2008 trí chomhaontú. Tá aistriú dlíthiúil an áitribh ó Chomhairle Contae Chorcaí chuig an EPA á láimhseáil ag na comhairleoirí dlí faoi seach.

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí foirgneamh cigireachta réigiúnaí an EPA ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh, ar shuíomh a fuarthas don EPA. Tá an OPW ag próiseáil aistriú dlíthiúil an tsuímh chuig an EPA agus táthar á dhéanamh seo trí Oifig an Aturnae Stáit.

In 2012 rinne an EPA €1.465M (2011- €1.4M) a chaipitliú i leith an chostais sheachtraigh a bhain le bogearraí a fhorbairt chun úsáide inmheánaí. Tá sé seo ag teacht lenár mBeartas nua Cuntasaíochta maidir le *Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach.*

19 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	2012 **€'000**	2011 **€'000**
Féichiúnaithe	977	794
Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta	347	110
	1,324	**904**

Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta:
Amhail an 31 Nollaig 2012 bhí réamhíocaíochtaí dar luach €346,773 (2011-€110,000) ar an iomlán déanta mar atá leagtha amach anseo thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a aistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Caipitil.

Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW)
Amhail an 31 Nollaig 2009 bhí réamhíocaíochtaí darbh fhiú €100,000 déanta leis an OPW i leith mionoibreacha caipitil sna Cigireachtaí Réigiúnacha. I 2012 dheimhnigh an OPW gur críochnaíodh oibreacha darbh fhiú €84,154 agus aistríodh an tsuim seo chuig Sócmhainní Seasta. Íocadh €10,000 leis an OPW i 2011 - íocadh €4,716 den tsuim seo le roinnt soláthraithe i 2012 chun íoc as troscán agus aistríodh chuig Sócmhainní Seasta í.

Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta eile
D'íoc an EPA €100,000 i 2012 leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil mar ranníocaíocht tosaigh do na costais ceadúnais agus fhorfheidhmithe a bhaineann leis an bPríomhchóras Párolla agus Aoisliúntais AD. Nuair a bheidh an córas suiteáilte, aistreofar an íocaíocht seo chuig Sócmhainní Seasta.

Áirítear ann freisin suim de €225,643 a íocadh le roinnt soláthraithe as an obair tógála a rinne siad i gCigireacht Réigiúnach Chorcaí. Nuair a bheidh an obair críochnaithe, aistreofar an costas iomlán seo chuig Sócmhainní Seasta.
Tagann an t-airgead go léir ó fhéichiúnaithe chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin.

20 Airgead ar Láimh agus sa Bhanc.	**€'000**	**€'000**
Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc	**10,590**	**15,041**

Is ionann an t-ioncam ó Cheadúnú réamhíoctha (féach Nóta 3) agus €5.283M (2011- €5.827M) de na hiarmhéideanna sa Bhanc ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

21 Creidiúnaithe agus Fabhruithe	**€'000**	**€'000**
(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Táillí Ceadúnais (féach Nóta 3)	5,283	5,827
Fáltais Cheant an ETU (féach Nóta 2 (b))	2,987	4,251
Trádáil agus Speansais Eile	2,996	4,393
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	335	334
	11,601	**14,805**
Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas		
Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla	328	384
IMAT/ASPC/MSU	536	522
CBL	181	150
Cáin Chonarthaí Iomchuí	29	11
	1,074	**1,067**
(b) Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:		
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	**1,221**	**1,509**

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

22 Costais Phinsin

(a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsin gearrtha ar Chaiteachas	2012 **€'000**	2011 **€'000**
Costas Seirbhíse Reatha	3,443	3,329
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	5,313	5,086
Ranníocaíochtaí Fostaithe Faighte	(938)	(929)
	7,818	**7,486**

(b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais	**€'000**	**€'000**
Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	104,309	94,603
Costas Seirbhíse Reatha	3,443	3,329
Costais Úis	5,313	5,086
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	12,983	3,409
Pinsin a íocadh sa bhliain	(3,200)	(2,118)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	**122,848**	**104,309**

(c) Maoiniú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an EPA gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an EPA nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais:

	€'000	**€'000**
Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha	8,756	8,415
Deontas Stáit ar baineadh leas astu chun pinsinéirí a íoc	(3,200)	(2,118)
	5,556	**6,297**

Ba í an tsócmhainn maoinithe iarchurtha i gcomhair pinsean amhail an 31 Nollaig 2012 ná €6122.848M (2011 6104.309M).

(d) Stair na n-oibleagáidí sochar sainithe

	2012	**2011**	**2010**	**2009**	**2008**
	€ M	**€ M**	**€ M**	**€ M**	**€ M**
Oibleagáidí sochar sainithe	123	104	95	91	95
Gnóthachain / (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime:					
Méid (€ '000)	-0.1	1	10	6	(5)
Céatadán na nDliteanas Scéime	-0.1%	1.0%	11.0%	6.9%	5.2%

Is €66.023M san iomlán an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na

gCaillteanas Aitheanta. **(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna**

Is socruithe pinsin bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna sochar sainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do "samhail" rialacháin scéime na hearnála poiblí i láthair na huaire. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é an Gnáthaois Scoir nuair a shroicheann an ball seasca cúig bliain d'aois, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor ó aois 60 bliain gan laghdú achtúireach ar bith. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill an Bhoird (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí.

Tá baill an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. Glactar leis go dtiocfaidh méadú ar phinsin á n-íoc (agus iarchurtha) ag teacht le boilsciú tuarastail tríd is tríd.

Tá an luacháil a úsáidtear do FRS 17 (Athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 15 Márta 2012 ag glacadh ceanglas an FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2012.

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha	2012	2011
Ráta méadaithe tuarastal	3.00%	3.50%
Ráta méadaithe maidir le híocaíocht pinsean	2.50%	3.25%
Ráta lascaine	3.75%	5.00%
Ráta boilscithe	2.00%	2.00%

Tugann an bunús mortlaíochta atá glactha cead go sainráite feabhsúcháin a dhéanamh in ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir (65 bliain d'aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag baill a bhainfidh 65 bliain d'aois amach i 2012 agus 2032.

An bhliain ina slánóidh an duine 65 bliain d'aois	2012	2032
Ionchas saoil - fir	87.3	89.9
Ionchas saoil - mná	88.7	90.9

23 Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

I rith 2011, bhí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun tosaigh i gcomhordú na práinnfhreagartha maidir leis an tine a

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

tharla i láithreán líonadh talún faoi thalamh ag Baile Chairdif, an Nás agus ghlac sí ceannas ar bhainistíocht an láithreáin ina dhiaidh sin. Bhain costas de €2,181,884 (2011- €4,095,979) san iomlán leis an obair seo i 2012 agus tá an costas seo le brath faoi na ceannteidil chostais seo a leanas sna ráitis airgeadais seo:

	2012	2011
	€'000	**€'000**
Nóta 8 Costais Saotharlainne agus Allamuigh - Oibríochtaí Láithreáin (lena n-áirítear an tine a mhúchadh), Diúscairt Dramhaíola, srl.	912	2,129
Nóta 9 Costais Chóiríochta - Costais Slándála an láithreáin den chuid is mó.	598	641
Nóta 10 Costais Riaracháin eile - Cumarsáid, Sláinte agus Sábháilteacht agus Costais Árachais den chuid is mó.	134	103
Nóta 11 Costais Chomhairleachta - Comhairleacht maidir le comhrac tine agus obair gheoifisiceach agus dheartha réitigh den chuid is mó.	0	304
Nóta 12 Costais Chonraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha - Pearsanra d'obair chomhraic tine srl. den	502	195
Nóta 18 Caiteachas Caipitil - Trealamh bainistithe soghluaiste um ghás líonadh talún agus oifigí láithreáin den chuid is	17	709
Nóta 7 Speansais Taistil - Costais Taistil agus Chothaithe fhoireann an EPA.	19	14
Costais Iomlána a Tabhaíodh	**2,182**	**4,095**

Tá bainistíocht á déanamh go fóill ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar láithreán Bhaile Chairdif i 2013. Tá an EPA ag tabhairt faoi imeachtaí dlí maidir leis seo agus tá sí ag iarraidh na costais feabhsúcháin a aisghabháil.

24 Leasanna Bhaill an Bhoird

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an EPA de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Lean an EPA na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

25 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais ar 8ú Lúnasa 2013.

Environmental Protection Agency

The Environmental Protection Agency (EPA) is a statutory body responsible for protecting the environment in Ireland. We regulate and police activities that might otherwise cause pollution. We ensure there is solid information on environmental trends so that necessary actions are taken. Our priorities are protecting the Irish environment and ensuring that development is sustainable.

The EPA is an independent public body established in July 1993 under the Environmental Protection Agency Act, 1992. Its sponsor in Government is the Department of the Environment, Community and Local Government.

OUR RESPONSIBILITIES

LICENSING

We license the following to ensure that their emissions do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (e.g., landfills, incinerators, waste transfer stations);
- large scale industrial activities (e.g., pharmaceutical manufacturing, cement manufacturing, power plants);
- intensive agriculture;
- the contained use and controlled release of genetically modified organisms (GMOs);
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges;
- dumping at sea.

NATIONAL ENVIRONMENTAL ENFORCEMENT

- Conducting over 1200 audits and inspections of EPA licensed facilities every year.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities in the areas of - air, noise, waste, waste water and water quality.
- Working with local authorities and the Gardaí to stamp out illegal waste activity by coordinating a national enforcement network, targeting offenders, conducting investigations and overseeing remediation.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment as a result of their actions.

MONITORING, ANALYSING AND REPORTING ON THE ENVIRONMENT

- Monitoring air quality and the quality of rivers, lakes, tidal waters and ground waters; measuring water levels and river flows.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government.

REGULATING IRELAND'S GREENHOUSE GAS EMISSIONS

- Quantifying Ireland's emissions of greenhouse gases in the context of our Kyoto commitments.
- Implementing the Emissions Trading Directive, involving over 100 companies that are major generators of carbon dioxide in Ireland.

ENVIRONMENTAL RESEARCH AND DEVELOPMENT

- Coordinating research on environmental issues (including air and water quality, climate change, biodiversity, environmental technologies).

STRATEGIC ENVIRONMENTAL ASSESSMENT

- Assessing the impact of plans and programmes on the Irish environment (such as waste management and development plans).

ENVIRONMENTAL PLANNING, EDUCATION AND GUIDANCE

- Providing guidance to the public and to industry on various environmental topics (including licence applications, waste prevention and environmental regulations).
- Generating greater environmental awareness (through environmental television programmes and primary and secondary schools' resource packs).

PROACTIVE WASTE MANAGEMENT

- Promoting waste prevention and minimisation projects through the co-ordination of the National Waste Prevention Programme, including input into the implementation of Producer Responsibility Initiatives.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE) and Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

MANAGEMENT AND STRUCTURE OF THE EPA

The organisation is managed by a full-time Board, consisting of a Director General and four Directors.
The work of the EPA is carried out across four offices:

- Office of Climate, Licensing, Research and Resource Use
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Environmental Assessment
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet several times a year to discuss issues of concern and offer advice to the Board.

Ceanncheathrú

Bosca Oifig Phoist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T +353 53 916 0600
F +353 53 916 0699
R info@epa.ie
Íosghlao 1890 335 599

www.epa.ie

Oifigí Réigiúnacha

An Lárionad Cathrach
Sráid na hEaglaise, Baile Átha Luain
Contae na hIarmhí, Éire
T +353 906 475722

Seomra 3, Ionad Comhdhála an Ráithín, Teach an Phiarsaigh, Bóthar an Phiarsaigh
Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach, Éire
T +353 61 224764

Cigireacht Réigiúnach
Teach McCumiskey
Richview, Bóthar Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T +353 1 268 0100
F +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach
Inis Cara, Contae Chorcaí
Éire

T +353 21 487 5540
F +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach
Lóiste Sevilla, Bóthar Challainn
Cill Chainnigh, Éire

T +353 56 779 6700
F +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach
Bóthar Sheáin de Móra, Caisleán an Bharraigh
Contae Mhaigh Eo, Éire

T +353 94 904 8400
F +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach
An Gleann, Muineachán, Éire

T +353 47 77600
F +353 47 84987

ISBN: 978-1-84095-509-5